

www.sinnfein.ie



Sinn Féin Ard Fheis 2013

**Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo
Castlebar, County Mayo**

POBLACHT NUA

Níos Láidre Le Chéile

A NEW REPUBLIC

Stronger Together



Clár Oibre Poblacánaighe

Dearbhuighimid, i mbriathraibh for-fhógra Saorstáit Éireann go bhfuil sé de cheart ag muintir na hÉireann sealbh na hÉireann do bheith aca agus cinneamhain an náisiúin do bheith fé n-a riar, agus nách féidir an ceart san do bhaint díobh; agus fébh mar dubhairt ár gceud Uachtarán Pádraig Mac Piarais, dearbhuighimid gur ceart go mbeadh, ní amháin fir agus mná na hÉireann, acht adhbhar maoin na hÉireann fé riaradh an náisiúin, idir talamh agus gustal na hÉireann, gach sadhas maoin agus gach gléas chun maoin do sholáthair dá bhfuil san tír; agus athfhógraimid an rud d'fhógair an Piarasach gur dual go mbeadh tosach ag ceart an phobuil chun leasa an phobuil ar cheart an duine chun seilbhe fé leith.

Dearbhuighimid gur mian linn an ceart, an tsaoirse agus cothrom do chách a bheith mar bhuntacaí riaghlughadh na tíre, agus ná fuil d'urradhas le buanughadh Riaghaltais ná saorthoilughadh na ndaoine chuige ach é.

Dearbhuighimid go bhfuil sé de dhualgas ar gach fear agus gach mnaoi bheith umhal, díleas, freagarthach agus freastalach don Phobalacht; agus go bhfuil sé de dhualgas ar an náisiún feuchaint chuige go mbeidh caoi ag gach duine san tír ar a chear agus a acfuinn féin do chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas an phobuil. Mar chúiteamh ar fhreagra is freastal na ndaoine, dearbhuighimid i n-ainm an tSaorstáit, gur dual do gach duine a cion féin de thoradh saothair an náisiúin a bheith aige.

Isé an príomhchúram a bheidh ar Riaghaltais an tSaorstáit ná gleusa soláthar chun leas corpordha, leas spioradálta agus leas inntleachta na leanbhaí do chur i n-áirithe dhóibh; feuchaint chuige ná béidh an t-ocras ná an fuacht ag goilleamhaint ar éin leanbh de cheal bídh, eudaigh ná dín tigh; acht go bhfaghaidh siad gach cóir agus gleus is gádh dhóibh chun teagaisc agus taitheige ceart do thabhairt dóibh i gcóir na hoibre a bheidh le deunamh aca mar chomhaltaí den tSaorstát Gaedhealach.

Is follus do Shaorstát Éireann nach foláir an dlígh gránna iasachta a bhainnean le Tighthe na mBocht i nÉirinn agus gach a ngabhann leis de chéimsíos is de náire, do chur ar ceal, agus plean éifeachtach éigin do cheapadh a bheidh oireamhnach don tír chun aire cheart do thabhairt do sheandaoineibh agus do lagaibh an náisiúin, daoine a thuilleann freastal agus buidheachas ón náisiún i n-ionad tarcuisne agus neamhshuime. Na theannta son, beidh sé de chúram ar an Saorstát gach gleus is áis dár ghádh a chur i bhfeidhm chun sláinte an phobuil agus leas corpordha an náisiúin, agus leas anama an náisiúin dá bharr do chur i n-áirithe dhóibh.

Beidh sé de dhualgas orainn cabhrughadh le meudughadh gustail an náisiúin, an talamh a dheunamh níos torthamhla agus níos iontsaothruighthe; mianach na hÉireann, a portaigh mhóna, a cuid iascaigh, a bealaigh uisce, agus a cuanta do chur chun críche i ceart chun tairbhe muintire na hÉireann.

Beidh sé de dhualgas ar an Saorstát gach níd is gádh do dheunamh chun ár ndéantúsa d'aithbheóchaint is do neartughadh agus feuchaint chuige go saothróchfar iad do réir "comhar oibre" ar an gcuma is fearr 's is oireamhnaighe 's is mó raghaidh i dtairbhe do chách. Cuirfar feadhannaigh ó Éirinn go tíortha thar lear d'fhonn ceannuidheacht agus tráchtáil do chur chun cinn idir Éire agus na tíortha úd, a raghaidh i leas don tír seo agus dosna tíortha eile. Nuair a thabharfaidh an Saorstát fé thráchtáil an náisiúin, idir díoluidheacht agus ceannuidheacht, do riarad, beidh sé de dhualgas ar an Saorstát gan biadh ná earraí eile go bhfuil gádh leo do leigint thar lear ó Éirinn go mbiedeh a leórdhóthain facta ag muintir na hÉireann, agus a sáith i dtaisce aca i gcóir an ama le teacht.

Beidh sé de chúram ar Riaghaltais an Náisiúin, leis, a iarraidh ar Riaghaltaisí tíortha eile cabhrughadh agus comhoibriughadh ar chomh-chéim leo chun dlíghthe i dtaobh gnáthshaoghail agus gnáth-oibre an phobuil do cheapadh a chuirfidh feabhas mór ar an gcóirughadh saoghail is saothair a bhíonn le fágáil ag lucht oibre.

Sinn Féin Ard Fheis 2013

Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo | Castlebar, County Mayo

An Aoine 12 Aibreán | Friday 12 April
An Satharn 13 Aibreán | Saturday 13 April

SANAS DON ARD FHEIS (GLOSSARY OF TERMS)

An féidir le teachtaí dul isteach sa halla anois chun ullmhú vótáil ar na rúin...

Can delegates please enter the hall and prepare to vote on motions.....

An féidir leis na háiritheoirí cinntiú go bhfuil siad san áit ceart don vóta

Can tellers ensure that they are in position for the vote.

I bhfábhar / those in favour.

In aghaidh / those against

Tá sé glactha / the motion is passed

Tá sé cailte / the motion is lost

An féidir le daoine a gcartaí a chur in airde? /

Could delegates indicate clearly with their cards?

Rúin Éigeandála/ Addenda / Aguisíní

(Emergency Motions/Addenda/Amendments)

Áiritheoirí (Tellers)

An bhfuil moltóir agam don liosta? / Is there a proposer for the list?

An bhfuil cuiditheoir agam? / Is there a seconder?

Orduithe Seasta (Standing Orders)

Spreagaitheasc (Keynote Address)

Aoichainteoirí (guest speakers)

Áistarraingíodh na rúin.... / Motions are withdrawn

Anois beidh aoichainteoir idirnáisúnta /
We will now have an international speaker

Tá an Ard Fheis chun tosnú, tá mé ag glaach ar teachtaí, baill Ard Chomhairle agus cuairteoirí suíocháin a ghlacadh san halla.

The Ard Fheis is about to start, can I call on delegates, Ard Chomhairle members and visitors to come into the main hall, so that the debate can begin on time.

Tá mé ag iarraidh anois ar teachtaí a bhfuil sé de rún acú labhairt sa roinn seo den Ard Fheis chun scuaine a dhéanamh ar thaobh an phóidiam anseo.

I am now calling for speakers. Could delegates who wish to address this section of the Ard Fheis please form a queue near the podium.

Tá córas aistriúcháin comhuaineach ar fáil do dhuine ar bith atá ag iarraidh éisteacht leis an mhéid atá á rá as Gaeilge. Feicfidh sibh na cluaisíní ansin ar an taobh

Simultaneous translation will be done of speeches in Irish. Headphones are available at the side of the hall for those who have difficulty understanding our national language.

Tá an díospóireacht oscailte. Ba mhaith liom ciúnas sa halla.

The debate is now open, quiet in the hall please.

An féidir leis an Choiste Stiúrtha an teachta deireanach a ainmniú agus an féidir le daoine bheith comair.

Could the Steering Committee identify the last speaker in this section and could speakers please be brief.

Sin deireadh leis an roinn seo den Ard Fheis ar

That completes the section of the Ard Fheis.

Beidh an céad roinn eile ar

The next section deals with motions on



POBLAChT NA hÉIREANN RIALTAS SEALADACH PHOBLAChT NA hÉIREANN DO MHUINTIR NA hÉIREANN

A FHEARA AGUS A MHNÁ NA hÉIREANN : In ainm Dé agus in ainm na nglúin a chuaigh romhainn agus óna bhfuair sí seanoideas na náisiúntachta, tá Éire, trinne, ag gairm a clainne faoina bratach agus ag bualadh buille ar son a saoirse.

Tar éis di a fir a eagrú agus a oikúint ina heagraíocht rúnda réabhlóideach, Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus ina heagraíochtaí míleata poiblí, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, agus tar éis di a riailbhéas a thabhairt go foighneach chun foirfeachta agus feitheamh go buanseasmhach leis an bhfaill chun gnímh, tá sí ag glacadh na faille sin anois, agus, le cabhair óna clainn ar deoraíocht i Meiriceá agus ó chomh-ghuailithe calma san Eoraip, ach, thar gach ní, le muinín as a neart dilis féin, tá sí ag bualadh buille i ndóchas iomlán go mbéarfaidh sí bua.

Dearbhaimid gur ceart ceannasach dochlóite ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann, agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan chosé gan cheataí. Níor cuireadh an ceart sin ar ceal leis an bhforghabháil a rinne pobal eachtrannach agus a rialtas air le cian d'aimsir ná ní féidir go brách a chur ar ceal ach trí dhíoltú mhuintir na hÉireann. Níl aon ghlúin dá dtáinig nár dhearbhaigh pobal na hÉireann a gceart chun saoirse agus ceannas a náisiúin; sé huairé le trí chéad bliain anuas dhearbhaíodar faoi airm é. Ag seasamh dúinn ar an gceart bunaidh sin agus á dhearbhu arís faoi airm os comhair an tsaol, fógraímid leis seo Poblacht na hÉireann ina Stát Ceannasach Neamhspleách agus cuirimid ár n-anam féin agus anam ár gcomrádaíthe comhraic i ngeall lena saoirse agus lena leas, agus lena móradh i measc na náisiún.

Dlíonn Poblacht na hÉireann, agus dílioni sí leis seo, géillsine ó mhuintir uile na hÉireann, idir fhir agus mhná. Ráthaíonn an phoblacht saoirse creidimh agus saoirse sibhialta, comhchearta agus comhdheiseanna, dá saorénaigh uile, agus dearbhaíonn sí gurb é a rún séan agus sonas a lorg don náisiún uile agus do gach roinn di, le comhchúram do chlainn uile an náisiúin, agus le neamhairt ar an easaontas a cothaíodh d'aoníosc eatarthu ag rialtas eachtrannach agus léir deighléadh mionlucht ón tromlach san am atá imithe.

Go dtí go dtabharfaidh feidhm ár n-arm an t-ionú dúinn Buan-Rialtas Náisiúnta a bhunú ó theachtaí do phobal uile na hÉireann arna dtoghadh le vótaí a cuid fear agus ban, déanfaidh an Rialtas Sealadach, a bhunaítear leis seo, cúrsaí sibhialta agus míleata na Poblachta a riaradh thar ceann an phobail.

Cuirimid cúis Phoblacht na hÉireann faoi choimirce Dhia Mór na nUile-chumhacht agus impimid A bheannacht ar ár n-airm; iarraímid gan aon duine a bheas ag fónamh sa chúis sin do tharraingt easonóra uirthi le mílaochas, le mídhaonnacht ná le slad. San uair oirbheartach seo is é dualgas náisiún na hÉireann a chruthú, lena misneach agus lena dea-iompar agus le toil a clainne á dtóirbhirt féin ar son na maítheasa poiblí, go dtuilleann sí an réim ró-úsail is dán di.

Arna shíniú thar ceann an Rialtais Sealadaigh,

TOMÁS Ó CLÉIRIGH SEÁN MAC DIARMADA
TOMÁS MAC DONNCHADHA PÁDRAIC MAC PIARAIS
ÉAMONN CEANNT SEÁMUS Ó CONGHAILE IÓSEPH Ó PLUINGCÉAD



POBLACHT NA hÉIREANN THE PROVISIONAL GOVERNMENT OF THE IRISH REPUBLIC TO THE PEOPLE OF IRELAND

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades in arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.

The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all of the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien Government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God. Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline, and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthy of the august destiny to which it is called.

Signed on behalf of the Provisional Government:

THOMAS J. CLARKE SEAN Mac DIARMADA
P. H. PEARSE JAMES CONNOLLY
THOMAS MacDONAGH EAMONN CEANNT JOSEPH PLUNKETT

Orduithe Seasta

1. Glacfar leis an Orduithe Seasta ag tosach na hArd Fheise.
2. Faomhóidh an Ard Fheis Coiste Stiúrtha agus ceapfar ceathrar áiritheoir ar a laghad ag tús gach Ard Fheis. Ní bheidh aon duine a ainmnítear le haghaidh thoghchán na noifigeach nó na hArd Chomhairle incheaptha ina áiritheoir.
3. Roimh an Ard Fheis beartóidh Cathaoirleach an Coiste Stiúrtha – I gcomhairle le Coiste na hArd-Fheise – cé mhéid ama a thabharfar do gach roinn. Glacfar leis an amchlár agus na Cathaoirligh don Ard Fheis seo ag tús na hArd Fheise.
4. Beartóidh an Coiste Stiúrtha cé mhéid ama a thabharfar do gach roinn den chlár, agus tabharfar príoracht do mholtóirí rún agus leasaithe i ngach roinn.
5. Le linn díospóireachtaí tabharfar tús áite do theachtaí atá ainmnithe agus creidiúnaithe mar is ceart. Is féidir leis an Choiste Stiúrtha, mas rogha leis é, cead cainte a thabhairt de bhaill den pháirtí atá creidiúnaithe mar is ceart ach nach bhfuil ina dteachtaí, sé sin muna bhfuil teachtaí ar bith ag fanacht le labhairt ag an am. Ar dhiscreíd an Coiste Stiúrtha ceadófar do chuireoirí labhairt atá creidiúnaithe ag an Ard Chomhairle leis an Ard Fheis i gcóir am ar leith. Agus teachtaí ag labhairt ní mór dóibh a n-ainmneacha a lua mar aon leis an aonad agus an ceantar a bhfuil siad ag déanamh ionadaíochta thar a gceann.
6. Nuair a mholtar an rún “go gcuirtear an cheist” ní bheidh de rogha ag an gcathaoirleach ach an rún a chur faoi bhráid na dteachtaí. Má ghlactar leis an rún, caithfidh an cathaoirleach, tar éis am cainte a cheadú do mholtóir agus do chuiditheoir rún nó leasaithe de réir fhorálacha Ordú Seasta 4, an rún nó

leasú a chur chun vóta.

7. Ní mór do rún éigeandála (sé sin rún a dhéanann tagairt d’imeachtaí nó cinniúintí a tharla i ndiaidh an spriocdáta do rún de réir Rial 12d de Bhunreacht agus Rialacha an Pháirtí) ní mór iad a thabhairt i bhfoirm scríofa do Choiste na hArd Fheise, san Ard Oifig, seacht lá ar a laghad roimh tús na hArd Fheise. Glacfar le rún éigeandála ar dhiscreíd an Choiste Stiúrtha.
8. Ní féidir rún nó leasaithe eigeandála eile – a dhéanann tagairt d’imeachtaí a tharlaíonn agus an Ard Fheis faoi lán seol seachas ar dhiscreíd an Choiste Stiúrtha agus ní mór na hOrdaithe Seasta a chur ar fhionraí chun an rún a cheadú ar Chlár na hArd Fheise.
9. Ceadófar ‘pointí oird’ ar dhiscreíd an chathaoirligh agus ní cheadófar níos mó ná 30 soicind dóibh.
10. Caithfear glacadh le rialú an chathaoirligh i gcónaí. Ní mór na Ordaithe Seasta a chur ar leataobh chun dushlán a thabhairt do rialú an Chathaoirligh agus vóta mímhúine a ghlacadh ann.
11. Ní mór rún scríofa ag iarraidh na hOrdaithe Seasta a chur ar leataobh a thabhairt don Choiste Stiúrtha ag míniú fáth an rúin sula gceadófar é. Sonrófar am áirithe don rún ar dhiscreíd an Choiste Stiúrtha. Ní mór móramh dhá dtrian de na teachtaí atá i láthair le hiad a chur i leataobh. Ní mór móramh dhá dtrian de na teachtaí atá i láthair leis na hOrdaithe Seasta a thabhairt isteach arís nuair atá an ábhar faoi chaibidil reitithe sula bhféadfaí an Ard Fheis leanúint ar aghaidh. Ní mór na hOrdaithe Seasta a chur ar leataobh ag tús na hArd Fheise ionas gur féidir rún, agus leasaithe eigeandála agus aguisíní don Chlár a cheadú de réir treoir an Choiste Stiúrtha.

Standing Orders

1. Standing Orders shall be adopted at the commencement of each Ard Fheis.
2. A Steering Committee and at least four tellers shall be approved by the Ard Fheis at the commencement of each Ard Fheis. Delegates or persons nominated for officership or membership of the Ard Chomhairle shall not be eligible to act as Tellers.
3. The length of time allocated to each section and therefore the timetable of the Ard Fheis will be determined in advance of the Ard Fheis by the Chairperson of the Steering Committee in consultation with the Ard Fheis Committee. The timetable and list of Chairperson (s) for Ard Fheis shall be adopted by the Ard Fheis at its commencement.
4. The Steering Committee will determine the length of time to be allocated to speakers prior to the beginning of each section of the Ard Fheis. The Steering Committee shall ensure that preference be given to the proposers of motions and amendments being taken in each section.
5. During debates priority will be given to properly nominated and accredited delegates. The Steering Committee may, at its discretion, allow for properly affiliated party members who are not delegates to speak provided there are no delegates waiting to speak at the time. The Steering Committee at its discretion may permit visitors accredited by the Ard Chomhairle to address the Ard Fheis for a specified time. Those addressing the Ard Fheis must when speaking give their names and the name of the body and area they are representing.
6. On the motion being moved "that the question be put" the Chairperson shall have no option but to put that motion to a vote of the delegates present. In the event of the motion being carried, the Chairperson, after allowing time as allocated by the Steering Committee under Standing Order 4 to the proposer of the motion or any amendment/addendum under discussion, shall have no option but to put the resolution or amendment to a vote.
7. Emergency Motions (i.e. resolutions referring to events or decisions which emerged after the deadline for submission of motions as per Rule 12d of the Constitution and Rules) must be handed in writing to the Ard Fheis Committee at Head Office not less than 7 days before the scheduled start of the Ard Fheis. Emergency resolutions shall be accepted at the discretion of the Steering Committee.
8. Other Emergency Motions or Emergency Amendments (resolutions referring to events which occur while the Ard Fheis is in session) may only be put to the Ard Fheis at the discretion of the Steering Committee and shall require the suspension of Standing Orders to allow the adoption of the resolution onto the Ard Fheis Clár.
9. 'Points of Order' will be allowed at the discretion of the Chairperson and shall be limited to 30 seconds.
10. The Ruling of the Chairperson must be accepted at all times. A challenge to the decision of the Chairperson requires the suspension of Standing Orders in order that a motion of no confidence in the Chair is taken.
11. A motion for the suspension of Standing Orders must be submitted in writing to the Steering Committee outlining the reason for such a motion before that motion can be put to the floor. The length of time given to the discussion of such a motion will be at the discretion of the Steering Committee. A vote to suspend Standing Orders requires a two-thirds majority of delegates present in the hall. Standing Orders must be reinstated again by two-thirds of the delegates present in the hall when the reason for the suspension has been dealt with before the Ard Fheis can proceed. Standing Orders must be suspended at the commencement of the Ard Fheis to allow the adoption onto the Ard Fheis Clár, Emergency Motions, Amendments and Addenda as indicated to the delegates by the Steering Committee.

Ámclár

»» AOINE 12Ú AIBREÁN 2013

17.00	Clárú
18.00	Óráid na hOscailte ón Chomhairleoir Thérèse Ruane
18.15	Leasú an Earnála Phoiblí agus Leasú Pholaitiúil RÚIN 1 – 16, LEATHANAIGH 8 - 15
19.00	Cáin Maoine, Cáin Rachmais agus Táillí Uisce RÚIN 17 – 20, LEATHANAIGH 16 - 19
19.30	Spreagaitheasc ó Martin McGuinness
19.40	Cainteoir ó Thír na mBascach
19.45	Éire Aontaithe agus Próiseas na Síochána RÚIN 21 – 32, LEATHANAIGH 20 - 27
20.30	Forbairt an Pháirtí, Bunreacht agus Rialacha RÚIN 33 – 56, LEATHANAIGH 28 - 37

»» SATHAIRN 26Ú AIBREÁN 2013

10.00	Comhshaol agus Córas Iompar RÚIN 57 – 74, LEATHANAIGH 38 - 43
11.00	Príomhóráidí á gcraoladh beo ar RTÉ
13.00	Lón
14.00	An Gheilleagar, Cruthú Post agus Cearta Oibrithe RÚIN 75 – 102, LEATHANAIGH 44 - 61
	Cainteoir Ceardchumann
15.15	Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Aíochainteoirí RÚIN 103 – 116, LEATHANAIGH 62 - 69
16.00	Tithíocht RÚIN 117 – 131, LEATHANAIGH 70 - 77
16.30	Ag Cosaint Tuath Éireann RÚIN 132 – 156, LEATHANAIGH 78 - 85
17.00	Tae
18.00	Ceartas, Póilíneacht agus Comhionannas RÚIN 157 – 177, LEATHANAIGH 86 - 93
18.45	Oideachas agus Sláinte RÚIN 178 – 236, LEATHANAIGH 94 - 115
19.45	Gaeilge agus Cultúr RÚIN 237 – 252, LEATHANAIGH 116 - 123
20.30	Oráid an Uachtaráin Gerry Adams TD
21.00	Deireadh na Ard Fheise

Time Table

»» FRIDAY 12th APRIL 2013

17.00	Registration
18.00	Opening Address from Councillor Thérèse Ruane
18.15	Public Sector Reform and Political Reform MOTIONS 1 – 16, PAGES 8 - 15
19.00	Property Tax, Wealth Tax and Water Charges MOTIONS 17 – 20, PAGES 16 - 19
19.30	Keynote address from Martin McGuinness
19.40	Speaker from the Basque Country
19.45	United Ireland and Peace Process MOTIONS 21 – 32, PAGES 20 - 27
20.30	Party Development, Constitution and Rules MOTIONS 33 – 56, PAGES 28 - 37

»» SATURDAY 13th APRIL 2013

10.00	Environment and Transport MOTIONS 57 – 74, PAGES 38 - 43
11.00	Keynote Addresses – Carried Live on RTÉ
13.00	Lunch
14.00	Economy, Job Creation and Workers' Rights MOTIONS 75 – 102, PAGES 44 - 61
	Trade Union speaker
15.15	International Affairs and Guest Speakers MOTIONS 103 – 116, PAGES 62 - 69
16.00	Housing MOTIONS 117 – 131, PAGES 70 - 77
16.30	Defending Rural Ireland MOTIONS 132 – 156, PAGES 78 - 85
17.00	Tea
18.00	Justice, Policing and Equality MOTIONS 157 – 177, PAGES 86 - 93
18.45	Education and Health MOTIONS 178 – 236, PAGES 94 - 115
19.45	Gaeilge agus Cultúr MOTIONS 237 – 252, PAGES 116 - 123
20.30	Presidential Address by Gerry Adams TD
21.00	Close of Ard Fheis

Athchóiriú na hEarnála Poiblí agus Athchóiriú Polaitiúil

1. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Aithníonn sí an ról tábhachtach atá ag an earnáil phoiblí agus ag a cuid oibrithe inár sochaí agus tá meas aici ar an ról sin;
- Aithníonn sí an rannchuidiú suntasach atá déanta ag oibrithe san earnáil phoiblí le linn na géarchéime eacnamaíche agus fiosaí atá ann faoi láthair;
- Tugann sí dá haire go raibh fostaíocht san earnáil phoiblí, mar sciar den lucht saothair, beagán faoi bhun mheánfhiúir na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) i 2008;
- Diúltaíonn sí do na hionsaithe leanúnacha atá á ndéanamh ag Páirtí an Lucht Oibre agus ag Fine Gael ar sheirbhísí túslíne tríd an lánchosc earcaíochta agus tríd an laghdú de 28,000 duine ar líon na n-oibrithe san earnáil phoiblí agus trí na 10,000 post eile a ghearrfar faoin mbliain 2014;
- Diúltaíonn sí arís do dhiúltú an Rialtais do dhul i ngleic leis an éagothroime shuntasach phá atá ann ar fud na hearnála poiblí;
- Tacaíonn sí le fíor-athchóiriú ar fud na hearnála poiblí, rud a sheachadfaidh seirbhís atá nua-aimseartha, cuntasach agus éifeachtúil;
- Cuireann sí i gcoinne na bpost “ar phá íseal” a cruthaíodh do chéimithe nua sna hearnálacha altranaís agus teagaisc.

Ard-Chomhairle

**Cumann Uí Maoilmhiadhaigh/Mhic Cathmhaoil, Cathair na Gaillimhe
Cumann Uí Ghlasáin, Loch Garman**

2. Cuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh bhunú an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil agus molann sí an iarracht atá déanta ag an bpainéal saoránach atá comhdhéanta de 66 ball, rannpháirtíocht na dtoscairí ón tuaisceart ónár bpáirtí, rannpháirtíocht Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (SDLP), rannpháirtíocht Pháirtí an Chomhaontais agus rannpháirtíocht an Comhaontaithe Ghlais agus rannpháirtíocht agus rannchuidiú saoránach aonair sa dá chuid d'Éirinn agus i nDiaspóra na hÉireann, chomh maith le rannpháirtíocht agus le rannchuidiú shochaí sibhialta na hÉireann agus saineolaithe acadúla a bhíonn ag obair ar bhonn pro bono.

Mar sin féin, tugann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas dá haire:

- An gá atá le bunreacht atá go hiomlán nua le haghaidh Éire aontaithe tar éis vóta reifrinn i bhfabhar aontaithe
- An gá atá le hathchóiriú bunreachtúil cuimsitheach idir an dá linn agus, dá bhrí sin, an gá atá le raon feidhme an Choinbhinsiúin a leathnú, chomh maith leis an acmhainn le hé sin a dhéanamh faoi théarmaí a shainordaithe atá ann cheana féin.

Féachann an Ard-Fheis leis na nithe seo a leanas a shaothrú:

- Leathnú na gceart vótála agus ionadaíochta do shaoránaigh na hÉireann, beag beann ar áit chónaithe;
- Bille na gCeart atá cuimsitheach agus a chuimsíonn gach ceann de na cosaintí nua-aimseartha do chomhionannas agus do chearta an duine a léiríonn raon iomlán ar n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus aon oibleagáidí ar bith eile atá ag teastáil chun sochaí atá bunaithe ar chearta a bhunú, agus a fhorálann do chearta sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha, agus do chearta sibhialta agus polaitiúla a fhéadfaidh cúirt dlí a chinneadh;
- Creat bunreachtúil le haghaidh athnuachan dhaonlathach, rud a chinnteoidh cuimsitheacht, ionadaíochas agus cuntasacht níos mó;

Féachann an Ard-Fheis leis na nithe seo a leanas freisin:

- Gach saoránach na hÉireann, agus gach poblachtach go háirithe, a spreagadh chun a gcuid tuairimí i leith athrú bunreachtúil a chur in iúl trí aighneacht a dhéanamh chuig www.constitution.ie;
- Páirtithe aontachtacha a spreagadh chun na háiteanna is dleacht dóibh ar an gCoinbhinsiún a ghlacadh, agus aontachtaithe aonair agus eagraíochtaí sochaí sibhialta a spreagadh chun a gcuid tuairimí a chur in iúl.

Public Sector and Political Reform

1. This Ard Fheis:

- Acknowledges and values the important role of the public sector and its workers in our society;
- Recognises the significant contribution public sector workers have made during the current economic and fiscal crisis;
- Notes public sector employment as a share of the 26-County labour force was just under the OECD average in 2008;
- Rejects Labour's and Fine Gael's ongoing attacks on frontline services through the recruitment embargo and the reduction of public sector workers by 28,000 since 2010 and a further 10,000 jobs to be cut by 2014;
- Further rejects the Irish Government's refusal to tackle the significant pay inequity that exists across the public sector;
- Supports genuine reform across the public sector that delivers a modern, accountable and efficient service;
- Opposes the "yellow pack" jobs created for new graduates in the nursing and teaching sectors.

***Ard Chomhairle
Mulvoy/Campbell Cumann, Galway City
Gleeson Cumann, Wexford***

2. This Ard Fheis welcomes the establishment of the Constitutional Convention and commends the commitment made by the 66-member citizen panel, the participation of Northern delegates from our party, the SDLP, Alliance Party and Green Party and the engagement and contributions by individual citizens resident in both parts of Ireland and in the Irish Diaspora, as well as by Irish civil society and academic experts working pro bono.

However this Ard Fheis notes:

- The necessity of a completely new constitution for a united Ireland following a referendum vote in favour of unification
- The need for comprehensive constitutional reform in the meantime (and thus the need to broaden the Convention's scope) as well as the potential to do so under the terms of its existing mandate.

This Ard Fheis resolves to pursue:

- The extension of voting and representation rights to Irish citizens regardless of place of residence;
- A comprehensive Bill of Rights containing all the modern equality and human rights protections that reflect the full spectrum of our international obligations, and any others that are necessary to establish a rights-based society, and which in particular provides for justiciable social, economic and cultural rights as well as civil and political rights;
- A Constitutional framework for democratic renewal, ensuring greater inclusiveness, representativeness and accountability.

This Ard Fheis further resolves:

- To encourage all Irish citizens, and especially all republicans, to make their views on Constitutional change known by making a submission to www.constitution.ie
- To encourage the unionist parties to take up their rightful places at the Convention, and unionist individuals and civil society organisations to make their views known.

- Go mbeidh an próiseas um athrú bunreachtúil a thionscnóidh rialtas faoi cheannas Shinn Féin le haghaidh Poblacht Nua go hiomlán cuimsitheach, rannpháirteach go forleathan agus go mbeidh an raon feidhme is leithne agus is féidir ag sainordú an phróisis sin

Ard-Chomhairle

3. Iarrann an Ard-Fheis seo go dtabharfar reachtaíocht isteach a ligfidh do Dhiaspóra na hÉireann vóta a chaitheamh in aon vótaíocht teorann.

Comhairle Ceantair Thír Eoghain Thoir agus Theas

4. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an rialtas, mar chuid den Tóstal, dul i dteagmháil láithreach agus go réamhghníomhach le Diaspóra na hÉireann agus le gach saoránach a chónaíonn lasmuigh den Stát. Agus aird á tabhairt air sin, iarraimid ar an rialtas foráil a dhéanamh do chearta vótála i dtoghcháin uachtaránachta a leathnú do gach saoránach na hÉireann, beag beann ar áit chónaithe.

***Cumann Mhic Fhlannchaidh/Uí Cheallacháin, Cathair Luimnigh
Cumann Frank Stagg, Co. Mhaigh Eo***

5. Tacaíonn an Ard-Fheis seo leis an gceart atá ag daoine óga ó thuaidh agus ó dheas vóta a chaitheamh agus iad 16 bliana d'aois agus iarrann sí go dtabharfar reachtaíocht ar aghaidh chun ligean dó sin.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

6. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Aithníonn sí an rannchuidiú a dhéanann mná sa pholaitíocht ar fud an oileáin;
- Admhaíonn sí nach bhfuil dóthain ionadaíochta ag mná sa saol poiblí;
- Geallann sí go n-oibreoidh sí ag gach leibhéal laistigh den pháirtí chun mná a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochas polaitiúil, dul i mbun post laistigh den pháirtí agus toghadh a lorg.
- Aithníonn sí an reachtaíocht a ritheadh sa deisceart le déanaí lena nasctar maoiniú polaitiúil le cuótaí inscne i dtoghcháin Dála
- Tacaíonn sí le leagan síos spriocanna sa reachtaíocht ó thuaidh agus ó dheas, a chinnteoidh go seasfaidh mná do 30% ar a laghad d'iarrthóirí in aon toghchán, lena n-áirítear toghcháin áitiúla, toghcháin pharlaiminte agus toghcháin an AE.

***Ard-Chomhairle
Cumann Mhic Cába/Uí Choigligh, Baile Átha Cliath
Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar***

7. Teastaíonn athchóiriú radacach ón rialtas áitiúil sna 26 Contae. Ní mór cumhacht uasta a chineadh ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla. Tá Sinn Féin tiomanta dona chinntiú go dtarlóidh an cineadh sin.

Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas;

- Ba mhian léi rialtas áitiúil láidir a fheiceáil, a mbeadh fíorchumhacht agus fíorchumhachtaí cinnteoireachta aige agus a mhaoinítear go leordhóthanach trí rátaí forchéimnitheacha cánachais agus tráchtála.
- Éilíonn sí go ndéanfaidh rialtas na hÉireann cumhachtaí agus feidhmeanna, lena n-áirítear pleanáil, oideachas, bainistíocht dramaíola, comhshaol, tithíocht, seirbhísí uisce, turasóireacht, forbairt áitiúil eacnamaíoch, pleanáil agus bóithre, a chineadh ó ranna rialtais chuig údaráis áitiúla agus chuig comhairlí ceantair.
- Éilíonn sí gur cheart cothromaíocht na cumhachta a aistriú ó Bhainisteoirí Cathrach agus Contae chuig comhairleoirí tofa.
- Éilíonn sí go n-éireoidh Bainisteoirí Cathrach agus Contae ina bPríomhfheidhmeannaigh, a bheidh freagrach do chomhairleoirí.
- Cuireann sí i gcoinne phlean an rialtais chun líon na gcomhairleoirí a laghdú go dtí 950 duine
- Ba mhian léi líon iomlán de 1165 comhairleoir a bheith ann sna 26 contae.

- That the Constitutional change process a Sinn Féin-led government initiates for 'A New Republic' will be fully inclusive, extensively participatory and will have a mandate of the broadest possible scope

Ard Chomhairle

3. This Ard Fheis calls on the Irish Government to make provision to allow the Irish Diaspora to vote in any border poll.

East and South Tyrone Comhairle Ceantair

4. This Ard Fheis calls on the Irish Government, as part of The Gathering, to immediately and proactively engage with the Irish Diaspora and all citizens residing outside of the state. With this in mind, we call on the Government to make provision for voting rights in presidential elections for all Irish citizens, regardless of place of residence.

***Clancy/O'Callaghan Cumann, Limerick City
Frank Stagg Cumann, Co. Mayo***

5. This Ard Fheis supports the right for young people North and South to vote at 16 years old and calls for legislation to be brought forward to allow this to happen.

West Belfast Comhairle Ceantair

6. This Ard Fheis:

- Recognises the contribution women make to politics across the island;
- Acknowledges women are not adequately represented in public life;
- Commits to working at every level within the party to encourage women to participate in political activism, take up positions within the party and in seeking election;
- Recognises the recent passage of legislation in the South linking party political funding to gender quotas for Dáil elections;
- Supports the setting of targets in legislation North and South which will ensure at least 30% of any election candidates are women including local, parliamentary and EU elections.

Ard Chomhairle

***McCabe/Quigley Cumann, Dublin
West Belfast Comhairle Ceantair***

7. Local government in the 26 Counties is in need of radical reform. Maximum power must be devolved from central government to local authorities. Sinn Féin is committed to ensuring this devolution takes place.

This Ard Fheis:

- Wants to see strong local government with real power, real decision-making powers which are adequately funded through progressive taxation and commercial rates;
- Demands that the Irish Government devolve powers & functions, including planning, education, waste management, environment, housing, water services, tourism, local economic development, planning and roads from government departments to local authorities and district councils;
- Demands the balance of power must be shifted from City and County Managers to elected councillors;
- Demands City and County Managers become CEOs, accountable to councillors;
- Opposes the Fine Gael/Labour Government's plan to reduce the number of councillors to 950;
- Wants a total number of 1,165 councillors in the 26 Counties;

- Tacaíonn sí le Comhairlí Cathrach, le Comhairlí Contae agus le Comhairlí Ceantair Áitiúil atá láidir agus a bhfuil cumhachtaí cineachta acu, agus atá cuntasach ó thaobh cúrsaí daonlathacha de agus a sheachadann seirbhísí áitiúla ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costais de. Tacaímid le sainordú aonair do chomhairleoirí.
- Tacaíonn sí le comhairlí ceantair a chuimsíonn an chúlchríoch ábhartha agus le cumhachtaí a chineadh chuig na Comhairlí Ceantair sin i gcomhréir le beartas Shinn Féin.
- Éilíonn sí gur cheart struchtúir reatha na gComhairlí Baile, na gComhairlí Buirge agus na gComhairlí Cathrach agus Contae a choimeád ar bun go dtí go dtiomnóidh an rialtas é féin d'athchóiriú cuí i gcomhréir lenár gcuid moltaí.
- Féachann sí le Cumann Rialtais Áitiúil Uile-Éireann atá láidir a chruthú.
- Féachann sí le ról na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla agus na hEarnála Pobail a neartú in aon athchóiriú a dhéanfar amach anseo ar an rialtas áitiúil.

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Cumann John Francis Green, Co. Mhuineacháin
Cumann Uí Néill/de Barra, Corcaigh
Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath
Cumann Shéamais Fhionntáin Uí Leathlobhair, Laois**

8. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo, ag formhuiniú go hiomlán na tuairime gur ceart daonlathach é daonlathas áitiúil, go dtacaíonn Sinn Féin le forbairt an rialtais áitiúil ar fud na 26 contae trí chumhachtaí agus trí dhualgais na gComhairlí Baile agus Contae a leathnú agus trí shainordú na gComhairlí Baile a shíneadh ionas go gcuimseoidh siad a gcúlchríocha nádúrtha. Leis seo, treoraíonn sí an Ard-Chomhairle atá ag teacht isteach agus ár n-ionadaithe tofa i gcomhairlí baile, i gcomhairlí contae, sa Dáil agus sa Seanad, fórcheannaireacht éifeachtach a thaispeáint in aghaidh phleananna Chomhrialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre chun deireadh a chur le gach comhairle baile, agus molann sí dóibh athchóiriú a dhéanamh ar an leibhéal rithábhachtach ionadaíochta áitiúla seo a mholadh.

Comhairle Ceantair Mhuineacháin

9. Iarrann an Ard-Fheis seo ar rialtas na hÉireann Coiste Cuntas an Rialtais Áitiúil, cosúil leis an gceann atá ann ag leibhéal an stáit, a bhunú. Is go hiomlán neamhleor atá an córas iniúchta atá ann faoi láthair ag leibhéal áitiúil. Níl coistí iniúchta den sórt sin saor ó chur isteach ag leasanna áirithe, a chuireann bac go minic ar imscrúdaithe a d'fhéadfadh a bheith léiritheach. Tá an córas seo faoi réir na dtionchar diúltach a imríonn leasanna páirtíneacha freisin. Tabharfar don chomhlacht nua lánchumhachtaí grinnscrúdaithe ar na comhlachtaí uile a idirghníomhaíonn le húdaráis áitiúla. Beidh sé comhdhéanta de bhaill a thagann ó gach cuid den speictream polaitiúil. Mar thoradh air sin, beidh córas go hiomlán trédhearcach againn a bhaineann le caitheamh airgid poiblí. Beidh gach duine a bhfuil sé de chumhacht acu airgead poiblí a chaitheamh faoi réir ghrinnscrúdú an chomhlachta seo. Beidh na conarthaí uile a bhronntar go poiblí, lena n-áirítear an próiseas soláthair, faoi réir grinnscrúdaithe. Trína leithéid de choiste maoirseachta agus imscrúdaithe a thabhairt isteach, creidimid nach mór cuntas a thabhairt do na cúirteanna maidir le haon iompar a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar an rialtas áitiúil.

Cumann Uí Néill/de Barra, Corcaigh

10. Tacaíonn an Ard-Fheis seo le bearta cuí cánach a thabhairt isteach chun pinsin iomarcacha a chúiteamh ó iarpholaitheoirí loicthe a bhí freagrach as an ngéarchéim eacnamaíoch. Chomh maith leis sin, ar mhaithe le comhionannas, tacaíonn an Ard-Fheis seo leis an tuairim nár cheart do pholaitheoirí a bheith incháilithe le haghaidh pinsean ach amháin nuair atá siad ar chomhaois leis an ngnáthshaoránach atá incháilithe le haghaidh pinsean stáit.

Tacaíonn an Ard-Fheis seo freisin le himscrúdú ar ghníomhartha polaitheoirí, rialtóirí, iniúchóirí agus daoine eile a d'fhéadfadh cur leis an tobchliseadh eacnamaíoch, d'fhonn imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh duine ar bith a bhris an dlí.

Cumann Chéitinn/Sands, Port Láirge

11. Geallann an Ard-Fheis seo go n-éileoidh sí go gcuirfear deireadh leis an díolúine ar rátaí údaráis áitiúil a chuirtear i bhfeidhm i gcás ionadaithe poiblí agus geallann sí go ngníomhóidh sí chun é sin a bhaint amach.

Cumann Terry Clarke, Baile Átha Cliath

- Supports strong city, county and local district councils with devolved powers that are democratically accountable and deliver local services in an efficient, cost-effective way. We support a single mandate for councillors;
- Supports district councils which incorporate the relevant hinterland with powers devolved to these district councils in line with Sinn Féin policy;
- Demands that the current structures of town councils, borough councils and city and county councils be retained until the Government commits itself to proper reform in line with our proposals;
- Seeks the creation of a strong all-Ireland, Local Government Association;
- Seeks to strengthen the role of local development companies and the community sector in any future reform of local government.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
John Francis Green, Co. Monaghan
O'Neill/De Barra Cumann, Corcaigh
James Connolly Cumann, Dublin
James Fintan Lalor Cumann, Laois***

8. This Ard Fheis, fully endorsing the view that local democracy is a democratic right, reaffirms Sinn Féin's support for the development of local government across the 26 Counties through the widening of the powers and responsibilities of town and county councils and the extension of the mandate of the former to include their natural hinterlands, hereby instructs the incoming Ard Chomhairle and our elected representatives in town, county, Dáil and Seanad roles to give real and effective leadership in opposition to the Fine Gael/Labour coalition's plans to abolish all town councils, advocating instead the need for reform of this essential tier of local representation.

Monaghan Comhairle Ceantair

9. This Ard Fheis calls on the Irish Government to establish a Local Government Accounts Committee, akin to that found at the state level. The current audit system found at local level is wholly inadequate. Such audit committees are not free from interference from certain interests, who often hinder any potentially revealing investigations. This system is also subject to the negative impacts of partisan concerns. The new body will be afforded full powers of scrutiny of all bodies which interact with local authorities. It will be made up of members from across the political spectrum. It will result in a fully transparent system of spending of public monies. All those conferred with the power of spending public monies shall be open to the scrutiny of this body. All publicly-awarded contracts, including the procurement process, shall be open to scrutiny. We believe that by introducing such a committee of oversight and investigation any potential for behaviour which may bring local government into disrepute shall be held to account before the courts.

O'Neill/De Barra Cumann, Corcaigh

10. This Ard Fheis supports the introduction of appropriate tax measures to recoup excessive pensions from failed former politicians responsible for the economic crisis. In the interests of equality, this Ard Fheis supports the view that politicians should only be eligible for pensions at the same age as any other citizen is eligible for their state pension.

This Ard Fheis also supports an investigation into the actions of politicians, regulators, auditors and any others who may have contributed to the economic crash with a view to taking criminal proceedings against anyone found to have broken the law.

Keating/Sands Cumann, Waterford

11. This Ard Fheis pledges a commitment to call for and act in the interest of having the exemption of local authority rates applied to public representatives abolished.

Terry Clarke Cumann, Dublin

12. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Oideachais sna 26 contae a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar fhoirmeacha clárúcháin vótála ag institiúidí dara leibhéal agus ag institiúidí tríú leibhéal ar mhaithe le saoránacht ghníomhach a chur chun cinn.

Cumann Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cathair Chorcaí

13. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo go gcuirimid i gcoinne tabhartais chorparáideacha do pháirtithe polaitíochta agus go n-éilimid go dtabharfar reachtaíocht isteach chun tabhartais den sórt sin a chosc.

Cumann Phádraig Uí Chanáin, Baile Átha Cliath

14. Iarrann an Ard-Fheis seo ar Airí Shinn Féin reachtaíocht nua a thabhairt ar aghaidh chun freastal ar riachtanais phobal bunaithe ar bheartas Shinn Féin agus ar idirghníomhaíocht ghníomhaithe Shinn Féin lena gcuid pobal.

Cumann Mhairtíorgh Oileán an Ghuail/Chluain Eo, Tír Eoghain

15. Iarrann an Ard-Fheis seo go ndéanfar an próiseas roghnúcháin i gceapachán comhaltaí chuig Údarás Craolacháin na hÉireann agus chuig Comhairle Preasa na hÉireann a athrú:

- D'fhonn go mbeidh sé neamhspleách ar an rialtas.
- D'fhonn go mbeidh comhaltas na mBord sin fíorionadaíoch don tsochaí ina hiomláine, in ionad a bheith ionadaíoch do scothaicme ghustalach amháin.
- D'fhonn go roghnófar comhaltaí ó réimse níos leithne, lena n-áirítear ainmnithigh ó ghrúpaí pobail agus iad siúd ó chúlraí eacnamaíocha níos leithne.

Cumann Phort Láirge Thiar

16. Iarrann an Ard-Fheis seo go ndéanfar an reachtaíocht a athrú d'fhonn fógraíocht pholaitiúil a cheadú ar Stáisiúin Raidió Áitiúil. Ag aithint go n-imríonn Stáisiúin Raidió Áitiúil ról luachmhar maidir le dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus le haonrú sóisialta, go háirithe faoi thuath na hÉireann, tá sé éagórach nach féidir leo dul san iomaíocht leis na meáin chlóite agus ar líne le haghaidh ioncam fógraíochta le linn toghchán.

Cumann Iorrais, Maigh Eo

12. This Ard Fheis calls on the Minister for Education in the 26 Counties to ensure easy access to voting registration forms at 2nd and 3rd level institutions in order to promote active citizenship.

Traolach MacSuibhne Cumann, Cork City

13. This Ard Fheis reiterates our opposition to corporate donations to political parties and our call for legislation to ban such donations.

Patrick Cannon Cumann, Dublin

14. This Ard Fheis calls on Sinn Féin ministers to bring forward new legislation to meet the needs of communities based on Sinn Féin policy and the interaction of Sinn Féin activists with their communities.

Coalisland/Clonoe Martyrs Cumann, Tyrone

15. This Ard Fheis calls for a change in the selection process in the appointment of members to the Broadcasting Authority of Ireland and to the Press Council of Ireland:

- To be independent of the government;
- The consequent make-up of these boards to be truly representative of society as a whole, not just of a privileged elite;
- To be selected from a broader cross-section, including nominees from community groups and those from wider economic backgrounds.

West Waterford Cumann

16. This Ard Fheis calls a change in legislation to allow political advertising on local radio stations. Recognising that local radio stations play an invaluable role in combating social exclusion and isolation particularly in rural Ireland, it is inequitable that they cannot compete with print and online media for advertising revenue during elections.

Erris Cumann, Mayo

Cánachas

17. Tugann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas dá haire

- Gur thug Fianna Fáil, Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre buiséid i ndiaidh a chéile isteach a ghearr laghdaithe pionósacha ar sheirbhísí túslíne agus a ghearr cánacha pionósacha orthu siúd is mó faoi mhíbhuntáiste.
- Go bhfuil cáin Áras an Teaghlaigh (an cháin mhaoine) ar an gceann is déanaí i sraith cánacha éagóracha nach bhfuil bunaithe ar an gcumas chun íoc agus a dhéanann difear díréireach do shaothraithe níos ísle
- Go dteipeann ar an gcáin na nithe seo a leanas a chur san áireamh: morgáistí, dleacht stampála atá íoctha, táillí bainistíochta agus eastáit agus an cumas atá ag údaráis áitiúla agus ag gníomhaireachtaí deonacha chun an cháin a iompar
- Gur dóigh go n-éileoidh údaráis áitiúla ar a gcuid tionóntaí an cháin seo a íoc
- Nach bhfuil an oiread sin díolúintí ann agus is coinníollach atá iad siúd atá ar fáil
- Gur tugadh de chumhacht ag comhairlí an cháin seo a mhéadú sna blianta amach romhainn
- Nach bhfuil an cháin seo deartha chun údaráis áitiúla a mhaoiniú, ach tá sí deartha chun íoc as na beartais loicthe eacnamaíocha agus bhaincéireachta ar ghlac an rialtas seo agus an rialtas roimhe seo leo
- Gur fhoilsigh Sinn Féin bille chun Cáin Áras an Teaghlaigh a aisghairm.

Cuireann Sinn Féin i gcoinne Cháin Áras an Teaghlaigh (cáin mhaoine) de chuid rialtas na hÉireann agus iarrann sé ar an rialtas an cháin seo a aisghairm agus cáin rachmais a chur ina háit - rud a ghearrfadh tobhach 1% ar gach glansócmhainn, lena n-áirítear maoin, ar fiú níos mó ná €1 mhilliún iad. Bheadh na heisiaimh mar atá leagtha amach i reachtaíocht Shinn Féin ar cháin rachmais a foilsíodh i 2012.

Ard-Chomhairle
Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath
Cumann Shéamais Fhionntáin Uí Leathlobhair, Laois
Cumann Chathail Mhig Léid, Baile Átha Cliath
Cumann Tom Kealy, Cill Dara
Cumann Uí Mháille/Mhic an Mhíligh, Maigh Eo

18. Iarrann an Ard-Fheis seo ar Cheardchumannaithe, trína gcuid ceardchumann faoi seach, brú a chur ar Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) chun tacú leis an bhfeachtas in aghaidh na cánach maoine.

Cumann Uí Laoghóg/Uí Mhearthaile, Baile Átha Cliath

19. Cuireann Sinn Féin i gcoinne phlean rialtas na hÉireann méadair uisce bhaile a shuiteáil agus táillí uisce a thabhairt isteach.

Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas;

- Molann sí an ról a d'imir Sinn Féin maidir le tabhairt isteach rátaí uisce a chosc i dTionól an Tuaiscirt
- Iarrann sí go gcuirfear straitéis Uile-Éireann i leith soláthar uisce le chéile
- Cuireann sí i gcoinne bhunú Uisce na hÉireann mar fhochuideachta de chuid Bhord Gáis Éireann, toisc go ndúirt an rialtas go bhfuil sé beartaithe aige an chuideachta sin a dhíol.
- Iarrann sí go mbunófar Creat-Fhoireann Náisiúnta don Earnáil Uisce chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas na hearnála uisce agus ar infheistíocht chaipitil don earnáil.
- Iarrann sí ar an Tionól agus ar Rialtas na hÉireann araon a bheith ag obair le chéile ar sheachadadh seirbhísí a bhaineann le comhbhainistíocht abhantraí a bhunú i réigiúin na teorann, le comhinfeistíocht chaipitil agus le bonneagar agus soláthar.
- Molann sí go ndéanfar uasghrádú ar chóras dáilte uisce atá silteach agus ag dul in aois
- Tacaíonn sí le tabhairt isteach an bhlocmhéadraithe in áit méadair uisce bhaile a shuiteáil i ngach teach.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath
Cumann William Brock, Co. Laoise

Taxation

17. This Ard Fheis notes that:

- Fianna Fáil, Fine Gael and Labour have introduced successive Budgets which have inflicted punitive cuts on frontline services and taxes on those least able to afford them;
- The Family Home (Property) Tax is the latest in a series of unfair taxes which does not base itself on ability to pay and disproportionately hits lower earners;
- The tax fails to take into account mortgages, Stamp Duty paid, management and estate fees and the ability of local authorities and voluntary agencies to carry the tax;
- That local authorities are likely to pass this tax onto their tenants;
- That there are few exemptions and those that exist are conditional;
- That councils have been given the power to increase this tax in future years;
- That this tax is not designed to fund local authorities but actually continue to pay for the failed economic and banking policies of this and the last government;
- Sinn Féin have published a Bill to repeal the Family Home Tax.

Sinn Féin opposes the Irish Government's Family Home (Property) Tax and calls on the Government to repeal this tax and replace it with a wealth tax with levies 1% on all net assets, including property, above a value of €1million, with exclusions as set out in the Sinn Féin legislation on wealth tax published in 2012.

Ard Chomhairle
Donegal Comhairle Ceantair
James Connolly Cumann, Dublin
James Fintan Lalor Cumann, Laois
Charlie McGlade Cumann, Dublin
Tom Kealy Cumann, Kildare
O'Malley/McEvelly Cumann, Mayo

18. This Ard Fheis calls on trade unionists, through their respective unions, to bring pressure on the Irish Congress of Trade Unions to support the campaign against Property Tax.

Logue/Marley Cumann, Dublin

19. Sinn Féin opposes the Irish Government's plan to install domestic water meters and to introduce water charges.

This Ard Fheis:

- Applauds the role of Sinn Féin in blocking the introduction of water rates in the Northern Assembly;
- Calls for the development of an all-Ireland strategy on water provision;
- Opposes the establishment of Irish Water as a subsidiary of An Bord Gáis Éireann, a company which the Irish Government said it intends to sell off;
- Calls for the establishment of a National Water Sector Framework Team to oversee governance of the water sector and capital investment for the sector;
- Calls on both the Assembly and Irish Government to collaborate on the delivery of services the establishment of joint river basin management in border regions, joint capital investment and in infrastructure and procurement;
- Proposes investing in upgrading an ageing, leaking water distribution system;
- Supports the introduction of block metering as opposed to installing domestic water meters in every household.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
James Connolly Cumann, Dublin
William Brock Cumann, Co. Laois

20. Formhuiníonn an Ard-Fheis seo an reachtaíocht um an gcáin rachmais a chuir an páirtí le chéile i 2012 agus an togra chun an cháin rachmais a thabhairt isteach mar mhalairt ar na cánacha a d'fhorchuir an Rialtas orthu siúd is mó faoi mhíbhuntáiste;

Tugann sí na nithe seo a leanas dá haire

- Tá an Fhrainc, an Iorua, an tSualainn agus an Íoslainn i measc na dtíortha ECFE ina bhfuil cánacha rachmais i bhfeidhm faoi láthair. Thug rialtas na Spáinne cáin rachmais isteach arís, molann an Páirtí Daonlathach Liobrálach sa Bhreatain tabhairt isteach na cánach rachmais, agus tá tíortha ar nós na Fraince ag neartú na cánach rachmais atá i bhfeidhm cheana. Tá an príomhpháirtí freasúra sa Ghearmáin tiomanta do cháin den sórt sin a thabhairt isteach agus é sa rialtas.
- Ní bhailíonn an rialtas sonraí mionsonraithe maidir le rachmas pearsanta, ach tá sé beartaithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) sonraí den sórt sin a bhailiú ó 2014 ar aghaidh. Mar sin féin, i ndíospóireacht Dála i 2011, mheas an tAire Airgeadais Michael Noonan go gcrúinneodh cáin rachmais atá cosúil leis an gceann atá i bhfeidhm sa Fhrainc idir €400 milliún agus €500 milliún i mbliain iomlán chánach,

Aithníonn sí na nithe seo a leanas

- D'fhéadfadh cáin 1% ar gach sócmhainn ar fiú níos mó ná €1 mhilliún iad, glan ar gach dliteanas, lena n-áirítear morgáiste agus fiacha eile, €800 milliún a chruinniú i mbliain iomlán, bunaithe ar roinnt foinsí éagsúla sonraí, lena n-áirítear an Banc Ceannais, an CSO agus Tuarascáil Capgemini ar Rachmas an Domhain
- Ní ghearrfaí tobhach ar 20% de luach áras an teaghlaigh, ar an tsuim chaipitil i gcistí pinsin, ar shócmhainní gnó ná ar thalamh talmhaíochta.
- Bheadh feidhm ag an gcáin maidir leis na sócmhainní domhanda de chuid na ndaoine sin a bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí orthu sa stát agus maidir leis na sócmhainní intíre de chuid na ndaoine sin a bhfuil cónaí orthu sa stát chun críocha cánach amháin.

Iarrann sí ar Rialtas na 26 Contae cáin rachmais a thabhairt isteach agus a chuid pleananna chun cáin mhaoine agus táillí uisce a thréigean.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

20. This Ard Fheis endorses the wealth tax legislation produced by the party in 2012 and the proposal of a wealth tax as an alternative to the taxes the Government has imposed on those least able to afford them.

Notes that:

- France, Norway, Sweden and Iceland are among the several OECD countries currently operating wealth taxes. The Spanish Government has recently reintroduced a wealth tax, the Liberal Democrats in Britain advocate one, while countries such as France are strengthening theirs. The main opposition party in Germany is committed to introducing such a tax when in government;
- The Irish Government does not collect detailed data on personal wealth (although the CSO plans to collate such data from 2014 onwards) but in a Dáil debate in 2011, Minister for Finance Michael Noonan estimated that a French-type wealth tax implemented here would raise between €400million and €500million in a full tax year.

Recognises that:

- A 1% tax on all assets over €1million net of all liabilities, including mortgage and other debts has the potential to raise €800 million in a full year, based on a number of data sources, including the Central Bank, the CSO and Capgemini World Wealth Report,
- The tax would not be levied on 20% of the family home, the capital sum in pension funds, business assets or agricultural land.
- The tax would apply to the global assets of those domiciled or ordinarily resident in the state and domestic assets only for those who are resident in the state for tax purposes.

Calls on the 26-County Government to introduce a wealth tax and abandon its plans to introduce a property tax and water charges.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

An Próiseas Síochána agus Aontú na hÉireann

Vótaíocht Teorann

21. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas

- Tugann sí dá haire go bhforáiltear le Comhaontú Aoine an Chéasta (GFA) do vótaíocht teorann ar aontú na hÉireann
- Aithníonn sí gur éagórach, neamheacnamaíoch agus mí-éifeachtúil atá deighilt.
- Tugann sí dá haire na hiarrachtaí atá déanta ag Aontachas Polaitiúil agus ag Stát na Breataine chun an díospóireacht ar Vótaíocht na Teorann a chosc.
- Creideann sí go bhfuil sé in am dáta a shocrú do vótaíocht teorann, go bhfuil sé in am do dhíospóireacht ar Aontú na hÉireann agus go bhfuil sé in am, 15 bliana tar éis an GFA, do dheis a thabhairt do dhaoine a gcuid tuairimí a chur in iúl

Iarrann sí

- Ar Státrúnaí na Breataine dáta a shocrú do reifreann ar Aontú na hÉireann sna 6 chontae a bheidh le reáchtáil le linn shaolré an chéad Tionóil eile.
- Tr Rialtas na hÉireann brú a chur ar Rialtas na Breataine dáta a shocrú do vótaíocht mar a fhoráiltear di sa GFA agus gealltanais a thabhairt go reáchtálfar vótaíocht chomhuaineach ar Aontú na hÉireann sna 26 contae

Formhuiníonn sí an feachtas le haghaidh vótaíocht teorann agus spreagann sí gach duine siúd ar mhian leo Éire Aontaithe a fheiceáil páirt a ghlacadh san fheachtas seo agus i Reifrinn na nDaoine a reáchtálfar mar chuid den fheachtas sin.

***Ard-Chomhairle
Cumann Uí Nualláin/Mhic Giolla Domhnaigh, Béal Feirste
Cumann Terry Clarke, Baile Átha Cliath***

Déileáil leis an Am atá Caite

22. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire go bhfuil easpa comhdhearcaidh pholaitiúil agus shochoaíoch ó thuaidh agus ó dheas go fóill maidir le déileáil le hoidhreacht an ama atá caite.

Creidimid nach féidir aghaidh a thabhairt ar an am atá caite, ná nach féidir é a réiteach, ar bhealach atá páirtíneach nó aontaobhach. Leanfar ar aghaidh le hargóintí a dhéanamh ar ár dtodhchaí chomh fada agus a leanaimid ar aghaidh le hargóintí a dhéanamh ar an am atá caite.

Aithníonn Sinn Féin go bhfuil torthaí éagsúla á lorg ag íospartaigh agus ag marthanóirí ó gach taobh.

Athdhearbhaímid go bhfuil sé mar bheartas ár bPáirtí próiseas idirnáisiúnta neamhspleách um ghnóthú fírinne a bhunú.

Glacaimid leis go bhfuil dúshlán chasta pholaitiúla agus dhaonna i gceist le straitéisí a fhorbairt chun cabhrú le hoidhreacht ár gcoimhlinte atá thart a bhainistiú. Is léir go bhfuil plé ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí a eascraíonn ó aon straitéisí nó ó aon phróisis atá comhaontaithe.

Athnuann an Ard-Fheis seo a hiarraidh le haghaidh comhphlé cuimsitheach idir gach taobh maidir leis an dóigh is fearr chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht an ama atá caite, mar rannchuidiú riachtanach leis an bpróiseas síochána agus le forbairt athmhuintearais ar fud an oileáin.

***Ard-Chomhairle
Coiste Náisiúnta Óige***

Athmhuintearas

23. Molann an Ard-Fheis seo iarrachtaí leanúnacha Shinn Féin chun tacaíocht trasphobail agus traspháirtí a spreagadh do phróiseas cuimsitheach athmhuintearais a fhorbairt.

Tugaimid dár n-aire gur dhírigh díospóireacht phoiblí, a tharla sa 12 mhí a chuaigh thart, go príomha ar fhormaid, ar shubstaint agus ar rannpháirtithe. Ba cheart fáilte a chur roimhe sin.

Tugaimid dár n-aire freisin gur léirigh an díospóireacht phoiblí sin an méid easaontais inár sochaí maidir leis na cúiseanna leis an gcoimhlint pholaitiúil agus maidir leis na hiarmhairtí a bhí aici uirthi.

Mar sin féin, creidimid gur cheart fáilte a chur roimh aon admháil go bhfuil gá le

Peace Process and Irish Unity

Border Poll

21. This Ard Fheis:

- Notes that the Good Friday Agreement (GFA) provides for a border poll on Irish unity;
- Recognises that partition is unjust, uneconomic and inefficient;
- Notes the attempts by political Unionism and the British state to stifle the debate on the border poll;
- Believes that it is time to set a date for a border poll, it is time for a debate on Irish unity and that 15 years on from the GFA it is time for the people to have their say.

Calls on:

- The British Secretary of State to set a date for a referendum in the Six Counties on Irish unity to be held within the lifetime of the next Assembly.
- The Irish Government to press for the British Government to set a date for a poll as provided for in the GFA and to commit to holding a simultaneous poll in the 26 Counties on Irish unity.

Endorses the campaign for a border poll and encourages all those who want to see a united Ireland to participate in this campaign, including in the People's Referenda that will be held as part of this campaign.

***Ard Chomhairle
Nolan/Downey Cumann, Belfast
Terry Clarke Cumann, Dublin***

Dealing with the Past

22. This Ard Fheis notes the continued absence of any political or societal consensus, North or South, on dealing with the legacy of the past.

We believe the past cannot be addressed or resolved in a partisan or one-sided way.

Our future will remain contested for as long as we continue to contest the past.

Sinn Féin recognises that victims and survivors on all sides seek different outcomes.

We reaffirm our party policy on the establishment of an independent, international truth recovery process.

We accept that the development of strategies to assist in the management of the legacy of our past conflict poses complex political and human challenges. Discussion is clearly required to address the implications arising from any agreed strategies and processes.

This Ard Fheis renews its call for fully inclusive dialogue between all sides on how best to address the legacy of our past as an essential contribution to the peace process and development of reconciliation across the island.

***Ard Chomhairle
Coiste Náisiúnta Óige***

Reconciliation

23. This Ard Fheis commends Sinn Féin's ongoing efforts to encourage cross-community and party support for the development of an inclusive reconciliation process.

We note that the public discussion which has occurred in the last 12 months has focussed mainly upon format, substance and participants. This is to be welcomed.

We further note that this public discussion has reflected the extent of disagreement within our society as to the causes and effects of the political conflict.

However, we believe that any acknowledgement that reconciliation is necessary,

hathmhuintearas agus gur cheart cur leis sin. Molaimid iad siúd a chuir tuairimí straitéiseacha agus críonna leis an díospóireacht sin cheana féin.

Aithníonn Sinn Féin go bhfuil mórán íospartach agus a lán péine ar gach taobh. Aithnímid an phian agus an fhulaingt ar thaobh gach neamhchomhraiceora, gach comhraiceora agus a gcuid teaghlach.

Creidimid gur riachtanach atá próiseas fírreanta athmhuintearais maidir lenár bpróiseas síochána agus lenár gcobhsaíocht pholaitiúil a chomhdhlúthú agus a fheabhsú. Is ríthábhachtach atá aontú na ndaoine ar an oileán seo maidir leis an bhfiontar sin.

Tá Sinn Féin tiomanta d'athmhuintearas anois, agus do chaidrimh nua dhaonna agus pholaitiúla a chur in áit na ndeighiltí atá ann faoi láthair.

Molann an Ard-Fheis seo díospóireacht aibí straitéiseach ó thuaidh agus ó dheas maidir le tús a chur le céim nua dár bpróiseas síochána, bunaithe ar athmhuintearas, le caidrimh nua a fhorbairt, agus le muinín a chruthú i measc ár muintire go léir.

Ard-Chomhairle

Geilleagar Uile-Éireann

24. Tugann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas dá haire:

- Go mbeadh geilleagar pleanáilte oileáin aonair chun tairbhe rathúnais; chun tairbhe post; chun tairbhe infheistíochta.
- Gur geilleagar inmharthana é geilleagar ina bhfuil 6.4 milliún duine, agus go soláthraíonn sé bonn níos láidre le haghaidh téarnaimh ná mar a sholáthraíonn geilleagar deighilte.
- Nach gcuirfidh Rialtas na Breataine an méid ioncaim a ghintear sa Tuaisceart in iúl.
- Nach fórasach atá na dearbhuithe ó Aontachtaithe agus ó mhuintir na Breataine maidir le spleáchas an Tuaiscirt ar Státhiste na Breataine agus nach bunaithe ar fhianaise atá maímh go bhfuil staid eacnamaíoch an Tuaiscirt ina bac ar aontú
- Gur mí-éifeachtúil atá dúbailt seirbhísí, dhá airgeadra agus dhá chóras cánach agus gníomhaireachtaí infheistíochta atá san iomaíocht le chéile agus go bhfuil na nithe sin ina mbac ar fhás eacnamaíoch.
- Gur bhain deighilt an bonn ó fhorbairt eacnamaíoch ó thuaidh agus ó dheas agus go mbeadh geilleagar 32 contae níos láidre agus go soláthródh sé deiseanna agus acmhainn nua le haghaidh fáis agus rathúnais.

Aithníonn sí

- Go bhfuil sé de cheart ag cáiníocóirí sna Sé Chontae a bheith ar an eolas faoin méid ioncaim a ghintear sa tuaisceart agus iarrann sí ar Rialtas na Breataine na sonraí uile ina leith sin a scaoileadh gan a thuilleadh moille
- Nach mór roinnt beart a dhéanamh chun na geilleagair atá ann cheana féin ó thuaidh agus ó dheas a chomhchuibhiú mar ullmhúchán do gheilleagar nua na hÉireann aontaithe
- Go mbeidh geilleagar na hÉireann aontaithe ina cineál nua geilleagair a bhfuil comhionannas, athdháileadh, trédhearacht agus éifeachtúlacht ag a chroílár

Iarrann sí

- Ar rialtas na hÉireann agus ar cheannairí polaitíochta sa Tuaisceart díospóireacht mhacánta a thionscnamh le saoránaigh faoi na buntáistí a bhaineann le geilleagar na hÉireann Aontaithe agus faoin gcuma a bheadh ar an ngeilleagar sin
- Go n-aistrefar cumhachtaí fioscacha ó Londain go hÉirinn láithreach.
- Go n-aistrefar cumhachtaí chun dleacht breosla a chinneadh sna 6 Chontae chuig an Tionól agus go gcomhchuibheofar dleacht breosla ó thuaidh agus ó dheas.
- Go ndéanfar athbhreithniú ar an dá chóras cánach atá ann ar an oileán agus go gcomhchuibheofar cáin chorparáide agus dleachtanna máil ar bhonn eatramhach.
- Go gcomhchuibheofar rialacha agus rialacháin talmhaíochta ar an oileán.

welcome and deserves to be built upon. We applaud those who have already offered strategic and far-seeing contributions to this discussion.

Sinn Féin recognises that there are many victims and much hurt on all sides. We acknowledge the pain and suffering of all non-combatants, combatants, and their families on every side.

We believe the development of an authentic reconciliation process is essential to consolidate and enhance our peace process and political stability. The unity of the people of this island is crucial to that enterprise.

Sinn Féin is committed to reconciliation in the here and now and the replacement of current divisions with new human and political relationships.

This Ard Fheis urges mature and strategic debate North and South on opening a new phase of our peace process based on reconciliation, the development of new relationships, and creation of trust among all our people.

Ard Chomhairle

All-Ireland Economy

24. This Ard Fheis notes:

- That a planned single island economy would be good for prosperity, good for jobs, good for investment.
- That an economy of 6.4million people is a viable economy and one which offers a stronger basis for recovery than a partitioned economy.
- That the British Government will not reveal how much revenue is generated in the North.
- That the assertions from unionism and the British regarding the extent of the reliance of the North on the British Exchequer are not factual and claims that the economic position of the North is a barrier to unity do not stand up to scrutiny.
- That the duplication of services, existence of two currencies and tax systems and competing investment agencies is inefficient and an impediment to economic growth.
- That partition has undermined economic development North and South and a 32-County economy would be stronger and would offer new opportunities and potential for growth and prosperity.

Recognises:

- That taxpayers in the Six Counties have the right to know how much revenue is generated in the North and calls on the British Government to release all of this detail without further delay;
- That a number of steps must be taken to harmonise the existing economies North and South in preparation for a new united Ireland economy;
- That the united Ireland economy will be a new model of economy that has at its core equality, redistribution, transparency and efficiency.

Calls for:

- The Irish Government and political leaders in the North to initiate an honest debate with citizens about the merits of a united Ireland economy and what that economy will look like;
- The immediate transfer of fiscal powers from London to Ireland;
- The transfer of powers to determine fuel duty in the Six Counties to the Assembly and the harmonisation of fuel duty North and South;
- The review of the two tax systems which exist on the island and an interim harmonisation of Corporation Tax and excise duties;
- The harmonisation of agricultural rules and regulations on the island;

- Comhoibriú uile-oileáin a bheith ann tríd an teorainn a bhaint mar bhac ar fhás agus ar théarnamh eacnamaíoch, agus aird ar leith á tabhairt ar tháillí fánaíochta a bhaint, ar mhuirir thrasteorann a bhaint ar chártaí creidmheasa agus ar chórais phárolla a chomhchuíbhiú.

Ard-Chomhairle
Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Cumann Uí Thuamáin/Uí Bheirne/Mhic Corra, an Bhanna Uachtair
Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Cumann Tony Ahern, Muineachán

25. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire go ndíulthaíonn Rialtas na Breataine faoi láthair d'fhaisnéis chruinn iomlán a chur ar fáil maidir leis an leibhéal ioncain a ghintear i dtuaisceart na hÉireann. Iarrann an Ard-Fheis seo ar Rialtas na Breataine faisnéis chruinn iomlán a chur ar fáil maidir leis an leibhéal ioncain a ghintear i dtuaisceart na hÉireann.

Cumann Uí Nualláin/Mhic Giolla Domhnaigh, Béal Feirste

Paireacht Ghradaim

26. Aithníonn an Ard-Fheis seo go n-éilíonn athimeascadh iarchomhraiceoirí ina gcuid pobal go bhfuil an duine sin i dteideal na gceart céanna atá ag aon saoránach eile, lena n-áirítear na cearta seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- a. An ceart chun obair a dhéanamh.
- b. An ceart chun taisteal.

Toisc go bhfuil athimeascadh mar chuid riachtanach de phróiseas rathúil um réiteach coimhlinte, iarrann an Ard-Fheis seo ar na Rialtais i mBaile Átha Cliath agus i Londain na taifid ar gach iarphríosúnach polaitiúil a cuireadh i bpríosún mar gheall ar an gcoimhlint a scriosadh.

Cumann Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cathair Chorcaí
Cumann Bhairéid/Mhic Curtáin, Corcaigh
Cumann Uí Mháille/Uí Ruiséil, Baile Átha Cliath

27. Iarrann an Ard-Fheis seo ar pháirtithe an Choiste Feidhmiúcháin cur chuige cuimsitheach a chur le chéile i leith comhtháthú pobail a chur chun cinn ar bhonn na n-obleagáidí a chuirtear le Comhaontú Aoine an Chéasta ar an rialtas:

- Cultúr caoinfhulaingthe agus athmhuintearais a chur chun cinn
- Gníomhú ar bhealach a chothaíonn cóimheas seachas deighilt
- Meas iomlán a thabhairt, ar bhonn paireacht ghradaim agus comhionannas cóireála, ar na cearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta agus cearta, ar an bhféiniúlacht agus ar an éiteas atá ag an dá chuid den phobal.
- A chinntiú go mbaineann an rialtas úsáid as siombailí agus as suaitheantais chun críocha poiblí agus ar bhealach a chothaíonn cóimheas seachas deighilt.

Ard-Chomhairle

28. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Ard-Chomhairle atá ag teacht isteach tús a chur le díospóireacht le Comhairlí Ceantair faoin bhféidearthacht a bhaineann leis an dá bhratach a chur ar foluain ag comhairlí sna sé chontae chun príomhfhéiniúlachtaí na ndaoine áitiúla a léiriú. Dá bhrí sin, bheadh bratach na hÉireann ar foluain i bhfoirgnimh comhairle sa tuaisceart den chéad uair ar bhonn cóimheasa.

Cumann Gerard Casey, Aontroim

29. Atiomnaíonn an Ard-Fheis seo Sinn Féin do na prionsabail a bhaineann le paireacht ghradaim, le comhionannas agus le cóimheas, go háirithe i gcás bratach agus siombailí, a chur chun cinn laistigh de Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste agus ar fud an rialtais áitiúil in Éirinn.

Atiomnaíonn an Ard-Fheis seo í féin freisin don éagothroime pholaitiúil agus chultúrtha atá le feiceáil i gCathair Bhéal Feirste, áit nach léiríonn ainmneacha agus teidil na sráideanna, na

- All-island co-operation on lifting the border as an impediment economic growth and recovery, with particular focus on the removal of roaming fees, cross-border credit card charges and the harmonisation of payroll systems

Ard Chomhairle

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

Toman/Burns/McKerr Cumann, Upper Bann

Donegal Comhairle Ceantair

Tony Ahern Cumann, Monaghan

25. This Ard Fheis notes the current refusal of the British Government to provide accurate and complete information regarding the level revenue which is generated in the North of Ireland. This Ard Fheis calls on the British Government to provide complete and accurate information regarding the level of revenue generated within the North of Ireland.

Nolan/Downey Cumann, Belfast

Parity of Esteem

26. This Ard Fheis recognises that the reintegration of former combatants into their communities requires that the person is entitled to the same rights as any other citizen including, for example, but not limited to:

- a. The right to work.
- b. The right to travel.

As reintegration is an essential part of a successful conflict resolution process, this Ard Fheis calls on the Dublin and London governments to expunge the records of all former political prisoners jailed as a result of the conflict.

Traolach MacSuibhne Cumann, Cork City

Barrett/MacCurtain Cumann, Cork

O'Malley/Russell Cumann, Dublin

27. This Ard Fheis calls on the parties in the Executive to develop a comprehensive approach to the promotion of community cohesion on the basis of the Good Friday Agreement obligations on government:

- To promote a culture of tolerance and reconciliation;
- To act in a way which promotes mutual respect rather than division;
- To fully respect, on the basis of parity of esteem and equality of treatment, the civil, political, social and cultural rights, identity and ethos of both sections of the community;
- To ensure that government use of symbols and emblems for public purposes is in a manner which promotes mutual respect rather than division.

Ard Chomhairle

28. This Ard Fheis calls on the incoming Ard Chomhairle to initiate a debate with Comhairlí Ceantair about the possibility of proposing the flying of both flags at councils in the Six Counties to reflect both main identities of local people and therefore the flying of the Irish flag from council buildings in the North for the first time on the basis of mutual respect.

Gerard Casey Cumann, Antrim

29. This Ard Fheis rededicates Sinn Féin to promoting the principles of parity of esteem, equality and mutual respect, not least in respect of flags and symbols, within Belfast City Council and throughout local government in Ireland.

This Ard Fheis also commits itself to resolving the political and cultural imbalance of Belfast City, where streets, bridges, shopping centres and public amenities bear names and

ndroichead, na n-ionad siopadóireachta agus na n-áiseanna poiblí ach pobal amháin den chuid is mó agus iarrann sí ar an Aire Attwood ainm níos oiriúnaí a fháil do thionscadal 'an Mhalartáin Ríoga' atá beartaithe

***Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar
Cumann Seán Martin/Seán Treacy, Béal Feirste***

30. Molann an Ard-Fheis seo an dínit agus an teacht aniar atá léirithe ag pobal na Trá Giorra beag beann ar an deargseicteachas atá fulaingthe acu le míonna anuas agus molann sí do gach páirtí agus do gach duine a imríonn tionchar ar dhaoine ar fud na hÉireann a gcuid iarrachtaí a mhéadú chun seicteachas a dhíbirt chuig bosca bruscair na staire.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Theas agus Thoir

31. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo an tiomantas atá againn do réitigh a éascú ar dhíospóidí paráide atá amuigh sna Sé Chontae. Agus an cuspóir sin á bhaint amach againn, geallaimid go ndéanfaimid na nithe seo a leanas:

- a) Aird a tharraingt ar an ngá atá le próisis chomhphlé fhiúntaigh idir na daoine sin a chuireann iarratais isteach chun paráidí a réachtáil i gceantair íogaire agus iad siúd a chuireann iarratais isteach ar agóidí in aghaidh na bparáidí sin, toisc gurbh é sin an mheicníocht ba phraiticiúla maidir le réitigh inbhuanaithe a sheachadadh.
- b) Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara d'fhonn a gcuid fócais agus cur chuige a mhúnlú, agus a gcuid tionchair á n-úsáid acu chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ngá atá le próisis chomhphlé den sórt sin.
- c) A chinntiú go leanfaidh Coimisiún na Mórshiúlta le bheith ábhartha agus go gcomhlíonfaidh sé a shainchúram reachtúil chun paráidí achrannacha a rialáil, sa chás nach mbainfear réitigh amach ar dhíospóidí atá amuigh nó nua.
- d) Tús a chur le próiseas machnaimh agus plé inmheánaigh leis an bpobal Poblachtach níos leithne, lena n-áirítear bannaí Poblachtacha, faoin dóigh a dtéann eagrú paráidí poblachtacha agus eagrú comórthaí poblachtacha i bhfeidhm ar dhearcadh an phobail níos leithne i leith paráidí agus ar chothú na bprionsabal a bhaineann le cóimheas agus le paireacht ghradaim.

***Ard-Chomhairle
Cumann Gerard Casey, Aontroim***

32. Tacaíonn an Ard-Fheis seo le teaghlaigh a d'fhulaing na Sléachtanna i mBaile Uí Mhurchú agus i gCnoc Chluanaí agus iad ar thóir na fírinne agus ceartais maidir le dúnmharú a gcuid gaolta i mí Iúil agus i mí Lúnasa 1971 ag Reisimint Paraisiúit na Breataine; agus tugann sí tacaíocht dá n-éileamh ar imscrúdú idirnáisiúnta neamhspleách ar na himthosca a bhaineann leis na dúnmharuithe sin.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

titles reflective for the most part of only of one community and calls on Environment Minister Attwood to find a more suitable name for the mooted Royal Exchange project.

***West Belfast Comhairle Ceantair
Seán Martin/Seán Treacy Cumann, Belfast***

30. This Ard Fheis commends the dignity and resilience of the Short Strand community in the face of the blatant sectarianism visited upon them in recent months and urges all parties and those with influence across Ireland to redouble their efforts to confine sectarianism to the dustbin of history.

South and East Belfast Comhairle Ceantair

31. This Ard Fheis reaffirms our commitment to facilitating resolutions to key outstanding parading disputes in the Six Counties. In achieving this objective we pledge to:

- a) Highlight the imperative of meaningful dialogue processes between those who file for parades in sensitive areas and those who file for related protests as the most practical mechanism for delivering sustainable resolutions;
- b) Engage with key stakeholders with a view to shaping their focus and approach in bringing their influence to bear on advancing the requirement for such dialogue processes;
- c) Ensure that the Parades Commission retains its relevance and fulfils its statutory remit for the regulation of contentious parades where no resolutions are achieved to outstanding or fresh disputes;
- d) Initiate a process of reflection and internal discussion within the wider republican community, including republican bands, on how the organisation of republican parades and commemorations impacts on the wider community perspective on parading and the promotion of the principles of mutual respect and parity of esteem.

***Ard Chomhairle
Gerard Casey Cumann, Antrim***

32. This Ard Fheis supports the Ballymurphy and Springhill Massacre families in their quest for truth and justice regarding the murders of their loved ones in July and August 1971 by the British Parachute Regiment and backs their demand for an international, independent investigation into the circumstances surrounding those murders.

West Belfast Comhairle Ceantair

Forbairt an Pháirtí

33. Molann an Ard-Fheis seo an obair leanúnach atá á déanamh ag an Tascfhórsa um Éirinn a Aontú, ag ionadaithe tofa Shinn Féin agus ag ceannaireacht an Pháirtí maidir le tosaíocht a thabhairt don fheachtas chun Éire a Aontú.

Tugann sí dá haire an tionscnamh tráthúil ar thaobh an Tascfhórsa um Éirinn a Aontú agus Cheannaireacht an Pháirtí chun tús a chur le feachtas chun vótaíocht teorann a dhaingniú.

Tiomnaíonn sí dona chinntiú go mbeidh Ógra Shinn Féin ar thús cadhnaíochta an fheachtais chun vótaíocht teorann a bhaint amach ar dtús agus, ina dhiaidh sin, chun a bheith rathúil i vótaíocht teorann, chun dul i dteagmháil le daoine óga ó gach cuid den tsochaí d'fhonn an gá atá le vótaíocht teorann, agus na buntáistí a bhaineann le haontú na hÉireann, a chur ina luí orthu, agus chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le deighilt a bhaint d'fhonn athrú polaitiúil atá fiúntach agus buan a bhaint amach ar an oileán seo.

Coiste Náisiúnta Óige

34. Aithníonn an Ard-Fheis seo bunú Ghrúpa Conaire na Teorann (BCG). Tá an BCG mar chuid lárnach de straitéis uile-Éireann Shinn Féin sa mhéid is go gcuireann sé comhtháthú chun cinn go gníomhach idir na contaetha agus na hinstiúidí atá suite i gceantar conaire na teorann. Aithníonn an Ard-Fheis freisin na trí ghrúpa áitiúla teorann; Bris an Teorainn (Grúpa an Iarthuaiscirt); Grúpa Teorann an Oirthir agus; Grúpa Teorann an Láir.

Comhairle Ceantair Ard Mhacha Theas Cumann Mhagh, Dún na nGall Comhairle Ceantair Dhún na nGall

35. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo an tiomantas atá againn do Phoblacht Shóisialach Uile-Éireann agus cinnteoidh sí:

- Go mbeidh éiteas Uile-Éireann i gceist le gach tionscnamh áitiúil polaitiúil.
- Go bhfaighidh ballraíocht an Pháirtí cumarsáid rialta maidir le forbairtí agus le comhoibriú trasteorann.
- Go ndíreoidh an modh polaitíochta a úsáidfear i bhfeachtas ar nós 'Vótaíocht na Teorann' ar ardcheannas Uile-Éireann, ar pholaitíocht loicthe an ama atá caite a thréigean agus ar leas a bhaint as acmhainní nádúrtha an Oileáin.

Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar

36. Tugann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas dá haire

- Go ndeachaigh beagnach trí bliana thart ó réachtáladh na chéad chruinnithe comhairliúcháin ar Straitéis Náisiúnta don Óige ar an mBaile Bocht i mBaile Átha Cliath, agus go ndeachaigh beagnach 12 mhí thart ó athraíodh bunreacht Shinn Féin i gcomhréir leis an straitéis sin.
- Go ndearnadh a lán dul chun cinn i bhforbairt na hóige, lena n-áirítear coistí nua a bheith á mbunú, agus rannpháirtíocht mhéadaithe i measc na hóige i mórán réimsí.

Chomh maith leis sin, measann sí

- Go bhfuil a lán dul chun cinn le déanamh go fóill d'fhonn na spriocanna uailmhianacha atá leagtha síos ag an Straitéis Náisiúnta don Óige a bhaint amach, is iad sin, chun an tionscadal forbartha óige a fheabhsú agus a lárshruthú laistigh den pháirtí.
- Gur fós neamhiomlán atá cur i bhfeidhm na straitéise ag an bpáirtí i gcoitinne, agus nach bhfuil an creat agus an straitéis atá beartaithe sa Straitéis Náisiúnta don Óige curtha i bhfeidhm ag an bpáirtí i ngach réimse go fóill.
- Gur gá do dhaoine óga teacht chun tosaigh i seachadadh na straitéise, ceannaireacht a thaispeáint, freagracht a ghlacadh as an straitéis agus úinéireacht na straitéise a thógáil.

Agus, dá bhrí sin,

- Atiomnaíonn sí í féin do na cuspóirí agus do na físeanna atá leagtha amach sa Straitéis don Óige

Party Development

33. This Ard Fheis commends the ongoing work of the Uniting Ireland Task force, of Sinn Féin's elected representatives and party leadership for their ongoing work in prioritising the campaign to unite Ireland

Notes the timely initiative on the part of the Uniting Ireland taskforce and the party leadership to begin a campaign to secure a border poll.

Commits to ensuring that Republican Youth is to the forefront of the campaign to obtain, and subsequently succeed in, a border poll, to engage with young people from all sections of society in order to convince them of the need for a border poll, and the merits of Irish unity, and to highlight the importance of removing partition in order to achieve meaningful and lasting political change on this island

Coiste Náisiúnta Óige

34. This Ard Fheis acknowledges the establishment of the Sinn Féin Border Corridor Group. The BCG is an integral part of Sinn Féin's all-Ireland strategy in that it actively promotes integration between the counties and the institutions of the border corridor area. This Ard Fheis also recognises the three local border groups: Break the Border NW Group; the Eastern Border Group and; the Central Border Group.

***South Armagh Comhairle Ceantair
Muff Cumann, Donegal
Donegal Comhairle Ceantair***

35. This Ard Fheis reaffirms our commitment to an all-Ireland socialist republic and will ensure that:

- All local political initiatives include an all-Ireland ethos;
- Party membership receive regular communications of cross-border developments and co-operation;
- The politics of campaigns such as the border poll will focus on all-Ireland sovereignty, a departure from the failed politics of the past and the harnessing of the island's natural resources.

Galway West Comhairle Ceantair

36. This Ard Fheis notes:

- That it is now nearly three years since the first consultation meetings on a National Youth Strategy were held in Ballybough in Dublin and that it is now nearly 12 months since the Sinn Féin Constitution was changed in accordance with the strategy.
- That much progress has been made in youth development, including new committees being established, and increased youth activity in many areas.

If furthermore considers:

- That much progress remains to be made in order to achieve the ambitious targets set by the National Youth Strategy to improve and mainstream the youth development project within the party.
- That the application of the strategy by the party at large remains incomplete, and that the framework and strategy envisioned in the National Youth Strategy has yet to be applied in all areas by the party.
- That there is a particular need for young people to come to the fore in the delivery of the strategy, to show leadership and to take responsibility for and ownership of the strategy.

And therefore:

- Recommits itself to the objectives and visions outlined in the Youth Strategy;

- larrann sí ar cheannaireacht an pháirtí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta a seacht ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear an Straitéis don Óige i bhfeidhm ina hiomláine ar fud an pháirtí.
- larrann sí go dtabharfar deiseanna do dhaoine óga ceannaireacht a thaispeáint, agus go spreagar iad ról cheannaireachta a ghlacadh, sa pháirtí agus i gcáil thofa araon, agus ag na toghcháin údaráis áitiúil atá le teacht ó thuaidh agus ó dheas.

***Coiste Náisiúnta Óige
Cumann Thomas Ashe, an Mhí***

37. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Formhuiníonn sí an obair dhearfach atá déanta go dtí seo ag an bpáirtí chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban ar fud na struchtúr eagraíochta ar bhonn áitiúil agus náisiúnta
- Tugann sí dá haire an gá atá le leanúint leis an obair sin
- Tugann sí dá haire freisin an gá atá le méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hóige agus grúpaí mionlaigh sa pháirtí
- Tacaíonn sí le clár feasachta comhionannais a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta do gach cumann áitiúil
- Tacaíonn sí arís le hiarrachtaí chun ballraíocht na mban den pháirtí, ag obair leis an Riarthóir Ballraíochta chun a chinntiú go gcomhlíontar spriocanna le haghaidh bhallaíochta na mban, go dtugtar dóthain tacaíochta do bhaill bhaineanna ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, agus go gcuirtear na srianta praiticiúla a bhíonn ar rannpháirtíocht na mban i gcruinnithe agus in imeachtaí áitiúla an pháirtí san áireamh
- Aithníonn sí an géarghá atá le méadú a dhéanamh ar líon na mban a bhfuil poist acu ar bhoird áitiúla oifigeach, ag cur leis an obair dhearfach atá déanta ag an bpáirtí ag leibhéal náisiúnta d'fhonn páireacht inscne a bhaint amach
- Treoraíonn sí an Ard-Chomhairle arís breithniú a dhéanamh ar Oifigeach Comhionannais a cheapadh

***Cumann Uí Aodha/Uí Raghallaigh, Corcaigh
Cumann Andy O'Sullivan, Corcaigh
Cumann Mhíchil S. Uí Mhearáin, Sligeach
Cumann Uí Dhochartaigh/Uí Dhubhshláine, an Mhí***

38. Molann an Ard-Fheis seo an obair atá déanta ag gach duine siúd a bhí páirteach sa tsamhail nua bhallaíochta a bhainistiú agus a sheachadadh; agus iarrann sí, agus an tábhacht a bhaineann le díospóireacht leanúnach pholaitiúil agus le hoideachas leanúnach polaitiúil á haithint aici, go dtabharfaidh na comhlachtaí cuí sa pháirtí tús áite do chur i bhfeidhm chúrsa nua oiliúna polaitiúla Shinn Féin san am atá romhainn chun a chinntiú go gcuirfear éiteas agus fealsúnacht an pháirtí chun cinn go leordhóthanach agus chun cur in aghaidh deighilteachais agus teanga dheighilte ag gach deis.

***Cumann Thomas Ashe, an Mhí
Cumann Uí Dhochartaigh/Uí Dhubhshláine, an Mhí
Cumann Tony Ahern, Muineachán
Cumann Chathail Uí Uirthile, Co. Chorcaí
Cumann Uí Dhroma/Uí Dhochartaigh, Baile Átha Cliath***

39. Glacann an Ard-Fheis seo le beartas chun stádas agus úsáid na Gaeilge a mhéadú laistigh den pháirtí trí cheanglas a leagan síos:

- Go n-úsáidfear an Ghaeilge go pointe áirithe i ngach cruinniú, agus go méadófar úsáid na Gaeilge go rialta mar is cuí
- Go gcuirfear an leagan Gaeilge in áit focal a úsáidtear go minic i mBéarla
- Go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil i ngach oifig Shinn Féin

***Cúige na Sé Chontae
Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar***

- Calls on the party leadership at local and national level to redouble its efforts in seeking to ensure that the Youth Strategy is rolled out in full throughout the party;
- That opportunities are created for young people to show leadership and are encouraged to take on leadership roles, both in the party and in elected roles, including at the forthcoming local authority elections, North and South.

***Coiste Náisiúnta Óige
Thomas Ashe Cumann, Meath***

37. This Ard Fheis:

- Endorses the positive work to date by the party to increase female participation throughout the organisational structures locally and nationally;
- Notes the need for this work to continue;
- Further notes the need to increase youth and minority groups participation in the party;
- Supports a national roll-out of an equality awareness programme for all local cumainn;
- Further supports efforts to increase women's membership of the party, working with the Membership Administrator in ensuring targets for female membership are met, women members are adequately supported locally and nationally, and consideration is given to the practical constraints of women's participation in local party meetings and events;
- Acknowledges the urgent need to increase the number of women holding local officer board positions, building on the positive work towards gender parity delivered at a national level by the party;
- Further instructs the Ard Chomhairle to consider the appointment of an Equality Officer.

***Hughes/O'Reilly Cumann, Cork
Andy O'Sullivan Cumann, Cork
Michael J. Marren Cumann, Sligo
Doherty/Delaney Cumann, Meath***

38. This Ard Fheis commends the work of all those involved in the management and delivery of the new membership model and, acknowledging the importance of ongoing political discussion and education, calls for the roll-out of the new Sinn Féin Political Training Course to be prioritised by the relevant party bodies in the time ahead to ensure the party ethos and philosophy is adequately promoted and to challenge partitionism and partitionist language at every opportunity.

***Thomas Ashe Cumann, Meath
Doherty/Delaney Cumann, Meath
Tony Ahern Cumann, Monaghan
Charlie Hurley Cumann, Co. Cork
Drumm/Doherty Cumann, Dublin***

39. This Ard Fheis adopts a policy to increase the status and use of An Ghaeilge within the party by making it a requirement that:

- An Ghaeilge is used to some degree in all meetings, increasing regularly as appropriate;
- Very-frequently used words in English are replaced with Gaeilge version;
- An Ghaeilge is visible in all Sinn Féin offices.

***Six-County Cúige
West Belfast Comhairle Ceantair***

40. Molann an Ard-Fheis seo gur cheart do gach cumann sa tír seoltaí agus ainmneacha a gcuid ball a scríobh as Gaeilge ar gach píosa comhfhreagrais a seoltar chuig na baill, más mian leis an mball amhlaidh.

Cumann Chathail Bhrugha/Chaoimhín Uí Loingsigh, Port Láirge

41. Molann an Ard-Fheis seo gur cheart gach rud atá foilsithe ag an bPáirtí a bheith dátheangach, agus gur cheart an leagan Gaeilge a bheith ar chomhréim leis an leagan Béarla in aon ábhar a bheidh foilsithe ag an bPáirtí sa todhchaí. Áirítear leis sin na hábhair uile atá foilsithe ag Teachtaí Dála, ag Seanadóirí agus ag Comhairleoirí. Aithníonn Sinn Féin an tábhacht a bhaineann lenár dteanga, lenár gcultúr agus lenár n-oidhreacht agus, dá bhrí sin, aithníonn sé gur cheart dó a bheith chun tosaigh i gcur chun cinn an dátheangachais.

Cumann Phort Láirge Thiar

42. Tiomnaíonn an Ard-Fheis seo an Páirtí do thús áite a thabhairt go gníomhach do na trí thoghcheantar is díothaí sna 6 chontae trí ghrúpa oibre a bhunú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Cruthú post
- Infheistíocht isteach
- Bochtaineacht agus Eisiámh Sóisialta
- Gnóthachtáil oideachais
- Sláinte agus folláine

agus éilíonn sí gur cheart an grúpa oibre a bhunú tráth nach déanaí ná Meitheamh 2013 agus gur cheart an dréacht deiridh den straitéis a bheith réidh tráth nach déanaí ná Nollaig 2013.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

43. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo polasaí Shinn Féin nach n-úsáidfidh sé ach óstáin a aithníonn ceardchumainn le haghaidh cruinnithe agus tóstalacha, nuair is féidir é, agus go dtacóidh sé leis an bhfeachtas 'Óstáin Chóra'. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Ard-Chomhairle atá ag teacht isteach cur in iúl do chumainn, do Chomhairlí Ceantair agus do Chomhairlí Cúige óstáin a aithníonn an ceart atá ag ceardchumainn eagrú i measc a gcuid foirne a úsáid, nuair is féidir é.

***Cumann Phádraig Mhic Phiarais, Cathair Dhoire
Cumann Mhic Fhlannchaidh/Uí Cheallacháin, Cathair Luimnigh***

44. Ag aithint go bhfuil fíorthábhacht a bhaineann le leas agus le cosaint leanaí, cuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh na Treoirlínte um Chosaint Leanaí atá foilsithe ag an bPáirtí agus roimh cheapachán oifigeach náisiúnta agus réigiúnach um chosaint leanaí a thug faoi chúrsa dian oiliúna leis an FSS, agus tacaíonn sí le feachtas fhorleathan ar na treoirlínte sin i measc ball chun a chinntiú go gcloífead leo.

***Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Cumann Mhic an Ultaigh/Mhig Corraidhín, an Dún***

45. Aithníonn an Ard-Fheis seo:

- Go bhfuil ciall le Poblacht Shóisialach 32 Contae ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla de
- Go gcuireann Sinn Féin, mar pháirtí uile-Éireann, a bheartas agus a fhís i leith gach ábhair i láthair bunaithe ar an éiteas sin uile-Éireann agus go leagann Ard-Fheiseanna beartas síos do Shinn Féin sa tuaisceart, sa deisceart, san oirthear agus san iarthar

Dá bhrí sin, molann an Ard-Fheis seo go gcuirfead fíis Shinn Féin chun cinn agus go gcloífead léi ar fud na 32 contae, go bhféachfar le tacaíocht a fháil di ar bhonn traspháirtí, agus go bhféachfaidh na beartais uile le dul chun cinn i dtreo na físe sin.

Cumann Mháirtín Uí Ursáin, COC

46. Aithníonn an Ard-Fheis seo an tábhacht a bhaineann lenár dtírghráthóirí marbha a chomóradh, le híobairtí a rinneadh san am atá caite ar son an cheartais agus na saoirse a urramú agus leis an nglúin gníomhaithe poblachtacha atá ann faoi láthair a spreagadh chun leanúint leis an streachailt.

40. This Ard Fheis proposes that every cumann in the country use their members' addresses and their names if they wish in Irish on every piece of correspondence that is sent to them.

Cathal Brugha/Kevin Lynch Cumann, Waterford

41. This Ard Fheis proposes that everything published by the party in the future should be bilingual and the Irish language to be on a par with the English language in any material published by the party in the future. This includes all materials published by the TDs, senators and councillors. Sinn Féin recognises the importance of our language and of our culture and heritage and should, therefore, be at the forefront in the promotion of bilingualism.

West Waterford Cumann

42. This Ard Fheis commits the party to actively prioritise the three constituencies with highest deprivation in the Six Counties by establishing a working group to address the following:

- Job creation
- Inward investment
- Poverty and Social Exclusion
- Educational attainment
- Health and well-being

and that the working group should be established no later than June 2013 with the final draft of a proposed strategy to be complete no later than December 2013.

West Belfast Comhairle Ceantair

43. This Ard Fheis reiterates Sinn Féin's policy of only using where possible hotels that recognise trade unions for meetings and gatherings and supporting the Fair Hotels campaign. This Ard Fheis asks the incoming Ard Chomhairle to inform cumainn, Comhairli Ceantair and Cúigi to use, where possible, hotels that recognise the right of trade unions to organise amongst their staff.

***Pádraig Pearse Cumann, Derry City
Clancy/O'Callaghan Cumann, Limerick City***

44. Recognising that the welfare and protection of children is paramount, this Ard Fheis welcomes the publication of Child Protection Guidelines and the appointment of a national and regional child protection officers who have been through an intensive training course with the HSE and supports widespread awareness among members to ensure they are adhered to.

***Donegal Comhairle Ceantair
McNulty/Magorrian Cumann, Down***

45. This Ard Fheis recognises that:

- A 32-county socialist republic make economic, social and political sense;
- Sinn Féin as an all-Ireland party presents its policy and vision on all matters based on this all-Ireland ethos and that Ard Fheiseanna set policy for Sinn Féin in the north, south, east and west.

Therefore, this Ard Fheis proposes that Sinn Féin's vision for a united socialist republic will be promoted and adhered to throughout the 32 Counties, seeking to gain support for it on a cross-party basis, and all policies will seek to advance towards that vision.

Martin Hurson Cumann, UCC

46. This Ard Fheis recognises the importance of commemorating our patriot dead in respecting past sacrifices in the cause of justice and freedom and inspiring the current generation of republican activists to continue the struggle.

Chun na críche sin, ní mór d'ócáidí comórtha a bheith cuimsitheach, ba cheart dóibh páirtí atá ag fás a léiriú, agus ba cheart cloí le gnás comhaontaithe feistis, is é sin, léinte agus carbhait, ag cóisirí datha.

Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath

47. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an gCoiste Cuimhneacháin Náisiúnta aon phríomhchomóradh amháin a reáchtáil i 2016 do Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca 1916 agus gach Comóradh áitiúil a reáchtáil ar Shatharn Cásca.

Cumann Chathail Mhig Léid, Baile Átha Cliath

48. Aithníonn an Ard-Fheis seo na creidimh phearsanta agus na cleamhnuithe éagsúla creidimh atá ag a cuid ball. Ar mhaithe le comhionannas agus le neodracht, ní mór dúinn tacú le comórthaí tuata ar bhealach atá bunaithe ar fhorchéimnitheachas agus ar uileghabhálacht.

Cumann Jim Lochrie, Ard Mhacha

49. Molann an Ard-Fheis seo go gcuirfear Lile na Cásca ar fáil i bhfoirm greamáin.

Cumann Charles J Kickham, Tiobraid Árann

50. Iarrann an Ard-Fheis seo ar gach comhalta tofa dá cuid aird chuí a thabhairt agus breithniú cúramach a dhéanamh nuair a dhéanann siad iarratas chun freastal ar chomhdhálacha/sheimineáir agus iarrann sí orthu gan freastal ar chomhdhálacha/sheimineáir den sórt sin ach amháin nuair a bhíonn siad chun tairbhe a gcuid pobal/toghthóirí.

Cumann Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cathair Chorcaí

51. Tacaíonn an Ard-Fheis seo le fostaithe an pháirtí nach mbaineann leas ach as scéimeanna pinsin atá eiticiúil nuair a roghnaíonn siad é sin a dhéanamh.

Cumann Gerard Casey, Aontroim

52. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Ard-Chomhairle atá ag teacht isteach treoir a thabhairt don Roinn Toghcháin maidir le tograí reatha chun ualú toscairí a ligean do Choinbhinsiúin Toghcháin AE, do Choinbhinsiúin Toghcháin Dála, do Choinbhinsiúin Toghcháin Westminster agus do Choinbhinsiúin Toghcháin an Tionóil.

Thairis sin, iarrann sí ar an Ard-Chomhairle atá ag teacht isteach breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Go mbeidh líon na dtoscairí ag Coinbhinsiún AE bunaithe ar an tacaíocht pháirtí a fuarthas ag an toghchán parlaiminte is déanaí. i.e. más rud é go bhfuair toghlach parlaiminte 10% d'iomlán na vótaí sa Toghach AE, beidh sé i dteideal 10% de na toscairí ag an gcéad Choinbhinsiún Toghcháin eile AE.
- Mar an gcéanna, go mbeidh líon na dtoscairí ag coinbhinsiún toghcháin parlaiminte bunaithe ar an tacaíocht pháirtí a fuarthas ag an toghchán Comhairle is déanaí. i.e. Más rud é go bhfuair Toghach Comhairle 20% d'iomlán na vótaí sa Toghach Parlaiminte, beidh sé i dteideal 20% de na toscairí ag an gCoinbhinsiún Toghcháin Parlaiminte.
- Go mbeidh Coinbhinsiúin ag leibhéal toghlaigh an Rialtais Áitiúil/na Comhairle Áitiúla bunaithe ar bhonn 'vóta amháin an duine'

Cinntoidh an togra seo go léireoidh coinbhinsiúin toghcháin an pháirtí ár bhfíorleibhéil tacaíochta ar fud aon toghcheantair ar leith - is é an léiriú is fírinne ar thuairim an phobail. Tugann ualú toscairí luach saothair ar son gníomhaíochais ar bhonn toghlaigh, agus cinntíonn sé ag an am céanna go bhfuil vóta ag gach ball nuair atá iarrthóirí á roghnú do gach toghchán. Tugann sé cosaint don pháirtí i gcoinne cleachtais a nglacann páirtithe na bunáochta leis - ollchlárúchán ball - roimh an gcoinbhinsiún. Ina theannta sin, cuireann sé dualgas ar cheantair áitiúla a gcuid vótaí a uasmhéadú chun a chinntiú go mbeidh an oiread tionchair agus is féidir acu ag aon choinbhinsiún amach anseo.

Cumann an tSeisir Uasail/Uí Fhlannagáin/Mhic Mhánuis, Sligeach

53. Molann an Ard-Fheis seo iad siúd a bhí páirteach sa ghluaiseacht 'Occupy' agus creideann sí gur dea-sampla d'agóid éifeachtach shíochánta iad.

Cumann Mhairéid Uí Fhearghaill, Cathair na Gaillimhe

To this end, commemorative events must be inclusive, should reflect a growing party and colour parties should adhere to an agreed dress code of shirts and ties.

James Connolly Cumann, Dublin

47. This Ard Fheis asks the National Commemoration Committee to have one main 100th Anniversary 1916 Commemoration in Dublin for the centenary in 2016 and all local commemorations to be held on Easter Saturday.

Charlie McGlade Cumann, Dublin

48. This Ard Fheis recognises the personal beliefs and differing religious affiliations of its members. In the name of equality and neutrality, must support secular commemorations based on progressivism and inclusivity.

Jim Lochrie Cumann, Armagh

49. This Ard Fheis proposes that the Easter Lily be made into a sticker.

Charles J. Kickham Cumann, Tipperary

50. This Ard Fheis calls on all its elected members to give due care and consideration when applying to attend conferences/seminars and that they do so only where it benefits its communities/constituents.

Traolach MacSuibhne Cumann, Cork City

51. This Ard Fheis supports party employees availing of ethical pension schemes where they choose to do so.

Gerard Casey Cumann, Antrim

52. This Ard Fheis requests the incoming Ard Chomhairle to direct the Election Department to present proposals to allow delegate weighting for EU, Dáil, Westminster and Assembly election conventions.

Further, that consideration is given to:

- That delegate numbers at an EU convention is based on party support received at the most recent parliamentary election (i.e. if a parliamentary constituency garnered 10% of the overall EU constituency votes, that they be entitled to 10% of the delegates at the EU election convention).
- Likewise, that delegate numbers at a parliamentary election convention is based on party support received at the most recent council election (i.e. if a council constituency garnered 20% of the overall parliamentary constituency votes, that they be entitled to 20% of the delegates at the parliamentary election convention).
- Conventions at a local government/council constituency level are on the basis of one member, one vote.

This proposal ensures that party election conventions truly reflect our support levels across any given constituency - the truest reflection of public opinion. Delegate weighting rewards activism on a constituency basis whilst ensuring that every member has a vote in candidate selection for all elections. It safeguards against the practice of the Establishment parties of mass member registration in the lead-up to the convention. Further it places the onus on local areas to maximise the vote to ensure as much influence as possible at any future convention.

Noble Six/O'Flanagan/MacManus Cumann, Sligo

53. This Ard Fheis commends those involved in the 'Occupy' movement as being an example of effective, peaceful protest.

Mairéad Farrell Cumann, Galway City

54. Iarrann an Ard-Fheis seo ar bhaill Shinn Féin ar baill de SIPTU iad faoi láthair rúin a chur ar aghaidh chuig Comhdháil an Cheardchumainn lena n-iarrtar ar SIPTU a chleamhnú le Páirtí an Lucht Oibre a tharraingt siar.

***Cumann Uí Laoghóg/Uí Mhearthaile, Baile Átha Cliath
Cumann Chathail Mhig Léid, Baile Átha Cliath***

Leasuithe Bunreachtúla

NB. Maidir leis an chuid Bunreachta agus Rialacha thíos, is ionann cló iodálach trom agus breiseanna agus is ionann línte tríd agus scríostaí. Is éard atá sa téacs ar fad eile ná téacs bunreachta.

55. Leasú ar alt 5.4 de Bhunreacht Shinn Féin

5.4 Táillí cleamhnaithe agus cistí

a. Is í an bhliain airgeadais a bheidh ag Sinn Féin ná an bhliain féilire dar críoch 31 Nollaig. Ní mór táille chleamhnaithe Cumainn de €95 a íoc le linn mhí Eanáir agus is é an 31 Eanáir an spriocdháta gach bliain. ***Beidh cumainn atá bunaithe in institiúidí trú leibhéal díolmhaithe ón táille sin.***

Cumann Mháirtín Uí Ursáin, COC

56. Leasú ar alt 5.1e de Bhunreacht Shinn Féin;

Ní mór ballraíocht a athnuachan go bliantúil trí tháille a íoc leis an Ard-Oifig. ***Ina theannta sin, ba cheart táille a íoc leis an Ard-Oifig ar gach athnuachan cúigiú bliain.*** Faoi chúinsí áirithe airgeadais phearsanta, féadfar an táille do bhall aonair a tharscaoileadh le comhaontú ó chathaoirleach an chumainn, le comhaontú ó chathaoirleach na Comhairle Ceantair nó le comhaontú ó chathaoirleach na Comhairle Cúige, tar éis don bhall sin breac-chuntas a thabhairt ar nádúr na gcúinsí sin don chathaoirleach. Ina dhiaidh sin, ní mór don chathaoirleach eolas a thabhairt faoi seo don Ard-Oifig i scríbhinn.

Cumann Mhic Bhriartaigh/Mhig Uidhir, Dún na nGall

54. This Ard Fheis calls on Sinn Féin members currently members of SIPTU, to put forward motions to their union conference calling on SIPTU to withdraw its affiliation to the Labour Party.

***Logue/Marley Cumann, Dublin
Charlie McGlade Cumann, Dublin***

Constitutional Amendments

NB. Below for the Constitution and Rules section, bold italics are additions and strikethroughs are deletions. All other text is current constitutional text.

55. Amendment to 5.4a of the Sinn Féin Constitution

5.4 Affiliation fee and funds

a. The financial year of Sinn Féin shall be the calendar year ending December 31st. A cumann affiliation fee of €95 must be paid during the month of January with a deadline of January 31st of each year. ***Cumann based in third-level institutions shall be exempt from this fee.***

Martin Hurson Cumann, UCC

56. Amendment to section 5.1e of the Sinn Féin Constitution:

Membership must be renewed annually ~~by payment of a fee to Ard Oifig.~~ ***In addition every fifth year renewal should be accompanied with a fee to Ard Oifig.*** Under certain personal financial circumstances the fee for an individual member may be waived with the agreement of the cumann, comhairle ceantair or cúige chairperson once the member concerned has outlined the nature of those circumstances to the chairperson. The chairperson must then inform Ard Oifig of this in writing.

MacBrearty/Maguire Cumann, Donegal

An Comhshaol, Pleanáil agus Fuinneamh

57. Iarrann an Ard-Fheis seo ar rialtas na hÉireann agus ar Thionól an Tuaiscirt araon Billí um Athrú Aeráide a bhfuil ábhar agus fócas uile-Éireann i gceist leo a dhréachtú agus a thabhairt isteach. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith sna billí:

- Spriocanna astuithe carbóin do 2020 agus do 2050 i gcomhréir le comhaontuithe an AE agus le comhaontuithe idirnáisiúnta
- Buiséid charbóin 5 bliana atá ceangailteach agus ina bhfuil spriocanna chun astuithe carbóin a laghdú
- Sainúdarás neamhspleách
- Cuntasacht do Thionól an Tuaiscirt agus don Dáil araon, agus tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn
- Na héifeachtaí fadtéarmacha a bhaineann le hathrú aeráide agus bearta is féidir a dhéanamh chun an daonra, tionscail agus poist ar oileán iomlán na hÉireann a chosaint agus chun tairbhe a bhaint as na deiseanna a d'fhéadfadh athrú aeráide a chur ar fáil

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Cumann Benny Connolly, Baile Átha Cliath**

58. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire gur chuir Rialtais na hÉireann agus na Breataine comhthionscadal rúnda um malartú faisnéise teicniúla a bhaineann le Sellafield ar bun i 2008.

Cuireann an Ard-Fheis seo a himní in iúl nár cuireadh an tuarascáil iomlán ar fáil don phobal agus go bhfuil drochmhuinín mhór as an tionscal núicléach. Iarrann an Ard-Fheis seo go bhfoilseofar an tuarascáil 'Risks to Ireland from Incidents at the Sellafield Site' ina hiomláine.

**Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Cumann Mhic Ruaidhrí/Uí Mháirtín, Lú**

59. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Tionól agus ar rialtas na hÉireann staidéar cuimsitheach a chur i gcrích láithreach ar na costais, ar na tairbhí agus ar na tionchair chomhshaoil, shóisialta, shláinte, eacnamaíocha agus phleanála a bhaineann le gach cineál soláthair fuinnimh in-athnuaite ar fud an oileáin, mar gheall ar an mbrú atá orainn treoracha AE a chomhlíonadh.

Ordaíonn an Ard-Fheis seo do stiúrthóireacht na 6 chontae agus do stiúrthóireacht na 26 contae grúpa oibre a bhunú chun páipéar beartais a fhoilsiú ar líonra fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt ar fud oileán na hÉireann agus breithniú a dhéanamh ar thograí amhail feirmeacha gaoithe faoi úinéireacht phobail a chruthú - is é sin, infheistíonn an pobal áitiúil sna feirmeacha gaoithe ina bpobal féin, tógann siad na feirmeacha gaoithe agus glacann siad úinéireacht na bhfeirmeacha gaoithe sin.

Iarrann an Ard-Fheis seo go gcruthófar grúpa oibre uile-oileáin Shinn Féin chun scrúdú a dhéanamh ar leorgacht na dtograí beartais phleanála i ndáil le tuirbíní gaoithe.

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Cumann Bob Doyle/Dinny Barry, Cill Dara**

60. Dearbhaíonn an Ard-Fheis seo go bhfuil acmhainní gaoithe faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann - ní le forbróirí feirme gaoithe, le hinfheisteoirí feirme gaoithe, le húsáideoirí fuinnimh ghaoithe, le cúpla úinéir talún Éireannach ná le náisiúntáit eile iad. Cinnteoidh Sinn Féin go mbeidh orthu siúd ar mhian leo an acmhainn seo a shaothrú cáin/táille chóir a íoc a léireoidh an chuid is mó dá luach eacnamaíoch dá húnéirí dlisteanacha. Úsáidfear an táille/cháin sin go páirteach chun muintir na tuaithe a chúiteamh in aon chailteanas díreach nó indíreach a fhulaingíonn siad mar gheall ar fhorbairt feirme gaoithe agus chun oidhreacht agus bithéagsúlacht thuath na hÉireann a chosaint. Ba cheart an barrachas a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar an bhfiach príobháideach a cruthaíodh an uair dheireanach a saothraíodh comhacmhainn.

Cumann Uí Laoghóg/Uí Mhearthaile, Baile Átha Cliath

Environment, Planning and Energy

57. This Ard Fheis calls on both the Irish Government and Northern Assembly to draft and introduce Climate Change Bills that are all-Ireland in content and focus. The Bills must contain:

- Carbon emission targets for 2020 and 2050 in line with EU and international agreements;
- Binding 5-year carbon budgets containing carbon emission reduction targets;
- An independent expert authority;
- Accountability to both the Northern Assembly and the Dáil with annual reporting on progress;
- The long-term effects of climate change and measures that can be taken to protect the population, industries and jobs of the whole island of Ireland and to take advantage of opportunities which climate change may bring.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Benny Connolly Cumann, Dublin***

58. This Ard Fheis notes that, in 2008, a joint confidential technical information exchange project relating to Sellafield and its associated facilities was set up by the Irish and British Governments.

This Ard Fheis notes with concern that the full report has not been made public and that there is huge distrust of the nuclear industry. This Ard Fheis calls for the full publication of this report 'Risks to Ireland from Incidents at the Sellafield Site'.

***Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Rogers/Martin Cumann, Louth***

59. This Ard Fheis calls on the Assembly and the Irish Government to carry out an immediate comprehensive study of the costs and benefits and the environmental, social, health, economic and planning impacts of all forms of renewable energy provision across the island, given our pressures to deliver on EU directives.

This Ard Fheis mandates the Six-County and 26-County directorates to establish a working group to develop and publish a policy paper on developing a sustainable energy network across the island of Ireland and to consider proposals such as the creation of community-owned wind farms where the local community invest, build and own the wind farms in their community.

This Ard Fheis calls for the creation of an all-island Sinn Féin working group to examine the adequacy of planning policy proposals in relation to wind turbines

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Bob Doyle/Dinny Barry Cumann, Kildare***

60. This Ard Fheis declares Ireland's wind resources to be the property of the people of Ireland - not wind farm developers, not wind farm investors, not wind energy users, not a few Irish landowners and not other nation states. Sinn Féin will ensure that those who wish to exploit this resource will have to pay a fair tax/fee reflecting the greater part of its economic value to its rightful owners. This fee/tax will be used in part to fully compensate rural people who suffer loss directly or indirectly by wind farm development and to protect the environment and biodiversity of the Irish countryside. The surplus should be used to reduce the legacy of private debt created by the last exploitation of a commons resource.

Logue/Marley Cumann, Dublin

61. Cuireann an Ard-Fheis seo i gcoinne fhorchur ainmniú na Páirce Náisiúnta in éagmais fíorchomhairliúcháin agus fíortheagmhála leis na pobail a chónaíonn agus a oibríonn sa cheantar. Ní mór na riachtanais atá ag pobail dhúchasacha faoi láthair agus amach anseo agus a gcuid slite beatha a bhreithniú agus a mhaolú, nuair is cuí.

Tugaimid faoi deara freisin go bhféadfadh bearta agus tionscnaimh eile a bheith chomh héifeachtach céanna maidir le turasóireacht a chur chun cinn, le poist a chruthú, le bonneagar a thógáil, leis an gcomhshaol a chosaint agus le geilleagar an cheantair a fheabhsú.

Comhairle Ceantair an Dúin Theas

62. Iarrann an Ard-Fheis seo go nglacfar le cur chuige uile-Éireann i leith réiteach fadhbanna a thagann as sciúradh díosail tríd an difreálach idir díosal talmhaíochta agus díosal neamhthalmhaíochta a bhaint agus trí íocaíocht dhíreach ar chaiteachas deimhnithe a chur in áit an fhóirdheontais a thugtar don phobal feirmeoireachta faoi láthair.

Cumann Tony Ahern, Muineachán

Pleanáil

63. Agus í ag aithint go bhfuil iarratais phleanála faoi réir cúrsaí breithnithe atá bunaithe ar roinnt athróga éagsúla, agus go bhfuil gá le solúbthacht i dtaca leis sin, ordaíonn an Ard-Fheis seo go gcruthófar grúpa oibre a chuirfeadh le meabhrán na bPrionsabal Pleanála 2008 agus a d'fhorbródh an cháipéis sin, rud a sholáthródh liosta cuimsitheach de phrionsabail agus de chritéir a chuirfeadh Comhairlí Ceantair agus Comhairlí Cúige i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh acu ar sheasamh an pháirtí i leith iarratais bhonneagair, tionsclaíochta agus tráchtála ar leith.

Is iad Stiúrthóireacht na 6 Chontae agus Stiúrthóireacht na 26 Contae a chinnfidh comhdhéanamh an ghrúpa oibre agus cuirfeadh de dhualgas ar an ngrúpa dréachtcháipéis a chur faoi bhráid na hArd-Chomhairle lena daingniú don chéad Ard-Fheis eile.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

64. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Roinn Iompair i mBaile Átha Cliath athmheasúnú a dhéanamh ar an gconair Thoir-Thiar ó Dhún Dealgan go Sligeach atá sa Straitéis Spáis Náisiúnta. Tá imní ar leith ar an Ard-Fheis seo go bhfuil an chuid bheartaithe atá is gaire do Dhún Dealgan suite ar bhealach Bhóthar Charraig Mhachaire Rois. Ní sholáthraíonn an bealach seo atá beartaithe rochtain ar an líonra mótarbhealaigh. Molann an Ard-Fheis seo gur cheart an chuid is oirthearaí den bhealach a bheith suite feadh an N53 (Bóthar Bhaile na Lorgan) a fhreastalaíonn ar Ard Mhacha.

Cumann Mhic Ruaidhrí/Uí Mháirtín, Lú

65. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil bearta níos déine a thabhairt isteach sna Treoirínte Pleanála chun deireadh a chur le húsáid Gléasra Mheicniúil ag forbróirí chun déileáil le fuíolluisce in aon fhorbairtí tithíochta amach anseo agus iarrann sí air maoiniú a chur ar fáil do chomhairlí áitiúla ionas gur féidir leo déileáil le hoidhreacht an ghléasra meicniúil sin agus ionas nach mbeidh ar ghnáthúinéirí tí iarmhairtí tubaisteacha an ghléasra sin a fhulaingt.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

Iompar

66. Iarrann an Ard-Fheis seo ar Rialtas Fhine Gael / Pháirtí an Lucht Oibre cloí leis an dualgas atá air faoi Chomhaontú Chill Rímhinn agus maoiniú iomlán a chur ar ais do dhébhealach an A5 ó Dhoire / Dhún na nGall go Baile Átha Cliath le gur féidir an tionscadal rithábhachtach sin a chur i gcrích chomh luath agus is féidir.

***Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Comhairle Ceantair na hÓmaí
Comhairle Ceantair an tSraitha Bháin***

61. This Ard Fheis opposes the imposition of National Park designation in the absence of genuine consultation and engagement with the communities who live and work in the area. Consideration and mitigation, where appropriate, must be given to the current and future needs of indigenous communities and their livelihoods.

We further note that other measures and initiatives may equally promote tourism, create employment, build infrastructure, protect the environment and improve the economy of an area.

South Down Comhairle Ceantair

62. This Ard Fheis calls for an all-Ireland approach to resolving problems caused by diesel laundering through the removal of the differential between agricultural and non-agricultural diesel and the replacement of the current subsidy to the farming community by direct payment on vouched expenditure.

Tony Ahern Cumann, Monaghan

Planning

63. Whilst acknowledging that planning applications are subject to consideration based on any number of variables, and the need for flexibility in this regard, this Ard Fheis mandates the creation of a working group which, having reference to Planning Principles memorandum 2008, would expand upon and develop the document so as to provide a comprehensive list of principles and criteria which would be applied by Comhairle Ceantair and Comhairle Cúige in determining a party position in respect of specific infrastructural, industrial and commercial applications.

The working group composition will be selected by the Six-County and 26-County directorates and will be tasked to submit a draft document to An Ard Chomhairle for ratification at the next Ard Fheis

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

64. This Ard Fheis calls on the Department of Transport in Dublin to reassess the route of the East-West corridor from Dundalk to Sligo in the so-called National Spatial Strategy. This Ard Fheis is particularly concerned that the proposed section closest to Dundalk is along the Carrickmacross Road route. This proposed route offers no access to the motorway network. This Ard Fheis proposes that the eastern-most section of the route be located along the N53 (Castleblayney Road) servicing County Armagh.

Rogers/Martin Cumann, Louth

65. This Ard Fheis calls on the Minister of the Environment, Community and Local Government to introduce more stringent measures into the Planning Guidelines to eradicate the use of mechanical plants by developers for the purpose of dealing with waste water in any future housing developments and that the Minister makes funds available to local councils to allow them deal with the legacy of these mechanical plants and not to further burden ordinary homeowners with the disastrous consequences of these failed plants.

Donegal Comhairle Ceantair

Transport

66. This Ard Fheis calls on the Fine Gael/Labour Government to immediately honour its responsibility to the St Andrews Agreement and restore full funding to the A5 Derry and Donegal dual carriageway to Dublin to allow that vital project to be completed as soon as possible.

***Donegal Comhairle Ceantair
Omagh Comhairle Ceantair
Strabane Comhairle Ceantair***

67. Iarrann an Ard-Fheis seo go ndéanfar dul chun cinn go práinneach ar na céadta bóithre neamhcríochnaithe a chur i gcrích ar fud na tíre.

***Cúige na Sé Chontae
Cumann Mhairtíogh Oileán an Ghuail/Chluain Eo, Tír Eoghain***

68. Iarrann an Ard-Fheis seo go ndéanfar uasghrádú láithreach ar an A6, arb é an príomhbhealach ag Dún Geimhin agus Muine Chnoic ó Dhoire agus ó réigiún an Iarthuaiscirt go Béal Feirste é.

Iarrann an Ard-Fheis seo go n-athbhunófar seirbhís farantóireachta atá rialta, laethúil agus ar fáil an bhliain ar fad ar an trasbhealach idir an Caisleán Nua agus Aird Mhic Giollagáin agus go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun é a mhaoiniú.

***Comhairle Ceantair Léim an Mhadaidh
Comhairle Ceantair Chúil Raithin***

69. D'fhonn Oileán inbhuanaithe na hÉireann a chruthú, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le hiompar inbhuanaithe. Is eol go gcabhraíonn rothaíocht, seachas tiomáint, ar feadh turais ghearra le teaghlaigh airgead a choigilt, go laghdaíonn sí an baol tinnis a bhaineann le hotracht, go gcuireann sí cailliúint meáchain chun cinn agus, dá bhrí sin, go laghdóidh sí an méid airgid a chaithfear ar chúram sláinte san fhadtéarma. Cabhróidh bonneagar rothaíochta le laghdú a dhéanamh ar an spleáchas atá ar ola eachtrach. Níos tábhachtaí fós, d'fhéadfaimis laghdú a dhéanamh ar an méid airgid a bhíonn ag imeacht ón ngeilleagar áitiúil ar an mbealach sin. Cruthóidh infheistíochtaí bonneagair den sórt sin poist sa ghearrthéarma freisin. Iarrann an Ard-Fheis seo líonraí rothaíochta níos fearr ar fud Oileán na hÉireann ar mhaithe le hinbhuanaitheacht a bhaint amach.

Cumann Uí Nualláin/Mhic Giolla Domhnaigh, Béal Feirste

70. Iarrann an Ard-Fheis seo leibhéal níos airde comhtháthaithe agus comhoibrithe i measc soláthraithe iompair phoiblí ar fud an oileáin ar mhaithe le haonrú sóisialta a laghdú agus le héifeachtúlachtaí a sheachadadh.

Cúige na Sé Chontae

71. Iarrann an Ard-Fheis seo ar Iarnród Éireann polasaí achomharc fíneálacha ticéid a chur i bhfeidhm do chustaiméirí ionas gur féidir déileáil le cúiseanna dlísteanacha ar bhealach báúil seachas an dóigh fhuar a ndéileáiltear leo faoi láthair.

Cumann Nollag Mhic Cana, Gaillimh

72. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an gCoiste Feidhmiúcháin maoiniú a chur ar fáil chun tacú le córas Mearláine Bhéal Feirste (BRT) a chruthú. Nuair a bhunófar í, beidh an BRT ina seirbhís nua-aimseartha iompair phoiblí do Bhéal Feirste agus léireoidh sí gur cathair bhríomhar atá ag fás é. Beidh an córas nua iompair an-tábhachtach ar dtús maidir leis na pobail i mBéal Feirste Thoir agus i mBéal Feirste Thiar a nascadh le chéile, le ceantair atá díothach ó thaobh cúrsaí sóisialta de a thabhairt le chéile, le rochtain a fháil ar fhostaíocht, ar shláinte, ar oideachas, ar chultúr agus ar fhóillíocht. Tar éis na chéad chéime a nascfaidh Béal Feirste Thoir agus Béal Feirste Thiar le chéile, ba cheart í a thabhairt isteach ina dhiaidh sin i gcodanna eile den chathair, lena n-áirítear Béal Feirste Thuaidh agus Béal Feirste Theas.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

73. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Rialtas mórinfheistíocht a dhéanamh in Aerfort Chnoc Mhuire, cosúil le tarrtháil Aerfort na Sionna, d'fhonn inbhuanaitheacht Aerfort Chnoc Mhuire a chinntiú sa todhchaí. Cuideachta neamhbhrabúis is ea Aerfort Chnoc Mhuire agus tá sainordú aige ní amháin chun an t-aerfort a chur chun cinn ach chun Réigiún iomlán an Iarthuaiscirt a chur chun cinn trí thurasóireacht agus trí chruthú post.

Comhairle Ceantair Mhaigh Eo

74. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire an tábhacht a bhaineann leis an gconradh oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO) don tseirbhís aeir chuig Oileáin Árann agus aithníonn sí gur cuid lárnach de shaol an oileáin é agus go bhfuil sé ríthábhachtach i gcásanna éigeandála leighis agus iarrann sí ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta tacaíocht do sheachadadh na seirbhíse seo sa todhchaí a chosaint.

Cumann Mhairtín Uí Chadhain, Gaillimh

67. This Ard Fheis calls for urgent progress to be made in completing the hundreds of unadopted roads throughout the country.

***Six County Cúige
Coalisland/Clonoe Martyrs Cumann, Tyrone***

68. This Ard Fheis calls for the immediate upgrading of the A6, the main route from Derry and the North-West to Belfast at Dungiven and Moneynick.

This Ard Fheis also calls for the re-establishment of a regular daily and year-round ferry service on the Greencastle to Magilligan crossing and the adequate resources to be put in place to fund this.

***Limavady Comhairle Ceantair
Coleraine Comhairle Ceantair***

69. In order to create a sustainable island of Ireland, we need to address the issue of sustainable transport. It is known that cycling for short distance journeys, rather than driving, helps households to save money, promotes weight loss, reduces the risk of obesity related illnesses and therefore decreases long-term spend on health care. Cycling infrastructure will help reduce dependence on foreign oil. Crucially, we could decrease the amount of money leaving the local economy in this way. Such infrastructure investments will also create employment in the short-term. This Ard Fheis calls for improved cycling networks across the island of Ireland to achieve sustainability.

Nolan/Downey Cumann, Belfast

70. This Ard Fheis calls for a higher level of integration and co-operation among public transport providers across the island to reduce social isolation and deliver efficiencies.

Six County Cúige

71. This Ard Fheis calls on Iarnród Éireann to put in place a customer base appeals policy for ticket fines to rail users where legitimate reasons can be dealt with in a sympathetic manner rather than the cold, faceless procedure that now exists.

Noel McCann Cumann, Galway

72. This Ard Fheis calls on the Executive to come forward with the finance to support the creation of the Belfast Rapid Transit (BRT) system. BRT when established will be a modern public transport service for Belfast showcasing the city as a growing and vibrant one. This new transport system will be pivotal in linking communities initially in East and West Belfast, bringing socially deprived areas together, providing access to employment, health, education, cultures and leisure. After the first phase, East and West Belfast, it should then be introduced to the other parts of the city, including North and South.

West Belfast Comhairle Ceantair

73. This Ard Fheis calls on the Government to make a major investment in Knock Airport similar in to that of the Shannon Airport bail-out in order to ensure the sustainability of Knock Airport into the future. Knock Airport is a not-for-profit company with a mandate not just to promote the airport but also the entire North-West region via tourism and job creation.

Mayo Comhairle Ceantair

74. This Ard Fheis notes the significance of the Public Service Contract (PSO) contract for the air service to the Aran Islands as being an integral part of island life and vital in cases of medical emergencies and calls on the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht to safeguard the support for the future delivery of this service.

Máirtín Ó Cadhain Cumann, Galway

Geilleagar

Cruthaigh Poist, Cruthaigh Fás

75. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire

- Go bhfuil thart ar 430,000 duine ar an mBeochlár sna 26 Contae agus 68,000 duine ar an mBeochlár sna 6 Chontae
- Go bhfuil eisimirce cothrom le leibhéal nach bhfacthas ó Aimsir an Drochshaoil
- Go gcosnaíonn gach duine atá dífhostaithe thart ar €20,000 ar an Stát go díreach trí airgead a chailltear in 'Íoc mar a thuillir' (PAYE) agus trí chostais leasa shóisialaigh, de réir fhiigiúirí Rialtas na hÉireann

Iarrann an Ard-Fheis seo go dtabharfar bearta sonracha isteach sna 26 Contae, lena n-áirítear:

- Infheistíocht de suas le €13 billiún a dhéanamh i gcruthú post agus i bhfás eacnamaíoch thar thréimhse ceithre bliana ar mhaithe le 156,000 post ar an meán a chruthú agus ar mhaithe le 15,000 post a choinneáil. Ba cheart an spreagadh post sin a úsáid chun infheistiú i mbonneagar riachtanach agus in athghiniúint, rud a chruthóidh poist, a chuirfidh feabhas ar iomaíochas agus a chabhróidh le hathbheocht a chur sa gheilleagar agus a chuideoidh le fiontraithe trí dheireadh a chur leis na baic atá ar ghnó a dhéanamh agus trí thacaíocht a thabhairt dóibh poist nua a choinneáil agus a chruthú.
- Scéim choinneála post ar chostas €100 milliún chun 15,000 post a chosaint ar feadh bliain amháin, agus an acmhainn chun leanúint leis an scéim.
- Líontán sábháilteachta a chruthú do dhaoine féinhostaithe i gcás go gcaillfidh siad a gcuid post.
- Deireadh a chur le cíosanna anuas amháin.
- Dul i ngleic leis na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh i réigiún na Teorann, lena n-áirítear táillí idirbhearta cártaí creidmheasa, táillí teileachumarsáide agus déchórais chánach agus phárolla.
- Infheistíocht €1 billiún a dhéanamh sa tionscal cumhachta gaoithe agus i bhfuinneamh tonnta.
- Gléasra bithscaglainne a athbhunú san Oirdheisceart.
- Dul i ngleic le mí-úsáid as an lipéadú 'déanta in Éirinn'.
- Spriocanna réigiúnacha cruthaithe post a leagan síos.

Aithníonn sí go bhfuil Sinn Féin ag seachadadh post agus é sa rialtas agus go bhfuil maoirseacht déanta aige ar na nithe seo a leanas sa Tionól:

- Infheistíocht chaipitil £4.8 billiún
- Infheistíocht £217.5 milliún in athghiniúint
- Críochnú 53 tionscadal mórchaipitil scoile idir Bealtaine 2007 agus Aibreán 2011, rud arbh ionann é agus infheistíocht £492 milliún in eastát na scoileanna;
- Infheistíocht de níos mó ná £1 billiún i bhfeabhsuithe ar an mbonneagar uisce agus críochnú Thionscadal Séarach Bhéal Feirste arbh fhiú £160 milliún é.

Sa Tionól, formhuiníonn Sinn Féin "Cruthaigh Poist, Cruthaigh Fás", ar Phlean Gníomhaíochta Post Shinn Féin é, agus iarrann sé ar a chuid comhghleacaithe sa Choiste Feidhmiúcháin tacú le hinfeistíocht £1 billiún i gcruthú post sna Sé Chontae trí acmhainní a dháileadh ón mbloodheontas agus trí chruinniú ioncaim agus trí dhleacht mháil a chineadh ón mBreatain.

Ina theannta sin, iarrann an Ard-Fheis seo ar chomhghleacaithe Shinn Féin sa Choiste Feidhmiúcháin tacú leis na nithe seo a leanas:

- Scéim Choinneála Post £80 milliún a chruthú
- Ciste Post don Óige a chruthú
- Bille Soláthair Inbhuanaithe a thabhairt isteach sa Tionól
- £200 milliún eile a dháileadh le haghaidh tionscadail bhonneagair, lena n-áirítear bóithre agus iarnróid
- An buiséad don chlár tógála scoile a mhéadú go £300 milliún in aghaidh na bliana
- Infheistíocht £150 milliún a dhéanamh in Ospidéal nua do Mhná agus Leanaí a fhorbairt

Ard-Chomhairle

Economy

Create Jobs, Create Growth

75. This Ard Fheis notes that:

- There are approximately 430,000 on the Live Register in the 26 Counties and 68,000 in the Six Counties;
- Emigration is at levels not seen since the Famine;
- According to Irish Government figures, each person who is unemployed costs the state in the region of €20,000 directly through money lost in PAYE and social welfare costs.

This Ard Fheis calls for the introduction of specific steps in the 26 Counties, including:

- An investment of up to €13billion in job creation and economic growth over four years to create an average of 156,000 jobs and retain up to 15,000 jobs. This job stimulus to be used to invest in essential infrastructure and regeneration which will create jobs, improve competitiveness and help kick-start the economy and assist entrepreneurs by removing obstacles to doing business and supporting them to retain and create new jobs.
- A job retention scheme at a cost of €100million to protect 15,000 jobs for one year, with the potential to continue the scheme.
- Creating a safety net for self-employed people in the event that they become unemployed.
- Abolishing upward-only rents.
- Tackling the costs of doing business on the border, including credit card transaction fees, telecommunication charges and dual tax and payroll systems.
- €1billion investment in wind power industry and wave energy.
- Re-establishment of a bio-refinery plant in the South-East.
- Tackling the misuse of 'Irish' labeling.
- Setting regional job creation targets

Recognises that Sinn Féin in government is delivering jobs and in the Assembly has overseen:

- £4.8billion capital investment;
- Investment of £217.5million in regeneration;
- The completion from May 2007 to April 2011 of 53 major capital school projects representing an investment of £492million in the schools estate;
- Investment of more than £1billion in improvements to water infrastructure and completion of the £160million Belfast Sewers Project.

In the Assembly Sinn Féin Endorses 'Create Jobs, Create Growth', Sinn Féin's Jobs Action Plan, and calls on Executive colleagues to support £1billion investment in job creation in the Six Counties by allocating resources from the block grant and revenue raising, including the devolution of excise duty from Britain.

This Ard Fheis further calls upon Sinn Féin's Executive colleagues to support:

- The creation of an £80million Job Retention scheme;
- The creation of a Youth Jobs Fund;
- Introduction of a Sustainable Procurement Bill into the Assembly;
- Allocation of a further £200million towards infrastructure projects, including road and rail;
- Increase school building programme to £300million per annum;
- Investment of £150million in the development of a new Women's and Childrens Hospital.

Ard Chomhairle

76. Tugann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas dá haire:

- Go bhfuil 71,000 duine faoi bhun 25 bliain d'aois dífhostaithe sna 26 contae (31%)
- Go bhfuil 22,000 duine faoi bhun 25 bliain d'aois dífhostaithe sna 6 chontae (22%)
- Go dtéann 1,600 duine ar eisimirce gach seachtain ó na 26 contae de réir na Príomh-Oifige Staidrimh
- Gur chuir Comhairle Eorpach na hÓige agus Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann tograí costáilte le chéile le haghaidh Ráthaíocht Óige agus ní mór don Rialtas iad a bhreithniú go gníomhach

Iarrann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Go dtabharfaidh an Rialtas Fíor-Ráthaíocht Óige isteach, ag cinntiú go ndéanfar tairiscint phoist atá ar ardchaighdeán, oiliúint, oideachas nó socrúchán taithí oibre atá fiúntach a chur ar fáil do gach duine óg sa stát ceithre mhí tar éis dó/di an scoil a fhágáil nó a bheith dífhostaithe
- Go ndéanfar an Ráthaíocht Óige a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí aighneachta don óige agus leis na daoine óga dífhostaithe lena mbaineann agus go dtabharfar tús áite do dhul i ngleic le dífhostaíocht fhadtéarmach óige i gceantair ina bhfuil ardleibhéil mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch
- Go maoineoidh an Stát an Ráthaíocht Óige agus go bhfaighidh sí maoiniú meaitseála ón Aontas Eorpach
- Go mbeadh an costas a bhaineann leis an ngné oiliúna, oideachais agus socrúcháin taithí oibre den chiste Ráthaíochta Óige comhionann le €6,600 in aghaidh an duine gach bliain
- Go ndéanfar an Ráthaíocht Óige a dhearadh mar chuid de chlár infheistíochta níos leithne chun poist a chruthú agus go mbeidh sí mar atá leagtha amach ag Sinn Féin inár gcuid tograí post a foilsíodh i 2012

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Cumann Mhairtírigh Oileán an Ghuail/Chluain Eo, Tír Eoghain**

77. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire

- Go bhfuil tionchar díobhálach á imirt ag an gcor chun donais eacnamaíoch ar dhaoine óga go háirithe
- Go bhfuil sé níos dóichí go mbeidh ar dhaoine óga dul ar eisimirce, agus go bhfuil siad níos dóichí a bheith dífhostaithe mar gheall ar an ráta dífhostaíochta óige de 30%
- Go raibh tionchar diúltach ag ciorruithe ar dhaoine óga go háirithe, lena n-áirítear na laghduithe i leas sóisialach, i seirbhísí pobail, i dtacaíochtaí oideachais - deontais agus táillí méadaithe san áireamh - agus in áiseanna oiliúna
- Cáineann sí an dóigh a n-imríonn an Rialtas sa Deisceart leatrom ar dhaoine óga san earnáil phoiblí agus tabhairt isteach pá agus coinníollacha laghdaithe d'iontrálaithe nua
- Cuireann sí a dlúthpháirtíocht leis an INMO in iúl agus é ag imirt baghcait ar na poist éagóracha nua d'altraí nuacháilithe
- Cáineann sí an Coimisiún Eorpach toisc gur theip air acmhainní a chur ar fáil chun tacú le tionscnamh ráthaíochta post ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh sé éifeachtach agus gur féidir le daoine óga dul isteach i bhfostaíocht nó in oiliúint atá fiúntach

Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Formhuiníonn sí an cháipéis phoist "Gan Phoist, Gan Todhchaí, Gan Bhealach" atá foilsithe ag Sinn Féin - Óige Phoblachtach
- Molann sí tuarascáil den scoth Mandate dar teideal 'Decent Work?', rud ina dtarraingítear aird ar an gcineál an-éagobhsaí post atá ag cuid mhór oibríthe sna tionscail mhiondíola agus seirbhísí, tionscail a bhfuil mórán oibríthe óga páirteach iontu
- Molann sí na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoiste Feidhmiúcháin chun leanúint le híocaíochtaí riachtanacha EMA

Iarrann sí ar Rialtas na 26 Contae

- Aon laghduithe eile i leas sóisialach agus aon ciorruithe eile i seirbhísí sóisialta a chur as an áireamh

76. This Ard Fheis notes that:

- 71,000 people under the age of 25 are unemployed in the 26 Counties (31%);
- 22,000 people under the age of 25 are unemployed in the Six Counties (22%);
- According to the CSO, 1,600 people are emigrating every single week from the 26 Counties;
- The European Youth Council and the National Youth Council of Ireland have produced costed proposals for a Youth Guarantee that deserve active consideration by Government.

This Ard Fheis calls for:

- A real Youth Guarantee by the Government ensuring that all young people in the state will have an offer of a quality job, meaningful training, education or work experience placement within four months of leaving school or becoming unemployed;
- The Youth Guarantee to be designed and implemented in partnership with youth advocacy organisations and the young unemployed involved and prioritise long-term youth unemployment in areas of high socio-economic disadvantage;
- The Youth Guarantee to be funded by the state with matching funding from the European Union;
- The cost of the training, education and work experience placement element of the Youth Guarantee fund to be €6,600 per person annually;
- The Youth Guarantee be designed as part of a broader investment programme to create jobs and outlined by Sinn Féin in our jobs proposals published in 2012.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Coalisland/Clonoe Martyrs Cumann, Tyrone***

77. This Ard Fheis:

- Notes that young people are being particularly adversely affected by the economic downturn;
- Notes that young people are more likely to be forced to emigrate and more likely to be unemployed with a 30% youth unemployment rate;
- Notes that young people have been particularly badly affected by cutbacks, including in reductions in social welfare, community services, and educational supports such as grants, increased fees and cuts in training facilities;
- Criticises the victimisation by the Government in the South of younger entrants in the public sector and the introduction of reduced pay and conditions for new entrants;
- Extends its solidarity to the Irish Nurses & Midwives Association during the course of their boycott of the new unjust newly-qualified nursing positions.
- Criticises the failure of the European Commission to support a jobs guarantee initiative with resources in order to ensure that it is effective and young people can enter worthwhile employment or training.

This Ard Fheis:

- Endorses the Sinn Féin - Óige Phoblachtach jobs document 'No Jobs, No Future, No Way';
- Commends trade union Mandate's excellent report 'Decent Work?' which highlights the very precarious nature of work for many workers in the retail and services industries, which includes many younger workers;
- Commends the efforts of the Executive in maintaining essential EMA payments.

Calls on the 26-County Government:

- To rule out any further reductions in welfare or cutbacks in social services;

- Beartais shonracha phoist a chur i bhfeidhm a thacaíonn leis an óige, mar shampla, gach scéim Fostaíochta Pobail (CE) a leathnú do gach duine faoi bhun 25 bliain d'aois, fíor-ráthaíocht phoist a thabhairt, agus measúnú rialta a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus fostaíochta
- Pacáiste suntasach spreagtha a thabhairt isteach a d'fhéadfadh poist a chur ar fáil do dhaoine óga agus athbheocht a chur sa gheilleagar
- Aon mhéaduithe eile i dtáillí agus aon chiorruithe eile ar dheontais a chur as an áireamh

Coiste Náisiúnta Óige

78. Tugann an Ard-Fheis seo faoi deara go bhfuil páirc IDA atá go hiomlán seirbhísithe agus a chlúdaíonn 20 acra folamh i gCaisleán an Bharraigh. Iarraimid cothromas níos mó nuair atá Infheistíocht Dhíreach Eachtrach á dáileadh chun a chinntiú go gcruthaítear poist feadh chósta an Iarthair.

Cumann Uí Mháille/Mhic an Mhíligh, Maigh Eo

79. Iarrann an Ard-Fheis seo go mbunófar aonad cothaithe gnóthas i sráidbhailte tuaithe a forbraíodh go tapa gan seirbhísí ná soláthairtí leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm le haghaidh fostaíocht amach anseo le linn bhlianta an bhorrtha. Sampla de shráidbhaile den sórt sin is ea Baile an Droichid i nDeisceart Loch Garman, áit ina bhfuil an pobal áitiúil tréigthe ag an mbunaíocht pholaitiúil.

Cumann Phearaile/Uí Chorráin/Uí Ógáin, Loch Garman

80. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Aithníonn sí an méid a chuireann micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide le sochaí agus le geilleagar na hÉireann;
- Aithníonn sí an ról a imríonn caiteachas rialtais maidir le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht a spreagadh;
- Aithníonn sí go bhfuil an Rialtas agus an Coiste Feidhmiúcháin ar na príomhcheannaitheoirí earraí agus seirbhísí ar an oileán seo agus go meastar go gcaitheann siad €20 billiún in aghaidh na bliana ar fud an oileáin;
- Aithníonn sí an luach sochaíoch agus eacnamaíoch a bhaineann le clásail shóisialta a chur san áireamh i gconarthaí poiblí, go háirithe maidir le poist, le deiseanna agus le hoiliúint a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe le fada agus do dhaoine óga atá dífhostaithe;
- Cáineann sí an Rialtas toisc gur theip air dul i ngleic leis na baic atá roimh mhicreaghnóthais agus roimh ghnóthais bheaga agus mheánmhéide go fóill agus iad ag cur tairisceana isteach ar chonarthaí poiblí;
- Cáineann sí an Rialtas arís toisc gur chuir sé clásail shóisialta as an áireamh i gconarthaí poiblí;
- Molann sí Airí Shinn Féin sa Tionól as a gcuid oibre chun clásail shóisialta a chur san áireamh i gconarthaí soláthair phoiblí;
- Iarrann sí ar gach Aire ó thuaidh agus ó dheas a chinntiú go gcuirfear clásail shóisialta san áireamh i ngach Conradh ceannaigh rialtais ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le caiteachas rialtais.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

**Cumann Uí Maoilmhiadhaigh/Mhic Cathmhaoil, Cathair na Gaillimhe
Comhairle Ceantair Mhuineacháin**

81. Cuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh thosach Pháirceanna Eolaíochta an Iarthuaiscirt ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) agus ag Dún Sheoirse i nDoire agus iarrann sí fócas athnuaite ar réitigh Uile-Éireann, cosúil leis an gceann seo, ar théarnamh eacnamaíoch.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

82. Tacaíonn an Ard-Fheis seo le Forbairt an Gheilleagair Shóisialta ó thaobh Cruthú Post de agus ó thaobh Athghiniúint Pobal de agus iarrann sí ar an gCoiste Feidhmiúcháin ciste tiomnaithe a bhunú chun éascú a dhéanamh ar iasachtaí don earnáil agus spriocanna a leagan síos dá Ghealltanas d'Aistriú Sócmhainní atá i gClár an Rialtais.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

- To put in place specific pro-youth jobs policies such as extending all CE schemes to everybody under-25, a real jobs guarantee, and regular assessment of training and employment needs;
- To introduce a substantial stimulus package that could get young people back to work and kick-start the economy;
- To rule out any further increases in fees or cutbacks to grants.

Coiste Náisiúnta Óige

78. This Ard Fheis notes that a fully-serviced 20-acre IDA park lies empty in Castlebar. We are calling for greater equity in distribution of Foreign Direct Investment to ensure employment is created along the Western seaboard.

O'Malley/McEvilly Cumann, Mayo

79. This Ard Fheis calls for the establishment of business incubation units in rural villages that were rapidly developed without adequate services or provisions for future employment during the boom years. An example of such a village is Bridgetown in south Wexford where the local community has been abandoned by the political establishment.

Parle/Crean/Hogan Cumann, Wexford

80. This Ard Fheis:

- Acknowledges the contribution micro, small and medium-size business make to Ireland's society and economy;
- Recognises the role of government spending in stimulating economic growth and employment;
- Recognises that the Government and Executive are the largest purchasers of goods and services on the island with an estimated spend of €20billion per annum across the island;
- Recognises the societal and economic value of including social clauses in public contracts, particularly in providing jobs, opportunities and training for the long-term and youth unemployed;
- Criticises the Government's failure to tackle the barriers that remain for micro and SMEs in tendering for public contracts;
- Further criticises the Government for the exclusion of social clauses in public contracts;
- Commends Sinn Féin ministers in the Assembly for their work in including social clauses in public procurement contracts;
- Calls on all ministers in the North and South to ensure that social clauses are included in all government purchasing contacts to maximise the economic and social benefits of government spending.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Mulvoy/Campbell Cumann, Galway City
Monaghan Comhairle Ceantair***

81. This Ard Fheis welcomes the commencement of the North West Science Parks at LYIT and Fort George in Derry and calls for a renewed focus on all-Ireland solutions such as this to assist economic recovery.

Donegal Comhairle Ceantair

82. This Ard Fheis supports the development of the social economy in terms of job creation and regeneration of communities and calls on the Executive to set up a dedicated fund to facilitate loans for the sector and set targets for its Programme for Government Commitment to Asset Transfer.

West Belfast Comhairle Ceantair

Frithdhéine

83. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Diúltaíonn sí do na beartais déine atá á gcur i bhfeidhm ag Rialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre, ag Comhrialtas na dTóraithe/na nDaonlathaithe Liobrálacha i Londain tríd an gciorrú ar bhuiséad an Tionóil, agus ag an Aontas Eorpach
- Creideann sí go bhfuil bealach níos fearr agus níos cothroime ann chun an t-easnamh a laghdú agus chun téarnamh eacnamaíoch a chur ar fáil, rud atá bunaithe ar chruthú post, ar chánachas forchéimnitheach, ar chosaint na ndaoine is leochailí agus ar sholáthar seirbhísí poiblí den scoth.

Tugann sí na nithe seo a leanas dá haire

- Gur ghlac Fine Gael, Páirtí an Lucht Oibre agus Fianna Fáil €28 billiún ón ngeilleagar le cúig bliana anuas tar éis sé bhuiséad déine trí chánacha agus trí chiorruithe méadaithe, cé gur thug siad €64 billiún do na bainc agus €32 billiún don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) ag an am céanna.
- Gur theip ar an rialtas dul i ngleic go héifeachtach le grúpaí ardioncaim agus le leasanna dílsithe
- Gur dhírigh gach ceann de na cinntí 'diana' a rinne an rialtas ar na daoine is leochailí - teaghlaigh, leanaí, cúramóirí, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine breoite
- Gur tháinig méadú ollmhór ar eisimirce ar fud an oileáin, go háirithe sna 26 Contae ina bhfágann 80,000 duine ar an meán an tír gach bliain.
- Go leanann an laghdú 40% a rinne rialtas na Breataine ar bhuiséad caipitil na Sé Chontae ar aghaidh le tionchar díobhálach dochrach a imirt ar an ngeilleagar.
- Nár chloígh rialtas reatha na Breataine leis an ngealltanas a thug sé don phacáiste infheistíochta a comhaontaíodh ag Comhaontú Chill Rìmhinn agus gurb ionann é sin agus ciorrú £4 billiún thar an tréimhse bhuiséid.
- Go bhfuil an easpa cumhachtaí cánachais agus iasachtaíochta fós ina bac mór ar théarnamh eacnamaíoch agus go dteorannaíonn sí na bearta is féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin agus leis an Tionól sna 6 Chontae a dhéanamh chun tionchar na gciorruithe a fhritháireamh.
- Go ndíreoidh tograí Rialtas na Breataine i leith athchóiriú leasa arís ar na daoine is boichte agus is leochailí i sochaí na 6 Chontae.

Formhuiníonn sí na nithe seo a leanas

- Tograí malartacha Shinn Féin i leith bhuiséad ilbhliantúil na Breataine, a leag amach malairt ar dhéine agus a d'iarr infheistíocht £1 billiún i gcruithú post.
- Buiséad malartach Shinn Féin do na 26 Contae dar teideal 'Ag Déanamh na Roghanna Cearta', ina raibh bearta chun an t-easnamh a laghdú tríd an gcóras cánach a dhéanamh níos cothroime agus trí chánacha, lena n-áirítear cáin rachmais, a ghearradh ar shaothraithe níos airde, trí thríú ráta nua cánach 48% a thabhairt isteach ar ioncam os cionn €100,000 agus trí fhaoisimh chánach a chaighdeánú; agus a d'fhéach le coigiltí a dhéanamh i gcaiteachas poiblí trí dheireadh a chur leis an diomailt sa phá a íoctar le príomh-státseirbhísigh agus le polaiteoirí, trí dhul i ngleic le tionscail phríobháideacha sláinte agus oideachais agus trí dhul i ngleic le diomailt i gcaiteachas ar leas sóisialach.

Iarrann sí na nithe seo a leanas:

- Go ndéanfar cumhachtaí fioscacha, lena n-áirítear leathnú cumhachtaí iasachtaíochta, a chineadh chuig Coiste Feidhmiúcháin na Sé Chontae.
- Go gcuirfidh rialtas na Breataine an t-easnamh £4 billiún ar ais sa phacáiste spreagtha a comhaontaíodh mar chuid de chomhaontú Chill Rìmhinn.
- Go dtabharfar aghaidh ar an tearcinfheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí poiblí sna 6 chontae.

**Ard-Chomhairle
Cumann Uí Nualláin/Mhic Giolla Domhnaigh, Béal Feirste**

Anti-Austerity

83. This Ard Fheis:

- Rejects the policies of austerity being applied by the Fine Gael/Labour Party Government, and by the Tory/Liberal Democrat Coalition Government in London via the cut to the Assembly budget, and by the European Union;
- Believes that there is a better, fairer way to reduce the deficit and bring about economic recovery that is based on job creation, progressive taxation, and the protection of the most vulnerable, and the provision of first class public services.

Notes that:

- Fine Gael, Labour and Fianna Fáil over five years and six austerity Budgets have taxed and cut €28billion from the economy while at the same time pumping €64billion into banks and €32billion into NAMA;
- The Government has failed to effectively tackle high-earning groups and vested interests;
- All of the Government's 'tough' decisions have targeted the most vulnerable - families, children, carers, the disabled, the elderly and sick people;
- Emigration has soared across the island but particularly in the 26 Counties which has seen an average of over 80,000 people leave each year;
- The British Government cut of 40% in the Six-County capital budget continues to have a corrosive and detrimental impact on the economy;
- The commitment to the investment package agreed at the St Andrews Agreement has been broken by the current British Government and that this represents a £4billion cut over the budget period;
- The absence of taxation and borrowing powers remains a major obstacle to economic recovery and limits the measures that the Six-County Executive and Assembly can deploy to offset the impact of the cuts.
- The British Government welfare reform proposals will further target the poorest and most vulnerable in society in the Six Counties.

Endorses:

- Sinn Féin's alternative proposals to the British multi-annual Budget which set out an alternative to austerity and called for a £1billion investment in job creation;
- Sinn Féin's 26-County Budget alternative, 'Making the Right Choices', which contained measures to reduce the deficit through making the tax system fairer and introducing taxes on higher earners, including a wealth tax, a new third rate tax of 48% on income in excess of €100,000 and standardising tax reliefs; and sought to make savings in public spending through eliminating waste in the wages paid to top civil servants and politicians, tackling the private health and education industries and tackling waste in social welfare spend.

Calls for:

- Fiscal powers, including the extension of borrowing powers be devolved to the Six-County Executive;
- The British Government to reinstate the £4billion shortfall in the investment package, that was agreed as part of the St Andrews Agreement;
- The legacy of under-investment in infrastructure and public services in the Six Counties to be addressed.

**Ard Chomhairle
Nolan/Downey Cumann, Belfast**

84. Molann an Ard-Fheis seo do Chomhdháil na gCeardchumann oibrithe agus a gcuid pobal a eagrú chun cur i gcoinne bheartas déine Rialtas na hÉireann.

Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath

85. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire:

- Gurb é an beartas atá ag rialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre atá ann faoi láthair agus gurbh é an beartas a bhí ag rialtas Fhianna Fáil roimhe sin na bainc a tharrtháil ar chostas cháiníocóir na hÉireann; gur ghlac muintir na hÉireann le 43% den fhiach bainc iomlán a gearradh ar cháiníocóirí ar fud na hEorpa; agus gur chuir Fianna Fáil fiach bainc de €63 billiún ar ghuailí cáiníocóirí na hÉireann agus gur dhiúltaigh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre, agus iad sa rialtas le dhá bhliain anuas, don ualach féich sin a éascú agus, go deimhin, gur chuir siad leis an ualach féich sin.
- In ionad a bheith ag féachaint leis an bhfiach baincéireachta a laghdú, go háirithe laghdú nótaí gealltanais agus neamhíoc nótaí gealltanais, go bhfuil an rialtas seo, le tacaíocht ó Fhianna Fáil, sásta síneadh a dhéanamh ar an tréimhse thar a n-íocfar an fiach éagórach sin, beag beann ar an bhfíric gur gheall rialtas na hÉireann agus rialtais eile Limistéar an Euro ag cruinniú mullaigh Ghrúpa an Euro i Meitheamh 2012 go scarfaidís fiach baincéireachta ó fhiach ceannasach agus go dtabharfaidís aghaidh ar an tsaincheist a bhaineann le fiach bainc oidhreachta a cuireadh ar chlár chomhardaithe le haghaidh fiach ceannasach.

Iarrann an Ard-Fheis seo ar an rialtas seo agus ar rialtais amach anseo tiomantas a thabhairt d'athchaipitliú siarghabhálach bhainc na hÉireann a bhaint amach ag leibhéal Eorpach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar fhiach oidhreachta tríd an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (ESM); iarrann sí orthu éileamh ar an mBanc Ceannais Eorpach (ECB) gníomhú mar lasachtóir na Dála Deiridh agus, tar éis tréimhse thástála struis ar na bainc, agus tar éis laghduithe, athstruchtúraithe agus comhroinnt uallaigh le sealbhóirí bannaí, nuair is gá, ina dhiaidh sin; iarrann sí orthu éileamh ar an ECB a chinntiú go dtabharfar maoiniú don ESM chun bainc a chaipitliú agus go mbeidh réiteach buan ann a scarfaidh fiach baincéireachta ó fhiach ceannasach.

Ard-Chomhairle

Cumann Phádraig Uí Chanáin, Baile Átha Cliath

86. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an rialtas maolú a idirbheartú ó threoir an AE lena gcuirtear iallach ar Rialtais náisiúnta a gcuid conarthaí d'íocaíocht leasa shóisialaigh a chur ar tairiscint. Dá gcaillfeadh An Post an conradh sin, d'fheicfimis cuid mhór Oifigí Poist a bheith á ndúnadh faoin Tuath.

Comhairle Ceantair Mhaigh Eo

Ceardchumann agus Cearta Oibrithe

87. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas

- Aithníonn sí an streachailt céad bliain ar thaobh oibrithe na hÉireann idir 1913 agus 2013, cuimhníonn sí ar na hoibrithe sin a throid ar son cearta agus teidlíochtaí níos fearr dóibh féin agus dá gcuid comhoibrithe le linn na tréimhse sin agus molann sí dóibh as sin.
- Molann sí iarrachtaí na n-oibrithe sin a chuir i gcoinne ciorruithe agus sáruithe ar a gcearta ag fostóirí le bliain anuas agus molann sí na gníomhaithe ó Shinn Féin a thug tacaíocht do na hoibrithe sin.
- Tugann sí faoi deara go bhfuil cearta a lán Oibrithe na hÉireann faoi bhagairt agus faoi shrian mór agus nach bhfuil aon fhoráil reachtúil do chómhargáil go fóill sa bhliain 2013, arb í comóradh 100 bliain an Fhrithdhúnta 1913 í.

Dá bhrí sin, iarrann an Ard-Fheis seo ar Rialtas na hÉireann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Reachtaíocht a achtú a choisfeadh fostóirí ar íocaíocht iomarcaíochta a sheachaint trí shócmhainní a aistriú idir cuideachtaí éagsúla faoi chomhúinéireacht, agus tosaíocht dhlíthiúil a thabhairt d'oibrithe in ionad creidiúnaithe eile nuair atá cuideachta á leachtú
- Réimse na n-íocaíochtaí iomarcaíochta a athchóiriú d'fhonn a chinntiú go dtabharfar cosaint chuí agus fógra cuí d'oibrithe atá á leagan as, go mbogfar íocaíochtaí faoin

84. This Ard Fheis urges the Irish Congress of Trade Unions to organise workers and their communities to challenge the Irish Government's policy of austerity.

James Connolly Cumann, Dublin

85. This Ard Fheis notes that:

- The policy of the current Fine Gael/Labour Government and the last Fianna Fáil Government is to bail out banks at the expense of the Irish taxpayer; that Irish people have taken on 43% of the total bank-related debt that has been inflicted on taxpayers across Europe; and that Fianna Fáil placed €63billion of bank debt on Irish taxpayers' shoulders and that, after two years in government, Fine Gael and Labour have refused to lift this debt burden and have in fact added to it.
- Rather than seek a write-down of banking debt, specifically a write-down and the non-payment of the promissory notes, this government, supported by Fianna Fáil, has been happy to span out the period over which this unfair debt will be paid despite the fact that at a Eurogroup summit in June 2012, the Government (along with other Eurozone governments) committed to separating banking debt from sovereign debt, including dealing with the issue of legacy bank debt which has been placed on sovereign debt balance sheets.

The Ard Fheis calls on this and future governments to commit to securing at European level the retrospective recapitalisation of Irish banks to deal with legacy debt through the ESM; to demand the ECB act as the Lender of Last Resort, and after a period of stress testing of banks, followed by write-downs, restructuring and burden sharing with bondholders where necessary, the ECB ensure the ESM is funded to capitalise banks and ensure a permanent solution that separates banking debt from sovereign debt.

***Ard Chomhairle
Patrick Cannon Cumann, Dublin***

86. This Ard Fheis calls on the Irish Government to negotiate a derogation from the EU directive which compels national governments to put their social welfare contract payments out to tender. Loss of this contract to An Post would ensure the mass closures of our rural post offices.

Mayo Comhairle Ceantair

Trade Unions and Workers' Rights

87. This Ard Fheis:

- Recognises the century of struggle by Irish workers between 1913 and 2013, remembers and salutes all those workers who have fought for better rights and entitlements for themselves and their fellow workers during that period.
- Commends the efforts of workers who have over the last year resisted cutbacks and breaches of their rights by employers and commends the Sinn Féin activists who supported those workers.
- Notes that in 2013, the 100th anniversary of the 1913 Lockout, many Irish workers' rights are under threat and deeply constrained and that there is still no statutory provision for collective bargaining.

This Ard Fheis therefore calls on the Irish Government:

- To enact legislation which would prevent employers from evading the payment of redundancy by transferring assets between different companies under common ownership, and give legal priority to workers over other creditors of a company entering liquidation;
- To reform the area of redundancy payments to ensure adequate protection and notice for workers being laid off, to fast-track payments under the insolvency

- gciste dócmhainneachta go mear agus go ndéileálfar leis an aimhrialtacht a fhágann nach féidir le hoibrithe éileamh a dhéanamh faoin gciste dócmhainneachta i gcás dócmhainneacht neamhfhoirmiúil
- A chinntiú go sonrúfar comóradh céad bliain an Fhrithdhúnta 1913 tríd an gceart chun cómhargáil a chumhdach agus trí aitheantas a thabhairt do cheardchumainn sa dlí
 - Cion a dhéanamh de Dhúnorgain Chorparáideach,
 - Dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhíonn ag oibrithe gan doiciméid agus iad ag lorg sásamh a fháil i sárúithe ar an dlí fostaíochta a tháinig as an gcinneadh sa chás Hussein v an Chúirt Oibreachais
 - Cion a dhéanamh d'Obair éigeantais, rud arb ionann é agus 'sclábhaíocht an lae inniu'

Iarrann an Ard-Fheis seo ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freisin séadchomhartha cú a thógáil dóibh siúd a chuaigh chun spairne ar son a gcuid ceart le linn an Fhrithdhúnta 1913.

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Comhairle Ceantair Mhuineacháin
Cúige Bhaile Átha Cliath**

88. Cáineann an Ard-Fheis seo scriosadh na hEarnála Pobail agus Scéimeanna Fostaíochta Pobail go háirithe agus iarrann sí ar an rialtas aitheantas a thabhairt don obair luachmhar atá déanta ag an earnáil seo agus ag na scéimeanna seo tríd an méid maoinithe atá ar fáil do sheirbhísí pobalbhunaithe a thabhairt ar ais go dtí na leibhéil a bhí ar fáil i 2008, trí acmhainní leordhóthanacha a dháileadh orthu, trí mhéadú a dhéanamh ar líon na spásanna atá ar fáil ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus trí leathnú a dhéanamh ar líon na ndaoine atá incháilithe le haghaidh páirt a ghlacadh i Scéimeanna Fostaíochta Pobail chun freastal ar na cúinsí eacnamaíocha atá ann faoi láthair.

Molann Sinn Féin na ceardchumainn sin a bhí ag obair leis an Earnáil Phobail agus iad siúd atá fós tiomanta do sheirbhísí pobail a chosaint.

**Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath
Cumann Shéamais Fhionntáin Uí Leathlobhair, Laois
Cumann Iorrais, Maigh Eo**

89. Cuireann an Ard-Fheis seo a dlúthpháirtíocht le hoibrithe Mhianaigh na Teamhrach, sheanlóiste Darnley agus B&Q in iúl agus iarrann sí ar an rialtas cearta fostaithe a chosaint mar is ceart.

Cumann Uí Dhochartaigh/Uí Dhubhshláine, an Mhí

Leas Sóisialach agus Comhionannas

90. Cuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh an obair atá déanta ag an Aire Carál Ní Chuilín maidir leis na nithe seo a leanas

- Clásail nua shuntasacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh den chlár caipitil is mó atá ag an gCoiste Feidhmiúcháin faoi láthair, is é sin, an clár chun trí staidiam nua spóirt atá urraithe ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta a thógáil;
- Feidhmiú na ndualgas cuspóiriúil agus níos imeachta i leith comhionannais, alt 75 ina measc, atá ar an Tuaisceart chun a chinntiú go ndéanfar acmhainní agus deiseanna a imfhálú agus a dhíriú go sonrach ar earnálacha a bhfuil na míchothromaíochtaí is mó rompu sna réimsí a bhfuil an riachtanas oibiachtúil is mó acu;
- Scéim an Phá Maireachtála, agus deiseanna d'fhochothraitheoirí, a chur chun cinn trí Chlár na Staidiamáí;
- Tabhairt isteach thosaíocht nua na Roinne chun Comhionannas a Chur Chun Cinn, agus chun Dul i nGleic le hEisiamh Sóisialta agus le Bochtaineacht ar fud gach gnó na Roinne, ag baint leasa arís as dualgais chuspóiriúla agus níos imeachta i leith comhionannais ar mhaithe le díriú ar acmhainní poiblí is mó riachtanas;
- Torthaí inbhuanaithe eacnamaíocha, sóisialta, comhionannais agus comhshaoil a chur chun cinn trí Chlár na Staidiamáí agus trí shruth oibre níos leithne na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta;

Agus, dá bhrí sin, déanann sí na nithe seo a leanas:

- Ordaíonn sí don Tionól cur leis an obair sin, i gcomhar le tionscnaimh níos leithne a

- fund, and to deal with the anomaly of workers being unable to claim under the insolvency fund in the case of informal insolvency;
- To ensure that the centenary of the 1913 Lockout is marked by enshrining the right to collective bargaining and trade union recognition in law;
 - To create the offence of Corporate Manslaughter;
 - To deal with the difficulties faced by undocumented workers gaining redress for breaches of employment law created by the decision in Hussein v the Labour Court;
 - To make forced labour (modern day slavery) an offence.

This Ard Fheis also calls on Dublin City Council to erect a fitting monument to those who struggled for their rights during the 1913 Lockout.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Monaghan Comhairle Ceantair
Cúige Bhaile Átha Cliath***

88. This Ard Fheis condemns the destruction of the community sector and in particular Community Employment schemes and calls on the Fine Gael/Labour Government to recognise the valuable work done by this sector and these schemes by reverting to 2008 levels of funding for community-based services, allocating sufficient resources, increasing numbers on CE schemes and widening the eligibility of CE participants to meet the current economic circumstances.

Sinn Féin applauds those trade unions who have been working with the community sector and those who remain committed to defending community services.

***James Connolly Cumann, Dublin
James Fintan Lalor Cumann, Laois
Erris Cumann, Mayo***

89. This Ard Fheis a message of solidarity to the workers of Tara Mines, the Old Darnley Lodge and B&Q and calls on the Fine Gael/Labour Government to properly protect employee rights.

Doherty/Delaney Cumann, Meath

Social Welfare and Equality

90. This Ard Fheis welcomes the work done by Minister Carál Ní Chuilín in

- Developing and implementing significant new social clauses within the Executive's current largest capital programme to build three new sports stadiums sponsored by the Department of Culture, Arts and Leisure;
- The purposive, as well as procedural, application of the North's equality duties, including Section 75, to ensure that resources and opportunities are specifically ring-fenced and targeted at sectors facing greatest inequalities within areas of greatest objective need;
- Promoting the Living Wage Scheme, and opportunities for sub-contractors, through the Stadium Programme;
- The introduction of a new departmental priority to promote equality, and tackle social exclusion and poverty throughout all departmental business, once again utilising the purposive as well as procedural equality duties to target public resources at need;
- Promoting sustainable economic, social, equality and environmental returns through the Stadium Programme and wider DCAL work-stream.

This Ard Fheis therefore:

- Mandates the Assembly team to build on this work, in conjunction with broader

- bhaineann le beartas soláthair phoiblí atá dírithe ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus ar fhochoonraitheoirí áitiúla, agus an fhís níos leithne a bhaineann le samhail eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn; agus,
- larrann sí ar gach Roinn an Choiste Feidhmiúcháin a chinntiú go ndéanfar sonraí cuimsitheacha alt 75 maidir le míchothromaíochtaí ar fud gach earnála a bhailiú, a anailísiú, a mheas agus a shaothrú d'fhonn a áirithiú go ndéanfar acmhainní poiblí a dhíriú agus a sheachadadh i gcomhréir le beartas poiblí agus le riachtanais an dlí phoiblí.

Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

91. larrann an Ard-Fheis seo "Straitéis Náisiúnta um Bochtaineacht" a dhéanfaidh promhadh ó thaobh Bochtaineachta de ar gach beartas náisiúnta agus áitiúil. Tá gá le promhadh ó thaobh bochtaineachta de a dhéanamh ar gach beartas agus iad ag céim an dearaidh agus ag céim an fheidhmithe araon ar mhaithe le daoine a chosaint.

Ba cheart don Straitéis seo díriú ar dheireadh a chur le bochtaineacht leanúnach agus le bochtaineacht leanúnach trí reachtaíocht spriocdhírithé a bhfuil spriocanna intomhaiste ag gabháil leo.

**Cumann Uí Néill/de Barra, Cathair Chorcaí
Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar**

92. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo;

- Go leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh le teaghlaigh ísealioncaim agus leo siúd atá ag brath ar leas sóisialach a chosaint agus go leanfaidh sé ar aghaidh le seasamh suas dóibh a bhfuil ciorruithe an rialtais ag díriú orthu.
- Go gcuirimid i gcoinne na mbeartas déine atá á saothrú ag Comhrialtas na dTóraithe/na nDaonlathaithe Liobrálacha sa Bhreatain agus ag comhrialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre agus atá ag déanamh difear díreach do na daoine is leochailí i sochaí na hÉireann.
- Go bhfuilimid tiomanta do bhrú a chur ar na hinstitiúidí parlaiminteacha ó Thuaidh agus ó Dheas d'fhonn a chinntiú go dtabharfar an oiread cosanta agus is féidir anois agus sa todhchaí dóibh siúd atá ag fáil sochair agus a bhfuil poist ar phá íseal acu.
- Go dtacaíonn sí le haistriú cumhachtaí fioscacha chuig an Tuaisceart, rud a thabharfadh de chumhacht dá institiúidí cánacha a athrú agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh a chinneadh.
- Go n-iarrann sí go gcuirfear Buiséad Malartach Shinn Féin chun feidhme toisc go bhfuil sé ar an mbealach is cothroime chun dul i ngleic leis an spleáchas atá ar leas sóisialach, chun poist a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus chun beocht a chur sa gheilleagar.
- Gur iarramar ar Joan Burton, ar Aire de chuid Pháirtí an Lucht Oibre í, aird a thabhairt ar an iomaí tuarascáil ina léirítear na tionchair mhillteacha atá á n-imirt ag a cuid beartas ar theaghlaigh atá ag brath ar leas sóisialach agus ar dhaoine ar ísealioncam, agus gur iarramar uirthi a cuid cur chuige a athrú agus cosaint a thabhairt do na boicht, do leanaí, do dhaoine faoi mhíchumas agus do phinsinéirí go háirithe in aghaidh an damáiste a dhéanann a gcuid bearta déine. Iarraimid uirthi agus ar a rialtas cloí leis an ngealltanas a thug siad le linn an toghcháin agus i gClár an Rialtais "chun na daoine is leochailí a chosaint" agus na ciorruithe pionósacha a aisiompú.
- Go ndíúltaímid do chur chuige na dTóraithe a bhaineann le gnáthdhaoine a chur i gcoinne a chéile trí na hiarrachtaí atá déanta acu roinnt de na daoine is boichte is leochailí a dhamhnú agus a imeallú agus go gcuirimid i gcuimhne dóibh gurbh é iompar na n-institiúidí airgeadais, seachas iompar na ndaoine atá tinn, faoi mhíchumas nó dífhostaithe, a raibh ina chúis leis an ngearchéim eacnamaíoch atá ann faoi láthair.
- Go bhfuilimid tiomanta do chur i gcoinne tionchar díobhálach ar bith a imríonn clár oibre reatha rialtas na Breataine i leith Athchóiriú Leasa agus do gach beart is féidir a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh beartas sóisialta níos oiriúnaí do na cúinsí agus do na riachtanais atá ag ár bpobail uile i dtuaisceart na hÉireann.
- Go gcreidimid nach ndéanann ciorruithe ar leas sóisialach difear d'fhaighteoirí leasa shóisialaigh amháin, ach go ndéanann siad difear díobhálach do gheilleagair áitiúla freisin.

Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae agus Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

public procurement policy initiatives aimed at SMEs and local sub-contractors, to promote the broader vision of a sustainable economic model;

- Calls on all of the Executive's departments to ensure comprehensive Section 75 data on inequalities across all sectors is collected, analysed, assessed and acted upon to ensure the targeting and delivery of public resources in line with public policy and public law requirements.

Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

91. This Ard Fheis calls for a National Poverty Strategy which will poverty-proof all national and local policies. There is a need to poverty-proof all policies at both design and implementation stage to protect people.

This strategy should also target bringing consistent poverty and child poverty down to zero over time through targeted legislation with measurable targets.

***O'Neill/De Barra Cumann, Cork City
West Belfast Comhairle Ceantair***

92. This Ard Fheis reiterates:

- Sinn Féin's continued position of defending and standing up for low-income families and those depending on social welfare who are being targeted by government cuts;
- Our opposition to the austerity policies being pursued by both the British Tory/Lib Dem and Fine Gael/Labour coalition governments which are directly impacting on the most vulnerable in Irish society;
- Our determination to work both North and South, inside and out the parliamentary institutions, to ensure the maximum protections for those on benefits and in low-paid employment now and in the future;
- Supports the transfer of fiscal powers to the North, giving the institutions the tax-varying powers and the ability to set social welfare payments;
- Calls for the implementation of Sinn Féin's Alternative Budget proposals as the fairest way to tackle social welfare dependance and get the unemployed and the economy back to work
- Our call on the Labour Party Minister Joan Burton to pay heed to the many reports that have shown the devastating effects on social welfare dependent families and low-income earners their policies are having and to change direction and protect the poor, children, the disabled and pensioners in particular from the wrath of their austerity measures;
- Our call on Minister Burton and her government to live up to their election and Programme for Government promises "to protect the most vulnerable" and to reverse the punitive cuts;
- Our rejection of the Tory-led agenda of pitching ordinary people against one another through attempts to demonise and marginalise some of our poorest, most vulnerable citizens and remind them that responsibility for the current economic crisis lies with the behaviour of financial institutions and not with the sick, disabled and unemployed;
- Our determination to challenge any adverse impact of the British Government's current 'welfare reform' agenda and take all measures possible to ensure social policy better reflects the circumstances and needs of all our communities in the North of Ireland;
- Our belief that cuts to social welfare not only affects social welfare recipients and their families but also has a depressing effect on local economies.

Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae agus Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

93. Iarrann an Ard-Fheis seo go gcuirfear faoiseamh cánach i bhfeidhm do chúram leanaí chun an t-ualach atá ar theaghlaigh a mhaolú agus chun tuismitheoirí a spreagadh le dul ar ais ag obair.

Cumann Mhic Gabhann/Mhic an tSábhaisigh, Baile Átha Cliath

94. Aithníonn Sinn Féin an phian atá cruthaithe ag eisimirce do na mílte teaghlach in Éirinn agus cuireann sé fáilte roimh aon iarracht a chabhróidh lenár ndiaspóra teacht abhaile. Ina theannta sin, iarrann an Ard-Fheis seo go gcuirfear deireadh leis an gClásal Gnáth-Chónaitheachta (HRC) a dhéanann leithcheal ar eisimircigh na hÉireann atá ag teacht abhaile tar éis dóibh cónaí thar lear ar feadh níos mó ná dhá bhliain. Dearbhaímid freisin go gcuirimid i gcoinne an HRC toisc go ndéanann sé leithcheal ar shaoránaigh na hÉireann a rugadh sa Tuaisceart agus a chónaíonn anois sna Sé Chontae is Fiche.

***Cumann Mhagh, Dún na nGall
Cumann Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cathair Chorcaí
Comhairle Ceantair Dhún na nGall***

95. Iarrann an Ard-Fheis seo go n-eisrechtófar aistriú sócmhainní chuig ball teaghlaigh roimh fhéimheacht. Molaimid don pháirtí córas a fhorbairt a fhágfaidh gur féidir teicníc sheachanta den sórt sin a aisiompú.

Cumann Mhic Gabhann/Mhic an tSábhaisigh, Baile Átha Cliath

96. Iarrann an Ard-Fheis seo go ndéanfar plean cinnte straitéiseach, a mbeidh cibé bearta is gá ag gabháil leis, a thabhairt isteach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Céatadán i bhfad níos airde de phinsin agus de chnapshuimeanna iomarcacha a íoctar le baincírí, le hiarpghlaiteoirí agus le príomh-státseirbhísigh a aisghlámadh
- Banda speisialta cánach a chur san áireamh sa straitéis a dhéileálfaidh leis na luachanna saothair aimhrialta éagóracha sin
- Iarrann sí go gcuirfear a leithéid de bheart chun feidhme chomh luath agus is féidir agus go mbeidh sé mar chuid shuntasach de bheartas Shinn Féin.

Cumann Phort Láirge Thiar

97. Molann an Ard-Fheis seo:

- 1) Go ndéanfar Banc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann, Cuideachta Bheatha na hÉireann, Cumann Foirgníochta EBS agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann a náisiúnú go hiomlán d'fhonn "Sárbhanc" amháin a chruthú.
- 2) Go ndéanfar an "Sárbhanc" amháin sin a fhoirceannadh agus a roinnt ina cheithre bhanc cúige.
- 3) Go ndéanfaidh na ceithre bhanc cúige sin bainc chontae a chruthú ina dhiaidh sin, rudaí a oibreofar cosúil le comhair chreidmheasa agus a bheidh á reáchtáil go dlúth ag an rialtas áitiúil agus ag daoine áitiúla.
- 4) Reáchtálfar bainc áitiúla go neamhspleách agus roinnfear a gcuid brabús. Tabharfar leathchuid de na brabús ar ais do na ceithre bhanc cúige níos mó agus cuirfear an leathchuid eile ar ais i mbrainsí áitiúla. Cruthófar Ciste Saibhris Ardcheannasaigh na hÉireann agus tógfaidh sé céatadán de na brabús d'fhonn iad a infheistiú ar bhonn domhanda. Beidh banc áitiúil i bhfeidhm ar bhonn "in aghaidh an duine den daonra" (e.g. 1 Bhanc in aghaidh 10,000 duine) agus díolfar brainsí eile a thagann ón gcónascadh ag brabús mhóra. Ní dhéanfaidh aon athruithe difear do chustaiméirí.
- 5) Iocfaidh na bainc chontae ús, oibreoidh siad iasachtaí, feidhmeoidh siad mar bhanc agus beidh béim áitiúil ar leith ag baint leo. Is fíor nach mbeidh aon scairshealbhóirí acu ná nach mbeidh brabús mhóra ar fáil d'amantraithe, ach bainfear riosca ón gcóras agus beidh na bainc in ann seasamh ar a gcosa féin. Ní bheidh siad nochta i leith an mhargaidh ná i leith staideanna eacnamaíocha guagacha.

Cumann Bob Doyle/Dinny Barry, Cill Dara

98. Tacaíonn an Ard-Fheis seo le gnóthais áitiúla agus féachann sí le níos mó cumhachta a thabhairt dóibh ina gcuid gnóthaí airgeadais. Faoi láthair, níl rochtain ar Chúirt na nÉileamh Beag ach amháin ag daoine nádúrtha agus níl Trádálaithe Aonair ná gnóthais bheaga i dteideal an tseirbhís seo a úsáid. Fágann sé sin go bhfuil dualgas ar ghnóthais agus ar Thrádálaithe Aonair mórshuimeanna airgid a íoc leis an lucht dlí d'fhonn fiacha beaga a aisghabháil. Measann cuid

93. This Ard Fheis calls for tax relief for childcare to relieve the burden on families and encourage a return to work for parents.

Smyth/Savage Cumann, Dublin

94. Sinn Féin recognises the pain that emigration has caused to thousands of families in Ireland and welcomes any move to help our diaspora return home. This Ard Fheis calls for the removal of the Habitual Residency Clause (HRC) which discriminates against Irish emigrants who are returning home after living abroad for more than two years. We also assert our opposition to the HRC as it discriminates against Irish citizens who were born in the North and now reside in the 26 Counties.

***Muff Cumann, Donegal
Traolach MacSuibhe Cumann, Cork City
Donegal Comhairle Ceantair***

95. This Ard Fheis calls for the transfer of assets to a family member prior to bankruptcy to be outlawed. We propose that the party develops a system that will allow for the reversal of such an avoidance technique.

Smyth/Savage Cumann, Dublin

96. This Ard Fheis calls for a definite strategic plan, including whatever measures are required:

- To claw back a much greater percentage of excessive pensions and lump sums paid to bankers, former politicians and top civil servants;
- To include a special tax band to deal with these iniquitous and anomalous remunerations;
- Such action to be implemented at the first possible opportunity and to be a visible part of Sinn Féin policy.

West Waterford Cumann

97. This Ard Fheis proposes that:

- 1) Allied Irish Bank, Bank of Ireland, Irish Life & Permanent, EBS Building Society and Irish Nationwide be all fully nationalised to create one 'super bank';
- 2) This one 'super bank' will be wound up and split into four provincial banks;
- 3) These four provincial banks will then create county banks which operate along the lines of credit unions which will be closely run by local government and people;
- 4) Local banks will be run independently with profits shared. Half the profits will be given back to the four larger provincial banks and the other half of the profits will be put back into local branches. An Irish Sovereign Wealth Fund will also be created which will take a percentage of profits to invest globally. A local bank will be in operation per head of population (eg one bank per 10,000 people) with excess branches from the amalgamation sold off at large profits. Customers will be unaffected by any changes;
- 5) County banks will pay interest, operate loans and function as a bank but will have a unique local emphasis. There will be no shareholders or mass profits for speculators but all risk will be taken out of the system and these banks will be able to stand on their own feet, not left to the mercy of the market or unpredictable economic situations.

Bob Doyle/Dinny Barry Cumann, Kildare

98. This Ard Fheis supports local businesses and seeks to give them more power in their financial affairs. At present sole traders and small businesses are not eligible to access to the Small Claims Court. This means that businesses and Sole Traders are obliged to pay large sums of money to the legal profession in order to recover small debts. For many in the

mhór den lucht gnó nach fiú é sin a dhéanamh agus, mar gheall air sin, déantar formhór na drochfhiacha sin a dhíscríobh.

Molann an Ard-Fheis seo go mbeidh Trádálaithe Aonair agus gnóthais a fhostaíonn níos lú ná deichniúr ball foirne i dteideal fiacha atá dlite dóibh ag gnóthas eile nó ag duine eile a ghnóthú trí Chúirt na nÉileamh Beag. Éascóidh sé sin deacrachtaí sreafa airgid atá ag gnóthais toisc go bhfuil fadhbanna móra ag a lán acu le drochfhiach agus d'fhágfadh sé go gcuirfí na milliúin euro ar ais isteach sa gheilleagar áitiúil. Molaimid gur cheart dlínse a bheith ag Cúirt na nÉileamh Beag chun déileáil le fiacha gnó idir €50 agus €5000.

Cumann Bob Doyle/Dinny Barry, Cill Dara

99. D'fhonn gnóthais bheaga a chur chun cinn, iarrann an Ard-Fheis seo ar údaráis áitiúla na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- deireadh a chur leis an dliteanas a chuirtear ar dhuine/dhaoine rátaí tráchtála a íoc ar áitreabh nár bhog siad isteach ann ach le déanaí tar éis don áititheoir roimhe sin mainneachtain ina c(h)uid rátaí tráchtála a íoc.
- laghdú a dhéanamh ar na rátaí tráchtála nach mór do ghnóthais mhiondíola a úsáideann foirgnimh liostaithe mar asraon a íoc, cabhrú le gnóthais bheaga a choimeád ar bun agus an iliomad foirgneamh liostaithe atá againn in ionchathracha, i mbailte agus i sráidbhailte a chosaint.

**Cumann Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cathair Chorcaí
Cumann Mhic Craith/Uí Bhriain, Port Láirge**

100. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire an brú airgeadais atá ar chuid mhór clubanna spóirt amaitéaraigh, clubanna CLG ina measc, agus tacaíonn sí le díolúine iomlán ó rátaí a thabhairt do hallaí spóirt amaitéaraigh sa tuaisceart in áit an fhaoisimh ráta 80% atá ann faoi láthair.

Cumann Gerard Casey, Aontroim

Acmhainní Nádúrtha

101. Cuireann an Ard-Fheis seo go láidir i gcoinne dhíol na gceart agus na dtailte buainte le leasanna príobháideacha ag Coillte, ag tréigean na hacmhainne nádúrtha riachtanaí sin, a bheag nó a mhór. Acmhainn nár bhain rialtais na hÉireann as a chéile an chuid is fearr aisti is ea an acmhainn seo.

**Cumann Phádraig Uí Chanáin, Baile Átha Cliath
Cumann an Chaisleáin Nua, Luimneach**

102. Athdhearbhaíonn an Ard-Fheis seo go gcuireann sí i gcoinne phríobháidíú ár n-acmhainní nádúrtha agus go bhfuil sí tiomanta do sheasamh leis an gceart atá ag muintir na hÉireann chun úinéireacht na hÉireann agus chun úinéireacht gach cuid di, mar atá luaite i bhForógra Phoblacht na hÉireann 1916. Dá réir sin, iarrann an Ard-Fheis seo ar an bpáirtí straitéis 32 contae a chur le chéile i leith fhorbairt agus úsáid ár n-acmhainní nádúrtha chun tairbhe mhuintir an oileáin seo.

Tacaíonn an Ard-Fheis seo le fosuithe gáis nádúrtha agus ola ár dtíre a thógáil faoi úinéireacht phoiblí trí chuideachta ola nó gáis atá faoi úinéireacht stáit nó trí chuideachta atá bunaithe ar an tsamhail atá i bhfeidhm san Iorua, rud atá le forbairt chun tairbhe mhuintir na hÉireann trí bhíthin ciste saibhris ardcheannasaigh a úsáid.

Mar bheart eatramhach, iarrann an Ard-Fheis seo moratóir láithreach ar eisiúint ceadúnas nua le haghaidh taiscéalaíocht gáis agus ola:

- Go dtí go gcuirfear moltaí Chomhchoiste an Oireachtais um Ola agus Gás chun feidhme.
- Go dtí go lorgófar ráthaíochtaí dlíthiúla chun úsáid a bhaint as calafoirt domhainfharraige, lena n-áirítear Calafort Ros an Mhíl i gConamara.
- Go dtí go gcuirfear clásail shóisialta san áireamh i ngach Conradh chun a chinntiú go mbainfidh an ceantar áitiúil tairbhe as an toradh eacnamaíoch. Ba cheart poist amach ón gcósta a thabhairt don mhuintir áitiúil agus ba cheart úsáid a bhaint as calafoirt chun freastal ar oibríthe.

**Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar
Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Cumann Benny Connolly, Baile Átha Cliath**

business community this is a pointless exercise and as a result the majority of these bad debts are simply written off.

This Ard Fheis proposes that sole traders and businesses employing less than ten staff be entitled to collect debts owed to them by another business or person via the Small Claims Court. This will aid cash-flow difficulties for businesses, many whom have huge issues with bad debt and would result in millions of euro being released back into the local economy. We propose that the Small Claims Court should have jurisdiction to deal with business debts of between €50 and €5,000.

Bob Doyle/Dinny Barry Cumann, Kildare

99. In order to promote small businesses, this Ard Fheis calls on local authorities to:

- Remove liability for a person/persons to pay commercial rates on a premises which they have newly occupied when the previous occupant has defaulted on their commercial rates;
- Lower the commercial rates on retail businesses that use listed buildings as an outlet, to help maintain small businesses and protect our many listed buildings in our inner cities, towns and villages.

***Traolach MacSuibhne Cumann, Cork City
McGrath/O'Brien Cumann, Waterford***

100. This Ard Fheis notes the financial stress that many amateur sports clubs, including GAA clubs, are under and supports the extension from 80% rate relief to a full exemption for amateur sports halls in the North.

Gerard Casey Cumann, Antrim

Natural Resources

101. This Ard Fheis strongly opposes the sale of harvesting rights or lands to private interests by Coillte, effectively abandoning this vital natural resource, a resource which has never been developed to its full potential by successive Irish governments.

***Patrick Cannon Cumann, Dublin
Cumann Chaisleán Nua, Limerick***

102. This Ard Fheis reiterates its opposition to the privatisation of our natural resources and reaffirms its commitment to uphold the right of the Irish people to the ownership of Ireland and all of its parts as stated in the Proclamation of the Irish Republic 1916. Accordingly, this Ard Fheis requests that the party develop a 32-county strategy on the development and use of our natural resources for the benefit of the people of this island.

This Ard Fheis supports taking the natural gas and oil deposits of our country into public ownership via a state-owned oil and gas company or a company structured on the Norwegian model to be developed in the interests of the people of Ireland, using a sovereign wealth fund.

As an interim measure, this Ard Fheis calls for an immediate moratorium on the issuing of new licences for gas and oil exploration until such a time as:

- The Joint Oireachtas Committee on Oil & Gas recommendations are implemented;
- Legal guarantees are sought to utilise deep sea ports off the west coast, including the Rosaveel Port in Connemara;
- Social clauses are included in all contracts so as to ensure an economic return to the local area - offshore jobs should go to those in the local population and ports should be used to service workers.

***Galway West Comhairle Ceantair
Donegal Comhairle Ceantair
Benny Connolly Cumann, Dublin***

An tAontas Eorpach agus Gnóthaí Idirnáisiúnta

103. Cáineann an Ard-Fheis seo an cogadh ocht lá a thionscain fórsaí Iosrael in aghaidh mhuintir Gaza le déanaí agus éilíonn sí go gcuirfear deireadh le gach foréigean sa réigiún.

Cuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh an gcinneadh a rinneadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe le déanaí chun stádas breathnóra neamhbhaill a dheonú don Phalaistín agus cáineann sí na bagairtí atá déanta ag Iosrael ionsaí a leathnú agus acmhainní a choimeád siar ó Údarás na Palaistíne de dheargainneoin an chinnidh sin.

Creidimid go gcuireann an cinneadh sin le próiseas síochána inbhuanaithe agus le socraíocht chaibidlíthe a bhaint amach agus go gcuireann sé arís eile leis an acmhainn chun teacht ar réiteach dhá stát.

Molaimid do Rialtas na hÉireann ar a vótáil i bhfabhar stádas breathnóra a dheonú don Phalaistín agus iarraidimid air leas a bhaint as na roghanna taidhleoireachta agus eacnamaíocha uile atá ar fáil dó d'fhonn brú a chur ar rialtas Iosrael deireadh a chur lena ionsaí in aghaidh mhuintir na Palaistíne.

Iarrann an Ard-Fheis seo go gcuirfear deireadh leis na baic uile atá ar rannpháirtíocht sa phróiseas polaitiúil ag gach páirtí a bhfuil sainordú daonlathach acu.

Tacaíonn an Ard-Fheis seo le Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir lena hiarraidh go gcuirfear deireadh leis na socraíochtaí uile a thógáil sna Críocha faoi Fhorghabháil ar na forais go bhfuil sé sin ina shárú ar Choinbhinsiúin na Ginéive 1949.

Iarrann an Ard-Fheis seo go gcuirfear rúin na Náisiún Aontaithe chun feidhme agus go bhforfheidhmeofar an dlí idirnáisiúnta.

***Ard-Chomhairle
Cumann Phóil Uí Chinseallaigh, Cathair Dhoire***

104. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Cuireann sí in iúl go bhfuil an-ímní uirthi faoin gcoimhlint atá ar siúl agus faoin gcailliúint saol sa tSiria agus iarrann sí go gcuirfear deireadh le gach cogáíocht sa tír.
- Cáineann sí aon duine atá páirteach sa choimhlint sa tSiria as sibhialtaigh a mharú agus as cearta an duine a shárú.
- Cáineann sí an t-ionsaí a rinne Iosrael ar an tSiria le déanaí. Ní dhéanann sé sin ach cur leis an teannas sa réigiún.

Ard-Chomhairle

105. Cuireann an Ard-Fheis seo fáilte roimh an tionscnamh de chuid an PKK chun na himthosca a chruthú do phróiseas síochána atá bunaithe ar chuimsitheacht, ar ionadaíochas, ar chóimheas, ar cheartas agus ar chomhionannas agus iarrann sí freisin ar rialtas na Tuirce freagairt go dearfach dó agus creat a chur le chéile trínar féidir cainteanna síochána a chur ar siúl. Iarraidimid ar an Aontas Eorpach tacaíocht a thabhairt don tionscnamh síochána agus na bearta cuí taidhleoireachta a dhéanamh chun rialtas na Tuirce a spreagadh chun freagairt ar bhealach dearfach.

Chomh maith leis sin, cáineann an Ard-Fheis seo marú an triúir bhangníomhaithe Coirdíneacha i bPáras agus iarrann sí ar údaráis na Fraince imthosca a mbásanna a imscrúdú go géar.

Ard-Chomhairle

106. Cuireann an Ard-Fheis seo in iúl do mhuintir na Palaistíne go leanfaimid ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt dóibh agus molann sí go dtabharfar tacaíocht iomlán don fheachtas chun earraí agus seirbhísí Iosrael, Caterpillar ina measc, a bhagcatáil agus a sheachaint agus do bhagcat taidhleoireachta a imirt ar gach duine siúd atá páirteach i ghníomhaíocht socraíochta. Tá ímní ar leith ar an Ard-Fheis seo faoi ghníomhaíochtaí Cement Roadstone, ar cuideachta atá lonnaithe in Éirinn í, agus iarrann sí go ndéanfar imscrúdú ar a gcuid ghníomhaíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí gach cuideachta den chineál céanna agus iad ag comhoibriú i sárúithe ar chearta an duine.

Iarrann an Ard-Fheis seo freisin go gcuirfear deireadh le gach trádáil le cuideachtaí talmhaíochta Iosrael atá comhpháirteach sa chóras forghabhála, coilínithe agus apartheid atá i bhfeidhm in Iosrael. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Ard-Chomhairle atá ag teacht isteach iarraidh

European Union and International Affairs

103. This Ard Fheis condemns the recent eight-day war launched against the people of Gaza by Israeli forces and calls for an end to all violence in the region.

This Ard Fheis welcomes the recent decision at the United Nations General Assembly to grant non-member observer status to Palestine and condemns Israeli threats to extend aggression and withhold resources from the Palestinian Authority in defiance of this decision.

We believe this decision contributes to the achievement of a sustainable peace process and negotiated settlement and further enhances the potential for a two-state solution.

We commend the Irish Government's vote in favour of observer status to Palestine and calls on it to use all available diplomatic and economic options open to them in order to bring pressure to bear on the Israeli Government to end its aggression against the Palestinian people.

This Ard Fheis also calls for the removal of all barriers to participation in the political process by all parties with a democratic mandate.

This Ard Fheis supports the United Nations Human Rights Council in its call for an end to the building of all settlements in the Occupied Territories on the grounds that it is a violation of the 1949 Geneva Conventions.

This Ard Fheis calls for the implementation of United Nations resolutions and the enforcement of international law.

***Ard Chomhairle
Pól Kinsella Cumann, Derry City***

104. This Ard Fheis:

- Expresses our deep concern at the ongoing conflict and loss of life in Syria and calls for an end to all hostilities there;
- Condemns the killing of civilians and human rights violations by any party to the conflict in Syria;
- Condemns the recent Israeli attack in Syria given that it can only serve to increase tensions in the region.

Ard Chomhairle

105. This Ard Fheis welcomes the initiative by the Kurdistan Workers' Party (PKK) to create the circumstances for a peace process based on the principles of inclusiveness, representativeness, mutual respect, justice and equality and further calls on the Turkish Government to respond positively to create a framework in which peace talks can take place. We call on the European Union to support the peace initiative and to take the necessary diplomatic steps to encourage the Turkish Government to respond in a positive manner.

This Ard Fheis also condemns the recent killing of three female Kurdish political activists in Paris and calls on the French authorities to thoroughly investigate the circumstances of their deaths.

Ard Chomhairle

106. This Ard Fheis extends our continuing solidarity with the people of Palestine and urges full support for the boycott and divestment (BDS) campaign of Israeli goods and services, including Caterpillar, as well as the diplomatic boycott, particularly those involved in settlement activity. This Ard Fheis particularly views with concern the activities of Cement Roadstone, an Irish company, and calls for an investigation into their activities and the activities of all such companies in collaborating in human rights violations.

This Ard Fheis also calls for an end to all trade with Israeli agricultural companies complicit with Israel's system of occupation, colonisation and apartheid. This Ard Fheis calls

ar gach Comhairle Ceantair agus ar gach Cumann páirt a ghlacadh in aon fheachtais a bhfuil sé mar aidhm acu deireadh a chur le trádáil talmhaíochta le hIosraél a mhaoiníonn scriosadh fheirmeoireacht na Palaistíne agus a bhaineann tairbhe as an scriosadh sin.

**Cumann Phádraig Uí Chanáin, Baile Átha Cliath
Cumann Phearaile/Uí Chorráin/Uí Ógáin, Loch Garman
Cumann Gerard Casey, Aontroim
Cumann Phádraig Mhic Phiarais, Cathair Dhoire
Cumann Mhic Dhomhnaill/Uí Shé, Corcaigh
Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar**

107. Tacaíonn an Ard-Fheis seo leis na hiarrachtaí atá ar siúl chun próiseas síochána inbhuanaithe a bhaint amach sa Cholóim. Tacaímid le gach duine lena mbaineann agus iad ag féachaint le próiseas cuimsitheach a chur i bhfeidhm agus le socraíocht chaibidlithe dhaonlathach a bhaint amach.

Ard-Chomhairle

108. Molann an Ard-Fheis seo leis na hiarrachtaí atá déanta ag Rialtas Eacuadór chun dul i ngleic le déine, agus molann sí an tiomantas atá aige do chomhionannas sóisialta, agus é ag iarraidh a léiriú go bhfuil malairt ar dhéine agus ar chiorruithe ann.

Ard-Chomhairle

109. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Tugann sí dá haire go mbíonn cinnteoireacht san AE ag éirí níos láraithe agus gurb iad na ballstáit is mó a dhéanann na cinntí san AE go minic.
- Tugann sí dá haire na srianta ar roghanna beartais eacnamaíoch atá ar fáil do na ballstáit agus go bhfuil beartas loicthe na déine á fhorchur ar bhonn méadaithe.
- Cáineann sí an rialtas toisc gur theip air leasanna na hÉireann a chosaint ó thaobh cúrsaí polaitiúla de agus ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de araon.
- Creideann sí go bhfuil sé tábhachtach dul i dteagmháil leis an AE maidir le cearta oibrithe a chosaint, le forbairt na gceantar tuaithe agus na bpobal cósta a chur chun cinn, agus le bonneagar ríthábhachtach a fhorbairt ar leibhéal uile-Éireann.
- Creideann sí nach mór ionadaíocht níos láidre Shinn Féin a bheith ann i bParlaimint na hEorpa tar éis na dtoghchán i 2014 chun seasamh in aghaidh aon mhaolaithe eile ar ardcheannas na hÉireann, chun seirbhísí poiblí a chosaint, chun comhionannas a chur chun cinn, chun tús áite a thabhairt do thrádáil chóir in ionad saorthrádála, agus chun an geilleagar glas a fhorbairt.
186. Admhaíonn an Ard-Fheis seo an tábhacht a ghabhann le straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta Rialtas na hÉireann a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú go mbeidh daoine óga ábalta léamh, scríobh agus matamaitic a úsáid ina ngnáthshaol agus i mbreisoideachas agus iad ag fágáil na scoile. Aithnímid freisin an tábhacht a ghabhann le foghlaim dhigiteach a fheabhsú i scoileanna agus, mar sin de, iarraimid ar an Roinn Oideachais agus Scileanna sna 26 Contae a chinntiú go gcuirfear maoiniú iomchuí ar fáil chun scoileanna a dhéanamh inniúil le go bhféadfaidh siad feabhas a chur ar chaighdeán na foghlama digití.

Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta soláthar a dhéanamh don leithdháileadh cothrom ama do theagasc na Gaeilge, Béarla agus Matamaitic inár mBunscoileanna.

***Cumann Chuntaois Markievicz/Thadhg de Barra, Cathair Chorcaí
Cumann Mhaitiú Uí Chatháin, Uíbh Fhailí***

187. Cuireann an Ard-Fheis seo i gcoinne phleananna Rialtas na hÉireann sócmhainní caipitil a mheasúnú agus deontais Ardoideachais á mbronnadh toisc go ngearrfaidh sé pionós míchothrom ar leanaí na dteaghlach ar daoine dífhostaithe iad a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí agus ciallóidh sé nach dtabharfar cúnamh deontais do chuid mhór de mhic léinn ionchasacha tríú leibhéal ó chúltra feirmeoireachta.

***Cumann Chuntaois Markievicz/Thadhg de Barra, Cathair Chorcaí
Cumann Iorrais, Maigh Eo***

188. Cáineann an Ard-Fheis seo gníomhaíocht aischéimnitheach Rialtas na hÉireann maidir leis an soláthar oideachais tríú leibhéal. Iarraimid ar an rialtas rochtain uilíoch ar oideachas a chur ar fáil, deireadh a chur le ranníocaíochtaí mac léinn agus an córas deontas a athchóiriú chun an fíor-chostas ar oideachas coláiste a chur san áireamh.

Idir an dá linn, iarrann an Ard-Fheis seo freisin ar an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, a ghealltanais réamh-thoghcháin a chomhlíonadh maidir le táillí mac léinn, agus an méadú ar an táille chlárúcháin do mhic léinn atá i mBuiséad 2013 a fhreaschur.

***Cumann Terry Clarke, Baile Átha Cliath
Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Cumann Mhic Phiarais/Mhic Cana, Tiobraid Árann***

189. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire an t-athbhreithniú neamhspleách ar Thacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn (SUSI) agus iarrann sí cur chun feidhme iomlán a chuid moltaí chun a chinntiú nach mbeidh ar mhic léinn atá ag cur isteach ar dheontais tríú leibhéal an cruatan agus an strus a tháinig as na teipeanna ar SUSI i 2012/13 a fhulaingt choíche.

Cumann Chuntaois Markievicz/Thadhg de Barra, Cathair Chorcaí

190. Iarraimid ar an gCoiste Feidhmiúcháin ó Thuaidh agus ar Rialtas na hÉireann aistriú cinntitheach i dtreo caiteachas coisctheach agus tionscnaimh luath-idirghabhála a dhéanamh, trí fhócas ar leith a thabhairt ar na luathbhlianta agus ar spriodhíriú orthu siúd sa ghátar is mó araon.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

the burden of families in border areas that currently send their children on long journeys to access education while a suitable school may be much closer in the neighbouring jurisdiction.

***Donegal Comhairle Ceantair
Muff Cumann, Donegal***

185. This Ard Fheis calls on the Minister for Education and Skills Ruairí Quinn to take a more active role in the HSE reconfiguration plans that are being currently implemented and which are having an adverse impact on specialised schools for children with special educational needs.

Countess Markievicz/Tadhg Barry Cumann, Cork City

186. This Ard Fheis acknowledges the importance of the Irish Government's literacy and numeracy strategy which sets out to ensure young people will leave school able to read, write and use mathematics in their everyday lives and in further learning. We also recognise the importance of enhancing digital learning in schools and call on the Department of Education and Skills in the 26 Counties to ensure adequate funding is made available to equip schools so they are able to improve the standard of digital learning.

This Ard Fheis calls for the Literacy and Numeracy Strategy to make provision for the equal allocation of time to the teaching of Irish, English and Maths in primary schools.

***Countess Markievicz/Tadhg Barry Cumann, Cork City
Matthew Kane Cumann, Offaly***

187. This Ard Fheis opposes the Irish Government plans to assess capital assets when awarding higher education grants as it will unfairly penalise the children of families whose parents or guardians are self-employed and will mean many prospective third-level students from a farming background will be refused grant assistance.

***Countess Markievicz/Tadhg Barry Cumann, Cork City
Erris Cumann, Mayo***

188. This Ard Fheis condemns the regressive action of the Irish Government in relation to the provision of third-level education. We call on the Government to provide universal access to education, abolish student contributions and reform the grants system to take into account the real cost of going to college.

In the interim, this Ard Fheis also calls for Minister for Education Ruairí Quinn to honour his pre-election promises in relation to student fees, and reverse the hike in the student registration fee contained in Budget 2013.

***Terry Clarke Cumann, Dublin
Donegal Comhairle Ceantair
Pearse/McCann Cumann, Tipperary***

189. This Ard Fheis notes the independent review into Student Universal Support Ireland (SUSI) and calls for the full implementation of its recommendations in order to ensure students applying for third level grants will never have to endure the hardship and stress that resulted from the failings of SUSI in 2012/13.

Countess Markievicz/Tadhg Barry Cumann, Cork City

190. We call on the Executive in the North and the Irish Government to make a decisive shift towards preventative spending and early-intervention initiatives, giving particular focus to both the early years and to the targeting of those most in need.

West Belfast Comhairle Ceantair

191. Aithníonn an Ard-Fheis seo gur cheart tús a chur le spiorad cruthaithe fostaíochta agus fiontraíochta a chothú i scoileanna agus gur cheart do scoileanna dul i dteagmháil le daoine ar éirigh leo sa réimse seo chun gníomhú mar mheantóirí.

Tugann an Ard-Fheis seo dá haire freisin nach bhfuil ag éirí leis an gcóras ina gcuirtear daoine óga ar scéimeanna éigeantacha TÚS. Iarraimid athchóiriú bunúsach na scéime lena déanamh níos ábhartha do dhaoine óga dífhostaithe.

Comhairle Ceantair Ros Comáin

192. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, curaclam sainiúil iar-bhunscoile Gaeilge a fhorbairt atá dírithe ar scoileanna Gaeltachta, ar Ghaelscoileanna agus ar chainteoirí líofa Gaeilge laistigh den chóras chun feabhas a chur ar theagasc na Gaeilge agus tuilleadh inniúlachta agus saibhris a fhorbairt inár dteanga náisiúnta ag dara leibhéal.

Iarrann an Ard-Fheis seo freisin ar an Roinn Oideachais agus Scileanna clár de thacaí airgeadais a bhunú do mhúinteoirí faoi oiliúint, spriocdhírthe orthu siúd sa ghátar is mó, chun a rannpháirtíocht i gclár socrúcháin na Gaeltachta a éascú.

***Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar
Cumann Chuntaois Markievicz/Thadhg de Barra, Cathair Chorcaí***

193. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, cúrsa samhraidh éigeantach sa Ghaeltacht a thabhairt isteach mar chuid den churaclam oideachais meánscoile.

Cumann Uí Dhorchaidhe/Mhic Maol Íosa, OÉ, Gaillimh

194. Athdheimhníonn an Ard-Fheis seo a tiomantas d'ilchineálacht ár gcórais oideachais ó thuaidh agus ó dheas. Tá Sinn Féin tiomanta do thuilleadh comhtháthaithe, comhroinnte agus lánaontaithe inár gcóras oideachais. Ba cheart dár gcóras oideachais a bhreith freagrúil d'fhadhbanna an tseicteachais agus an easaontais laistigh dár sochaí. Ba cheart don straitéis seo ról ríthábhachtach a imirt sa phróiseas athmhuintearais agus i gcothú an mheasa ar ilchineálacht. Tá sé tábhachtach, mar sin de, go bhfuil curaclam leathan oibiachtúil againn ina gcuirtear féiniúlachtaí éagsúla san áireamh.

Ba cheart Nua-Stair na hÉireann a theagasc ar bhealach neamhchlaonta chun a chinntiú go bhféadfaidh ár leanaí foghlaim ó stair le todhchaí níos cuimsithí a chruthú.

Cumann Mhic Phiarais/Mhic Cana, Tiobraid Árann

195. Aithníonn an Ard-Fheis seo an tionchar a bhí ag na ciorruithe déine ar an gcóras oideachais a thug rialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre isteach sa dá bhliain dheireanacha seo. Cuireann an Ard-Fheis seo i gcoinne an buiséad oideachais a laghdú agus iarrann sí na nithe seo a leanas;

- Go bhfreaschuirtear cinneadh an Rialtais gan leithdháileadh sonrach a cheadú do chomhairleoirí treorach i scoileanna dara leibhéal a fhreaschur.
- Go dtugtar an Deontas Mionobreacha isteach athuair. Is acmhainn do scoileanna í a íocann as cothabháil riachtanach agus as gnáthchostais reatha.
- Go bhfreaschuireann an rialtas an ciorrú i mbuiséad 2013 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil.
- Go bhfreaschuireann an rialtas a chinneadh nach méadófar íocaíochtaí nua go dtí an t-uasmhéid de €188 sa tseachtain a thuilleadh do dhaoine ar SDOG (Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais), ar Ógtheagmháil agus ar chlár bhreisoideachais agus oiliúna a bhogann ó íocaíochtaí Cuardaitheora Poist.

Cumann Chuntaois Markievicz/Thadhg de Barra, Cathair Chorcaí

Sláinte agus Leanaí

196. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Fáiltíonn sí roimh chinneadh mhuintir na hÉireann cearta na leanaí a chumhdach sa Bhunreacht tríd an Reifreann ar Chearta Leanaí a rith i mí na Samhna, 2012.

191. This Ard Fheis recognises that fostering a job creating and entrepreneurial spirit should begin in schools and that schools should look to people who have achieved in this area act as mentors.

This Ard Fheis also notes that the system of placing young people on compulsory TÚS schemes is not working. We call for root and branch reform of the scheme making it more relevant to the young unemployed.

Roscommon Comhairle Ceantair

192. This Ard Fheis calls on Minister for Education Ruairí Quinn to develop a specific Irish-language post-primary curriculum directed at Gaeltacht schools, Galescoileanna and fluent Irish-language speakers within the system to enhance the teaching of Irish and develop a greater proficiency and richness in our national language at second level.

This Ard Fheis also calls on the Department of Education and Skills to establish a programme of financial supports for student teachers, targeted at those in most need, to facilitate their participation in the Gaeltacht placement programme.

Galway West Comhairle Ceantair

Countess Markievicz/Tadhg Barry Cumann, Cork City

193. This Ard Fheis calls on Minister for Education Ruairí Quinn to introduce a compulsory summer course in the Gaeltacht as part of the secondary education curriculum.

Darcy/Mellows Cumann, NUI Galway.

194. This Ard Fheis reaffirms its commitment to the diversity of our education system, North and South. Sinn Féin is committed to more cohesion, sharing and integration in our education system. Our education system should be responsive towards the problems of sectarianism and division within our society. This strategy should play an integral role in the reconciliation process and the fostering of respect for diversity. It is therefore important that we have a broad, objective curriculum wherein differing identities are included.

Modern Irish history should be taught in an impartial manner to ensure that our children can learn from history to create a more inclusive future.

Pearse/McCann Cumann, Tipperary

195. This Ard Fheis recognises the impact of the austerity cuts that the Fine Gael/Labour Government has introduced in the past two years on the education system. This Ard Fheis opposes cutting the education budget and calls for:

- A reversal in the Government's decision not to allow a specific allocation for guidance councillors in second-level schools;
- The reintroduction of the Minor Works Grant, a resource to schools to pay for essential maintenance and everyday running costs;
- The government to reverse its Budget 2013 cut to the Back to School and Footwear Allowance;
- The Government to reverse its decision where people on VTOS, Youthreach and other further education and training programmes who move from Jobseeker payments will no longer have their new payments increased to the maximum €188 per week.

Countess Markievicz/Tadhg Barry Cumann, Cork City

Health and Children

196. This Ard Fheis:

- Welcomes the decision of the Irish people to enshrine the rights of children in the Constitution through the passing of the Children's Rights Referendum in November 2012;

- Ba mhaith léi bunú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh a fheiceáil leis an bpráinn iomchuí.
- Aithníonn sí an gá le Tús Áite do Leanaí a chur ar bhonn reachtúil gan mhoill.
- Iarrann sí athruithe ar reachtaíocht uchtaithe a achtú a luaithe is féidir.
- Molann sí Sinn Féin as a cheannaireacht agus aghaidh á tabhairt aige ar chosaint leanaí agus ar na riachtanais atá ag daoine fásta óga.

Ard-Chomhairle

197. Iarrann an Ard-Fheis seo ar Rialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre na ciorruithe ar an Deontas Cúraim Faoisimh a fhreaschur. Soláthraíonn cúramóirí seirbhís éigeantach do dhaoine a dtugann siad aire dóibh agus don tsochaí san iomlán. Tagann an ciorrú seo ag am ina bhfuil seirbhísí faoisimh á ngearradh siar go seasta ar fud an stáit toisc go bhfuil ciorruithe á ngearradh ag an Rialtas ar an tseirbhís sláinte. Tá an t-airgead seo ríluachmhar do na teaghlaigh a dtéitear isteach orthu agus is arís atá ionsaí á dhéanamh ag an Rialtas seo ar na daoine is leochailí sa tsochaí.

**Cumann Nollaig Mhic Cana, Gaillimh
Cumann Iorrais, Maigh Eo**

198. Cáineann an Ard-Fheis seo an dóigh neamh-mhothálach ar ghearr an rialtas seo na céadta míle Uair Cúnamh Baile ó dhaoine scothaosta agus ó na daoine is leochailí a chónaíonn inár dtír. Éilimid athbhunú na n-uaireanta sin agus go ndáilfear uaireanta breise chun cur ar chumas daoine an cúram agus an tacaíocht atá riachtanach a fháil chun fanacht ina mbaile féin.

**Cumann Iorrais, Maigh Eo
Comhairle Ceantair Dhún na nGall**

199. Molann an Ard-Fheis seo altraí óga le céimeanna as a bhfeachtas baghcait rathúil in aghaidh na gconarthaí altranais dhá bhliain “ar phá íseal” atá an-éagothromasach agus inar laghdaíodh an tuarastal go mór a thug an tAire Sláinte James Reilly agus FSS isteach agus d’fhógraíodar scéimeanna cosúla do ghairmithe eile sláinte le céimeanna.

Iarraimid deireadh a chur leis an scéim seo agus ar an Aire agus ar FSS idirphlé bríoch a thionscnamh leis na ceardchumainn altranais a chuir in iúl cheana go bhfuil siad toilteanach coigiltí dílse a phlé, agus cosaint á déanamh ar phá agus coinníollacha na n-altraí a laghdaíodh cheana.

Éilimid go gcuirtear an toirmeasc ar earcaíocht i leataobh, toirmeasc a dhéanann dochar do chumas ár seirbhísí sláinte poiblí cúram a chur ar fáil d’othair agus a chuireann iallach ar ghairmithe óga sláinte a oiltear ar chostas mór in Éirinn dul ar imirce.

**Ard-Chomhairle
Comhairle Ceantair Dhún na nGall**

200. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Tugann sí dá haire nach gcuirtear ach ionchlannán cochla amháin ar fáil do leanaí bodhra sna 26 Contae mar gheall ar easpa maoinithe faoi láthair
- Tugann sí dá haire freisin gurb éard atá sa dea-chleachtas idirnáisiúnta ionchlannán a chur sa dá chluais
- Fáiltíonn sí roimh an obair arna déanamh ag Feachtas ‘Happy New Ear’ chun an tsaincheist seo a aibhsiú
- Iarrann sí ar Rialtas na hÉireann soláthar a dhéanamh d’ionchlannáin chochla dhéthaobhacha do na leanaí go léir a bhfuil siad ag teastáil uathu.

Comhairle Ceantair Lú

An Córas Sláinte

201. Athdheimhníonn an Ard-Fheis seo tiomantas Shinn Féin d’obair a dhéanamh chun Seirbhís Sláinte Uile-Éireann a bhaint amach, seirbhís ina bhfuil cúram saor ag an bpointe seachadta agus ina bhfuil rochtain bunaithe ar an ngá atá le liacht agus atá maoinithe ó chánachas ginearálta cothrom.

Cuirimid in aghaidh lagú na seirbhíse sláinte poiblí sna 26 Contae agus scrios de réir a chéile na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte sna Sé Chontae arna ndéanamh ag rialtais choimeádacha i mBaile Átha Cliath agus i Londain.

Tugaimid faoi deara na míchothromaíochtaí atá seasmhach agus ag fás i dtorthaí sláinte,

- Wants to see the establishment of the Child and Family Support Agency with appropriate urgency;
- Recognises the need to put Children First on a statutory footing without delay;
- Calls for changes to adoption legislation to be enacted at the earliest opportunity;
- Commends Sinn Féin for its leadership in the address of child protection and the needs of young adults.

Ard Chomhairle

197. This Ard Fheis calls on the Fine Gael/Labour Party Government to reverse the cuts to the Respite Care Grant. Carers provide an essential service to people they care for and to society as a whole. This cut comes at a time when respite services are being steadily cut back across the state due to the Government imposing cuts to the health service. This money is invaluable to the families affected and it is again this Government attacking the most vulnerable in society.

***Noel McCann Cumann, Galway
Erris Cumann, Mayo***

198. This Ard Fheis condemns the callous way this Irish government has cut hundreds of thousands of Home Help Hours from the elderly and most vulnerable people living in our country. We demand that these hours be reinstated and further hours be allocated to enable people to receive the necessary care and support to remain in their own homes.

***Erris Cumann, Mayo
Donegal Comhairle Ceantair***

199. This Ard Fheis applauds young graduate nurses for their successful boycott campaign against the grossly inequitable “yellow pack” two-year nursing contracts, with greatly reduced pay, initiated by Health Minister James Reilly and the HSE, who have also signalled similar schemes for other graduate health professionals.

We call for the withdrawal of this scheme and for the Health Minister and the HSE to enter meaningful dialogue with the nursing unions who have expressed their willingness to discuss genuine savings while protecting the already reduced pay and conditions of nurses.

We demand the lifting of the recruitment ban which damages the capacity of our public health services to provide care to patients and which is driving young health professionals, educated at great cost in Ireland, to emigrate.

***Ard Chomhairle
Donegal Comhairle Ceantair***

200. This Ard Fheis:

- Notes that a funding shortage means that only one cochlear implant is provided for deaf children in the 26 Counties;
- Further notes that international best practice is to implant both ears;
- Welcomes the work done by the Happy New Ear campaign to highlight this issue;
- Calls on the Irish Government to make provision for bilateral cochlear implants for all children who require them.

Louth Comhairle Ceantair

Health System

201. This Ard Fheis reaffirms Sinn Féin’s commitment to work to achieve an All-Ireland Health Service, with care free at the point of delivery and access based on medical need alone, funded from fair general taxation.

We deplore the undermining of the public health service in the 26 Counties and the erosion of the NHS in the Six Counties by conservative governments in Dublin and London.

We note the persistent and growing inequalities in health outcomes as highlighted by

faoi mar atá aibhsithe ag tuarascálacha ar nós “Eliminating Health Inequalities - A Matter of Life and Death” (Tasc, 2011) agus “Healthcare Guaranteed? The Right to Health in Ireland” (Amnesty International, 2011) agus an “Review of Health Inequalities Report” ó Choiste Sláinte an Tionóil (2012) agus a naoi moladh agus tugaimid faoi deara freisin nár soláthraíodh an gealltanais a tugadh sa straitéis ‘Investing for Health’ chun míchothromaíochtaí i sláinte a laghdú.

Geallaimid leanúint orainn a bheith i mbun feachtais ó Thuaidh agus ó Dheas ar son bearta éifeachtacha sóisialta, eacnamaíocha agus cúram sláinte chun deireadh a chur le míchothromaíochtaí sláinte agus chun seirbhísí sláinte a sholáthar ar bhonn cothromasach agus éifeachtúil dár muintir go léir.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

202. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ó Thuaidh athdheimhniú a thabhairt do thuismitheoirí go ndéanfaidh an tsamhail seirbhíse amach anseo le haghaidh seirbhísí cairdiacha pédiatraiceacha ó bhroinn tosaíocht a thabhairt do riachtanais a gcuid leanaí; agus iarrann sí freisin ar an Aire réiteach uile-oileáin a chíoradh go hiomlán leis an Aire Sláinte ó Dheas, an Dr. James Reilly.

Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

203. Agus aithint á déanamh gur theip ar an Aire James Reilly agus é i gceannas ar na seirbhísí sláinte ó Dheas, lena n-áirítear an neamhaird a rinne sé ar chritéir roghnúcháin oibiachtúla agus neamhspleácha, cosaint leanúnach na scothaicmí laistigh de leigheas, chomh maith leis an dóigh ar theip air coigiltí geallta ar bhille drugaí an stáit agus ar an gcostas ar chúram sláinte príobháideach in áiseanna poiblí a sholáthar, iarrann an Ard-Fheis seo air éirí as a phost agus iarrann sí freisin ar Rialtas na hÉireann rabhaí an eispéiris idirnáisiúnta a thabhairt faoi deara agus deireadh a chur lena phlean le haghaidh samhla de sholáthar cúram sláinte bunaithe ar ilárachóirí príobháideacha iomaíocha.

Cumann Thomas Ashe, an Mhí Cumann Mhíchil S. Uí Mhearáin, Sligeach

204. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Sláinte agus ar FSS Maoirseacht Chliniciúil a dhéanamh éigeantach don Ghairm Altranais sna 26 Contae agus breithniú á dhéanamh ar bhonn fianaise méadaithe na mbuntáistí a bhaineann le Maoirseacht Chliniciúil d’Altraí agus d’Othair araon.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

205. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Sláinte iarratais ar chártaí liachta a dhílárú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iarratais.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

206. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Sláinte sna 26 Contae, mar chéim eatramhach i dtreo seirbhís sláinte atá saor ag an bpointe seachadta, an táille mhíosúil íocaíochta drugaí de €144 do dhaoine nach bhfuil cárta liachta acu a laghdú ar ais chuig an táille de €90 a bhí ann sa bhliain 2008.

Cumann Uí Laoghóg/Uí Mhearthaile, Baile Átha Cliath

207. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Edwin Poots agus ar an Aire James O’Reilly seoladh agus réachtáil a dhéanamh go comhpháirteach ar fheachtas feasachta ar chomharthaí agus shiomptóim na hailse ubhagáin.

Cumann Julie Dougan, an Bhanna Uachtair

Sláinte Meabhrach agus Féinmharú

208. Iarrann an Ard-Fheis seo:

- Go gcuirtear céatadán an bhuiséid sláinte a leithdháiltear ar shláinte meabhrach i gcomhréir leis an norm Eorpach, arb ionann é agus thart ar 12%
- Go dtugann an Rialtas tiomantas, tacaíocht agus cur ar fáil acmhainní athnuaite do na hathchóirithe cúram sláinte meabhrach i “Vision for Change” a sholáthar san iomlán, rud a dhéanann soláthar d’athchóiriú agus do nua-aoisiú iomlán na seirbhísí sláinte meabhrach sna 26 Contae. Ina theannta sin, tacaíonn sí le feachtas Chumann

such reports as 'Eliminating Health Inequalities - A Matter of Life and Death' (Tasc, 2011), 'Healthcare Guaranteed? The Right to Health in Ireland' (Amnesty International, 2011), and the Assembly Health Committee 'Review of Health Inequalities Report' (2012) and its nine recommendations;

We also note that the promise held out by the, 'Investing for Health' strategy to decrease inequalities in health has not been delivered;

We resolve to continue campaigning, North and South, for effective social, economic and healthcare measures to eliminate health inequalities and to deliver health services equitably and efficiently to all our people.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae West Belfast Comhairle Ceantair

202. This Ard Fheis calls on the Minister for Health, Social Services and Public Safety in the North to reassure parents that the future service model for paediatric congenital cardiac services will prioritise the needs of their children;

This Ard Fheis further calls upon the Health Minister to explore fully an all-island solution with his counterpart, James Reilly.

Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

203. This Ard Fheis, recognising Health Minister James Reilly's failure at the helm of the health services in the South - including his disregard for objective and independent selection criteria, his ongoing protection of elites within medicine, as well as his failure to deliver promised savings on the state's drugs bill and the cost of private healthcare in public facilities - calls on him to resign his position and further calls on the Irish Government to heed the warnings of international experience and abandon its plan for a model of healthcare delivery based on multiple competing private insurers.

***Thomas Ashe Cumann, Meath
Michael J. Marren Cumann, Sligo***

204. This Ard Fheis calls on the Minister for Health and the HSE to make clinical supervision mandatory for the nursing profession in the 26 Counties considering the increased evidence base of the benefits of clinical supervision has for both nurses and patients.

Donegal Comhairle Ceantair

205. This Ard Fheis calls on the Minister for Health to decentralise Medical Card applications and to review the application processes.

Donegal Comhairle Ceantair

206. This Ard Fheis calls on the Minister for Health in the 26 Counties, as an interim step to a health service that is free at the point of delivery, to reduce the monthly drug payment charge of €144 for non-medical card holders back to the 2008 charge of €90.

Logue/Marley Cumann, Dublin

207. This Ard Fheis calls on Health Ministers Edwin Poots and James Reilly to jointly launch and run an awareness campaign on the signs and symptoms of ovarian cancer.

Julie Dougan Cumann, Upper Bann

Mental Health and Suicide

208. This Ard Fheis calls for:

- The proportion of the health budget allocated to mental health to be brought into line with the European norm, which is around 12%;
- Renewed Government commitment, support and resourcing for the delivery in full of the mental healthcare reforms in 'Vision for Change', providing for a complete overhaul and modernisation of mental health services in the 26 Counties. And supports the recent NIAMH campaign in the Six Counties, 'Change Your Mind',

Thuaisceart Éireann um Shláinte Meabhrach “athraigh d’intinn” atá dírithe ar an aithis a bhaineann le galar meabhrach sna 6 Chontae a laghdú.

- An fairsingiú Foirne Teagmhála Síciatraí do gach ospidéal Máithreachais agus Leanaí.
- Oiliúint do ghairmithe sláinte agus do theagascóirí i bhfolláine meabhrach trí úsáid a bhaint as modúil oiliúna a fhorghníthe go hidirnáisiúnta a chuirfidh ar chumas ár leanaí leochaileacht deacrachtaí sláinte meabhrach agus teacht aníos fiordheacrachtaí sláinte meabhrach a mheasúnú agus a aithint ó naíonacht i leith.
- Athbhreithniú ar sholáthar seirbhíse tacaíochta Dochtúirí Ginearálta chun riachtanais oiliúna a shainaithint agus chun tacú le soláthar na freagartha iomchuí d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach do phlé le deacrachtaí sláinte meabhrach céadchéime.
- “Creat Náisiúnta” sna 26 Contae le haghaidh rannpháirtíocht agus tacaíocht ball teaghlaigh agus cúramóirí i bpleananna cúraim, faoi mar a d’iarr Athchóiriú Sláinte Meabhrach.

Ard-Chomhairle
Comhairle Ceantair Dhún na nGall
Cumann Benny Connolly, Baile Átha Cliath
Cumann Uí Chadhain/Mhic an tSábhaisigh, Sligeach

209. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Aithníonn sí gur tháinig ardú seasta ar rátaí féinmharaithe in Éirinn le blianta beaga anuas; agus nach amháin go raibh sé sioncronach leis an gcúlú eacnamaíoch, ach go raibh an cúlú eacnamaíoch ina chúis leis go páirteach.
- Tiomnaíonn sí Sinn Féin do dhul i ngleic leis an aithis a bhaineann le galar meabhrach agus féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar chlár Safetalk agus ASSIST ag leibhéal áitiúil nuair is féidir
- Molann sí obair na ngrúpaí feasachta ar fhéinmharú agus na ngrúpaí chun féinmharú a chosc ar fud an oileáin agus an cur chuige uile-oileáin a ghlac an Cumann Idirpharlaiminteach Thuaidh/Theas
- Aithníonn sí gur cineachadh an dualgas um fhéinmharú a chosc do na heagraíochtaí seo, eagraíochtaí nach bhfaigheann ach beagáinín maoinithe ón rialtas agus beagáinín faisnéise maidir le tionscnaimh rialtais; agus go bhfuil na heagraíochtaí seo ar na heagraíochtaí is fearr chun féinmharú a chomhrac.
- Go bhfuil an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc neamhéifeachtach agus go bhfuil an straitéis náisiúnta reatha um fhéinmharú a chosc as dáta agus nach mór í a athnuachan/a ionadú.
- Dá bhrí sin, molann an Ard-Fheis seo gur cheart reachtaíocht a dhréachtú d’fhonn na hathruithe seo a leanas a chur chun feidhme:
- Go méadaíonn na rialtais ó thuaidh agus ó dheas an maoiniú ar fáil d’eagraíochtaí agus do sheirbhísí atá gníomhach i bhféinmharú a chosc agus i dtacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a ndeachaigh féinmharú i bhfeidhm orthu
- Go nuashonraítear Straitéis Gníomhaíochta ‘Reach Out’ agus gach straitéis reatha eile chun freastal ar an gcúinse reatha eacnamaíoch agus sóisialta ina dtograí.
- Go gcuirtear Údarás Náisiúnta Uile-Éireann um Fhéinmharú ar bun leis an aidhm iarrachtaí na n-eagraíochtaí frith-fhéinmharaithe go léir a shioncronú agus soiléireacht agus aontacht a chruthú i bhféinmharú a chosc.

Cumann Mháirtín Uí Ursáin, COC
Cumann Uí Thuamáin/Uí Bheirne/Mhic Corra, an Bhanna Uachtair
Cumann Julie Dougan, an Bhanna Uachtair
Cumann Thomas Ashe, an Mhí
Cumann Mháirtíogh Oileán an Ghuail/Chluain Eo, Tír Eoghain
Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar
Cúige na Sé Chontae
Cumann Uí Dhorchaidhe/Mhic Maol Íosa, OÉ, Gaillimh
Cumann Terry Clarke, Baile Átha Cliath

which is aimed at reducing the stigma associated with mental illness.

- The extension of dedicated psychiatric liaison teams to all maternity and children's hospitals.
- Training for health professionals and educators in mental well-being, using established, internationally-endorsed training modules that will enable carers of our children to assess and recognise vulnerability to and actual emerging mental health difficulties from infancy onwards;
- A review of GP support service provision to identify training needs and to support the provision of an appropriate continuous professional development (CPD) response to dealing with first-stage mental health problems.
- A state-wide framework in the 26 Counties for the involvement and support of family members and carers in care plans as called for by Mental Health Reform.

Ard Chomhairle
Donegal Comhairle Ceantair
Benny Connolly Cumann, Dublin
Coen/Savage Cumann, Sligo

209. This Ard Fheis:

- Recognises that suicide rates in Ireland have seen a steady rise in recent years and that this was not only synchronous with but also in part due to the economic recession;
- Commits Sinn Féin to challenging the stigma surrounding mental illness and to seek to advance the Safetalk and ASSIST programmes at a local level where possible;
- Commends the work of suicide awareness and suicide prevention groups across the island and the all-island approach taken by the North/South Interparliamentary Association;
- Recognises that the onus of suicide prevention has been devolved to these organisations, (which receive very little government funding and information about governmental initiatives) and that these organisations are now the best qualified to combat suicide;
- Believes that the National Office for Suicide Prevention is ineffective and the current national strategy for suicide prevention is outdated and in need of renewal/replacement.

Therefore, this Ard Fheis proposes that legislation be drafted with the aim of implementing the following changes:

- For the governments North and South to increase funding to organisations and services active in suicide prevention and support for families affected by suicide;
- The 'Reach Out' action strategy and all other current strategies be updated to cater for the current economic and social situation in its proposals;
- That an All-Ireland National Suicide Authority be set up with the aim of synchronising the efforts of all anti-suicide organisations and creating clarity and unity in suicide prevention.

Martin Hurson Cumann, UCC
Toman/Burns/McKerr Cumann, Upper Bann
Julie Dougan Cumann, Upper Bann
Thomas Ashe Cumann, Meath
Coalisland/Clonoe Martyrs Cumann
West Belfast Comhairle Ceantair
Six County Cúige
Darcy/Mellows Cumann, NUI Galway
Terry Clarke Cumann, Dublin

Ginmhilleadh

210. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Déanann sí an-chomhbhrón le clann Savita Halappanavar agus aithníonn sí gur chuir a bás sna himthosca tragóideacha agus trámacha sin brón ar dhaoine ar fud na tíre agus thar lear.
- Admhaíonn sí nach bhfuil cosaint agus an ceart chun ginmhilleadh a fháil in imthosca a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha ag mná mar gheall ar an easpa reachtaíochta riachtanaí.
- Admhaíonn sí freisin go bhfuil gairmithe leighis sna Sé Chontae ag obair faoi láthair le heaspa treorach a shoiléireodh a n-oibleagáidí dlíthiúla agus gairmiúla.
- Is oth léi gur theip ar rialtais agus Airí Sláinte i ndiaidh a chéile reachtú ina leith seo agus is oth léi nár tugadh treoir isteach athuair do ghairmithe leighis sna Sé Chontae.

Iarrann an Ard-Fheis seo:

- Ar Rialtas na hÉireann reachtaíocht a thabhairt isteach a chuirfidh cinneadh na Cúirte Uachtaraí ar Chás X i 1992 i bhfeidhm chun mná torracha a chosaint i gcás ina bhfuil a mbeatha i gcontúirt agus chun cinnteacht dhlíthiúil a thabhairt do ghairmithe leighis.
- Ar an Aire Sláinte sna Sé Chontae treoir a thabhairt isteach athuair do Ghairmithe Leighis mar chúrsa tosaíochta.

Ard-Chomhairle

211. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire agus fáiltíonn sí roimh thacaíocht Shinn Féin don Bhille um Chóireáil Leighis, 2012, agus roimh an tionscnamh a ghlac an páirtí agus rún á chur síos faoi Ghnó Comhaltaí Príobháideacha ina dtugtar spreagadh don rialtas reachtú i gcomhréir leis an rialú i leith cás x.

Iarrann Sinn Féin ar rialtas na hÉireann reachtaíocht a thabhairt isteach gan mhoill a chinnteoidh go mbeidh an ceart ag mná torracha chun cóireáil leighis ar bith nó gach cóireáil leighis a roghnú beag beann ar na himthosca.

***Cumann Phádraig Mhic Phiarais, Cathair Dhoire
Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath***

212. Go dtugtar cead do gach ball de Shinn Féin labhairt agus vótáil ar shaincheist an ghinmhillte de réir a gcoinsiasa.

***Cumann Uí Dhochartaigh/Uí Dhubhshláine, an Mhí
Cumann Bhairéid/Mhic Curtáin, Corcaigh
Comhairle Ceantair Chill Mhantáin
Cumann Mhagh, Dún na nGall
Cumann Mhic an Úcaire/Mhic Lochlainn/Uí Ágáin, Dún na nGall***

Ospidéal

213. Dearbhaíonn an Ard-Fheis seo tacaíocht Shinn Féin do sheirbhísí a chineadh ó líonra na láithreán Ospidéal Ghinearálta ghéarmhíochaine faoi bhrú go dtí na hospidéal níos lú sin a chaill eochairsheirbhísí le blianta beaga anuas agus a fhéadann ról níos mó a imirt sa soláthar cúram sláinte ná a imríonn siad faoi láthair. Iarraimid ar an Rialtas tús a chur leis an bpróiseas seo láithreach, rud a thosóidh fillleadh na n-ospidéal seo go ról níos lárnaí i soláthar iomlán na seirbhísí ar fud an stáit.

***Comhairle Ceantair Mhuineacháin
Cumann Uí Ghlasáin, Loch Garman***

214. Iarrann an Ard-Fheis seo nach mbeidh aon mhoilleanna breise ar thógáil an Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua.

Chomh maith leis sin, admhaíonn an Ard-Fheis seo leagáid Phoblachtach Mhaigh Eo,

Abortion

210. This Ard Fheis:

- Extends its deepest sympathy to the family of Savita Halappanavar and recognises that her death in such tragic and traumatic circumstances caused distress to people throughout the country and beyond;
- Acknowledges that the absence of the required legislation denies women protection and the right to obtain a termination in life-threatening circumstances, and creates an ambiguous legal situation for clinicians in those same circumstances;
- Further acknowledges that medical professionals in the Six Counties are currently operating in the absence of guidance which would clarify their legal and professional obligations;
- Regrets that successive Irish governments and Ministers for Health have failed to legislate in this regard and regrets that guidance has not been reintroduced for medical professionals' in the Six Counties.

This Ard Fheis calls on:

- The Irish Government to immediately introduce legislation to give effect to the 1992 judgement of the Supreme Court in the X Case, to protect pregnant women where their lives are in danger and to give legal certainty to medical professionals;
- The Health Minister in the Six Counties to reintroduce guidance for medical professionals as a matter of priority.

Ard Chomhairle

211. This Ard Fheis notes and welcomes Sinn Féin's support for the Medical Treatment Bill 2012 and the initiative taken by the party in tabling a motion under Private Member's Business urging the Government to legislate in line with the X Case ruling.

Sinn Féin calls on the Irish Government to introduce legislation, without delay, which ensures pregnant women have the right to choose any and all medical treatment regardless of the circumstances.

***Pádraig Pearse Cumann, Derry City
James Connolly Cumann, Dublin***

212. That all Sinn Féin members be allowed to articulate and vote on the issue of abortion according to their conscience.

***Doherty/Delaney Cumann, Meath
Barrett/MacCurtain Cumann, Cork
Wicklow Comhairle Ceantair
Muff Cumann, Donegal
Fullerton/Mac Lochlainn/O'Hagan Cumann, Donegal***

Hospitals

213. This Ard Fheis affirms Sinn Féin's support for the devolving of services from the network of overstretched acute general hospital sites to those smaller hospitals that have lost key services over recent years and that can play a greater role in the delivery of healthcare than is currently the case. We call on government to immediately commence this process, thereby setting in train the return of these hospitals to a more central role in the overall delivery of services across the state.

***Monaghan Comhairle Ceantair
Gleeson Cumann, Wexford***

214. This Ard Fheis calls for no further delays in the construction of the new National Children's Hospital.

This Ard Fheis acknowledges the legacy of Mayo republican Dr Kathleen Lynn, a doctor,

an Dr. Kathleen Lynn, ar dhochtúir, ghníomhaí sóisialta, shuфраigéid agus réabhlóidí í a bhunathraigh seirbhísí cúram sláinte do mhná, do leanaí agus do na boicht i dtionóntáin Bhaile Átha Cliath. Aithnímid an ról ceannasach a bhí aici i ndíothú na heitinne.

Iarrann an Ard-Fheis seo go dtabharfar “Ospidéal Náisiúnta Leanaí Kathleen Lynch” ar an Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua.

***Cumann Uí Mháille/Mhic an Mhíligh, Maigh Eo
Cumann Chathail Mhig Léid, Baile Átha Cliath***

215. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus ar an gCoiste Feidhmiúcháin tosaíocht a dhéanamh den ospidéal réigiúnach nua ban agus leanaí.

Comhairle Ceantair Bhéal Feirste Thiar

216. Molann an Ard-Fheis seo na feachtais go léir a raibh an pobal ina mbun ar son seirbhísí ospidéil a choinneáil. Tacaíonn an Ard-Fheis seo leis na hiarratais ar sheirbhísí Timpistí agus Éigeandála, Géarmhíochaine agus Dianchúraim a athbhunú in Ospidéal Contae Lú. Le gur féidir na seirbhísí seo a athbhunú ar bhealach ordúil agus inbhuanaithe, iarrann an Ard-Fheis seo ar FSS agus ar an Roinn Sláinte agus Leanaí seirbhísí Aonaid Mhionghortuithe 24/7 a chur ar fáil in Ospidéal Contae Lú, le tacaíocht ó Aonad Measúnaithe Leighis. Déanfaidh na seirbhísí seo acmhainn a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt d'fhoireann agus do bhainisteoireacht pleanáil a dhéanamh le haghaidh athbhunú na seirbhísí Timpistí agus Éigeandála, Géarmhíochaine agus Dianchúraim.

Cumann Mhic Ruaidhrí/Uí Mháirtín, Lú

217. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Sláinte, an Dr. James Reilly, an gealltanais a thug sé thar ceann Fhine Gael roimh an Olltoghchán deireanach a chomhlíonadh; is é sin go dtabharfaí seirbhísí cúraim ailse ar ais d'Ospidéal Réigiúnach Shligigh dá rachadh Fine Gael i mbun Rialtais.

Cumann an tSeisir Uasal/Uí Fhlannagáin/Mhic Mhánuis, Sligeach

218. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Rialtas an maoiniú riachtanach easnaimh a chur ar fáil d'Ospís na Gaillimhe chun coinneáil amach anseo na seirbhíse tábhachtaí seo a chinntiú.

Cumann Uí Maoilmhiadhaigh/Mhic Cathmhaoil, Cathair na Gaillimhe

219. Cuireann an Ard-Fheis seo i gcoinne íosghrádú Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus Ospidéal Baile an Chroí Rónaofa i gCaisleán an Bharraigh agus i gcoinne dhúnadh na leapacha in Ospidéal Bhéal an Mhuirthead agus ciorrúithe ar sheirbhísí cúraim phríomhúil agus iarrann sí ar an Aire Sláinte, an Dr. James Reilly TD, agus ar an Taoiseach Enda Kenny seirbhísí a athbhunú agus todhchaí Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus Ospidéal Baile an Chroí Rónaofa i gCaisleán an Bharraigh agus athoscailt leapacha in Ospidéal Bhéal an Mhuirthead a dheimhniú.

***Cumann Uí Mháille/Mhic an Mhíligh, Maigh Eo
Cumann Iorrais, Maigh Eo***

220. Tacaíonn an Ard-Fheis seo le muintir Dhún na nGall agus iad ag iarraidh choinneáil agus chosaint na nOspidéal Pobail ar fud an Chontae.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

221. Agus breithniú á dhéanamh ar an méadú ar othair in Ospidéal Portiuncula agus mar gheall ar scálú anuas na seirbhísí in Ospidéal Ginearálta Ros Comáin arna dhéanamh ag Rialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre agus ar an moratóir ar earcaíocht, aithníonn an Ard-Fheis seo an ról ríthábhachtach a imríonn an fhoireann in Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, agus tiomnaíonn sí don fheachtas chun acmhainní agus leibhéil soláthair foirne a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas an Ospidéil feidhmiú mar ospidéal éifeachtúil grád 3.

Cumann Nollaig Mhic Cana, Gaillimh

222. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire nach ndearnadh an t-aonad altranais pobail úrscothach a tógadh in Inse Chór agus a cuireadh i gcrích beagnach gach bliain ó shin ar chostas €12.4 milliún a oscailt riamh; cáineann sí an teip ar an Aire Sláinte, James Reilly TD, agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'fhonn foireann iomchuí a sholáthar don aonad; agus iarrann sí ar FSS an toirmeasc ar

social activist, suffragette and revolutionary, who transformed health care services to women and children and the poor in tenement Dublin. We recognise her pioneering role in the eradication of TB.

This Ard Fheis calls for the new National Children's Hospital to be named the 'The Kathleen Lynn National Children's Hospital'.

***O'Malley/McEvelly Cumann, Mayo
Charlie McGlade Cumann, Dublin***

215. This Ard Fheis calls on the Department of Health, Social Services and Public Safety and the Executive to make the new regional women and children's hospital a priority.

West Belfast Comhairle Ceantair

216. This Ard Fheis commends all community-led campaigns to retain hospital services. This Ard Fheis supports the calls to reinstate A&E, acute medical and intensive care services in Louth County Hospital. In order for these services to be reinstated in an orderly and sustainable manner, this Ard Fheis calls on the HSE and Department for Health and Children to provide a 24/7 MIU service in Louth County Hospital, supported by a Medical Assessment Unit. These services will build capacity and support staff and management to plan the reinstatement of A&E, acute medical and intensive care services.

Rogers/Martin Cumann, Louth

217. This Ard Fheis calls on Minister for Health James Reilly to honour his pledge made on behalf of Fine Gael prior to the last general election that in the event of Fine Gael assuming government cancer care services would be returned to Sligo Regional Hospital.

Noble Six/O'Flanagan/MacManus Cumann, Sligo

218. This Ard Fheis calls on the Fine Gael/Labour Government to provide Galway Hospice with the necessary shortfall in funding so as to ensure the future retention of this vital service.

Mulvoy/Campbell Cumann, Galway City

219. This Ard Fheis opposes the downgrading of Mayo General Hospital and the Sacred Heart Home Hospital in Castlebar and the closure of beds in Belmullet Hospital as well as cuts to primary care services and calls on Minister for Health James Reilly and An Taoiseach Enda Kenny to reinstate services and to guarantee the future of Mayo General and the Sacred Heart Hospitals in Castlebar and the reopening of the beds in Belmullet Hospital.

***O'Malley/McEvelly Cumann, Mayo
Erris Cumann, Mayo***

220. This Ard Fheis supports the people in Donegal in their call for the retention and protection of the community hospitals across the county.

Donegal Comhairle Ceantair

221. Given the increase of patients at Portuncla Hospital and as a result of the downscaling of services at Roscommon General Hospital by the Fine Gael/Labour Government, and because of the moratorium on recruitment, this Ard Fheis recognises the crucial role played by the staff at Portunicala Hospital in Ballinasloe and commits to the campaign to have proper resources and staffing levels in place to allow the hospital to operate as an efficient Grade 3 hospital

Noel McCann Cumann, Galway

222. This Ard Fheis notes the construction of a state-of-the-art community nursing unit in Inchicore, Dublin, completed almost two years ago at a cost of €12.4million which has never been opened.

It condemns the failure of Minister for Health James Reilly and the Health Service Executive to provide sufficient resources to properly staff the unit, calls on the HSE to lift the

earcaíocht foirne a chur i leataobh, agus gan comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach a úsáid leis an tionscadal a chur i gcrích in ionad soláthar poiblí seirbhísí.

Cumann Eiméid/Uí Chléirigh, Baile Átha Cliath

Mí-Úsáid Drugaí agus Alcóil

223. Creideann an Ard-Fheis seo go raibh samhail réaduchtach d'oides liachta timpeall ar hearóin chomh mór sin i mbeartas drugaí Éireannach le 30 bliain anuas. Theip ar an tsamhail seo go mór aghaidh a thabhairt ar chúiseanna, chuimsiú sóisialta agus iomláine na mí-úsáide drugaí ar aon dóigh bhríoch.

Iarrann an Ard-Fheis seo go dtarlaíonn na nithe seo a leanas:

- Go gceaptar Aire Sóisearach ag a bhfuil freagracht aonair as alcól agus drugaí
- Go n-aithnítear gurb ionann úsáid ildrugaí agus ceann amháin dár bhfadhbanna is mó (drugaí, alcól agus drugaí ar oideas)
- Go dtugtar tacaíocht don Ghluaiseacht Téarnaimh in Éirinn agus go ndéantar í a chur chun cinn, rud a sholáthraíonn fíis le haghaidh athraithe agus cuimsiú sóisialta dóibh siúd a thréigtear ó ghlúin go glúin i seirbhísí cóireála leighis
- Go méadaítear roghanna atá saor ó dhrugaí faoi dhó sna trí bliana romhainn le haghaidh leapacha díthocsainithe, cláir lae saor ó dhrugaí agus leapacha cóireála cónaithe
- Go socraítear spriocanna faoi choinne dul chun cinn ó sheirbhísí cóireála agus athshlánaithe agus cúnamh deontais agus go n-íoctar seirbhísí acmhainne bunaithe ar thorthaí
- Go n-admhaítear gur theip ar gach straitéis drugaí go millteanach gníomhaíochtaí a beartaíodh le 20 bliain anuas a bhaint amach
- Go dtugtar acmhainní don Gharda Síochána agus go dtugtar aghaidh mar chúrsa tosaíochta ar an gciapadh agus ar an imeaglú arna dhéanamh ag dronganna coirpeach ar úsáideoirí drugaí
- Go gcomhoibrítear ar straitéisí drugaí agus alcóil ar bhonn uile-oileáin, go háirithe feadh na Conaire Thoir

Cumann Phádraig Uí Chanáin, Baile Átha Cliath

224. Cuireann an Ard-Fheis seo imní shuntasach in iúl faoin mí-úsáid drugaí dleathacha agus neamhdhleathacha araon i gCathair Luimnigh. Tá fadhb mhór drugaí sa chathair, go háirithe san úsáid mhéadaithe hearóine agus beinsidhé-asaipíní. Sa chomhthéacs seo, tá díomá orainn go dteipeann ar an tuarascáil a d'fhoilsigh an Rialtas le déanaí "Report on the Review of Drugs Task Forces and the National Structures under which they Operate" a mholadh gur cheart tascfhórsa áitiúil tiomanta drugaí a bhunú do Chathair Luimnigh. Mar gheall ar dhéine na faidhbe drugaí sa chathair, iarrann an Ard-Fheis seo ar an rialtas an beartas seo a leasú agus Tascfhórsa Áitiúil Tiomanta Drugaí a bhfuil acmhainní iomchuí aige a chur ar fáil i gCathair Luimnigh mar chúrsa tosaíochta.

Cumann Mhíic Fhlannchaidh/Uí Cheallacháin, Cathair Luimnigh

225. Iarrann an Ard-Fheis seo cur chuige Uile-Éireann um Chóireáil Alcóil agus Drugaí ar fud oileán na hÉireann. Beidh sé mar aidhm ag an gcur chuige seo:

- Rochtain ar chóireáil ó Thuaidh agus ó Dheas a éascú
- Beartais a shioncronú
- Acmhainní a chomhroinnt
- Seirbhís níos leithne a chur ar fáil dóibh siúd feadh Chonair na Teorann.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

226. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Sláinte agus ar Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann athbhreithniú a dhéanamh ar an bPrótacal Meatadóin / ar an bPrótacal Cóireála Ópóidí agus ar a éifeachtacht i gCeantair Thuaithe, trí bhreathnú ar leith a dhéanamh ar ghlacadh íseal oiliúint Leibhéal 1 agus ar ghannsoláthar Dochtúirí Ginearálta Leibhéal 2. Ní mór cúiseanna leis seo a imscrúdú agus díriú á dhéanamh ar réitigh a aimsiú.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

embargo on the recruitment of staff, and to refrain from using a public private partnership to complete the project in preference to public provision of services.

Emmet/Clarke Cumann, Dublin

Drugs and Alcohol Misuse

223. This Ard Fheis believes that Irish drug policy over the last 30 years has been dominated extensively by a reductionist medical prescription model around heroin, failing in any meaningful way to address the causes, social inclusion and totality of drug use in any meaningful way.

This Ard Fheis calls for the following to occur:

- The appointment of a Junior Minister with sole responsibility for alcohol and drugs;
- The recognition that poly drug use (drugs, alcohol and prescription drugs) is now our major problem;
- The promotion and support of the Recovery Movement in Ireland providing a vision for change and social inclusion for those abandoned generationally in medical treatment services;
- Double drug-free options in the next three years for detox beds, drug-free daytime programmes and residential treatment beds;
- Set targets for progression out of treatment and rehabilitation services and pay grant aid and resource services based on outcomes;
- Acknowledge all drug strategies have failed dismally to achieve actions set over the last 20 years;
- Resource the gardaí and address as a priority the harassment and intimidation of drug users by criminal gangs;
- Co-operate on an all-island basis around drug and alcohol strategies especially along the eastern corridor.

Patrick Cannon Cumann, Dublin

224. This Ard Fheis expresses growing concern on the misuse of both legal and illegal drugs in Limerick City.

There is a major drugs problem in the city, especially in the increased use of both heroin and benzodiazepines. In this context we are disappointed that the recently-produced Government report 'Report on the Review of Drugs Task Forces and the National Structures Under Which They Operate' which fails to recommend the establishment of a dedicated Local Drugs Task Force for Limerick City.

Due to the severity of the drugs problem in the city, this Ard Fheis calls on the Government to amend this policy and to provide a well-resourced Local Drugs Task Force in Limerick City as a priority.

Clancy/O'Callaghan Cumann, Limerick City

225. This Ard Fheis call for an all-Ireland approach to alcohol and drug treatment with the aim to:

- Ease access for treatment North and South;
- Synchronise policies;
- Share resources;
- Develop wider service provision for those along the Border Corridor.

Donegal Comhairle Ceantair

226. This Ard Fheis calls for Minister for Health along with the ICGP to review the Methadone Protocol /Opioid Treatment Protocol and its effectiveness in rural areas, specifically looking at the low uptake of Level 1 training and the sparse provision of Level 2 GPs. Reasons for this need to be examined with solutions in focus.

Donegal Comhairle Ceantair

227. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an bpáirtí tús a chur le staidéar ar reachtaíocht ar fud an AE maidir le dlíthe a bhaineann leis an dóigh a gcaitear leo siúd, agus an dóigh a gcoinnítear iad siúd, atá spleách ar alcól, iad siúd atá ag fulaingt alcólachas céime deiridh agus iad siúd a bhfuil diagnóis toimhdean de Ghortú Inchinne a Bhaineann le hAlcól orthu. Agus breithniú á dhéanamh nach ndéantar mí-úsáid alcóil a chóireáil a thuilleadh faoin Acht Meabhair-Shláinte in Éirinn nó faoin Mental Health Act i dTuaisceart Éireann agus nach bhfuil aon chreat reachtaíochta eile chun an cohórt seo othar a chóireáil. Faoi láthair, tá ag teip ar an gcóras, tá cuid mhór teaghlach ag fulaingt agus tá teorainn le soláthraithe cóireála toisc nach bhfuil aon dlí i bhfeidhm.

Comhairle Ceantair Dhún na nGall

228. Cuireann an Ard-Fheis seo in iúl go dtacaímid le Feachtas All Trials atá ag iarraidh Dlíthe Eorpacha a cheanglaíonn go dtuairiscítear gach toradh ar thrialacha cliniciúla. Bainfidh othair, taighdeoirí, cógaiseoirí, dochtúirí agus rialtóirí i ngach áit leas as foilsiú torthaí ar thrialacha cliniciúla. Níor thuiriscigh na mílte trial chliniciúil a gcuid torthaí agus níor cláraíodh roinnt trialacha fiú. Tagann droch-chinntí cóireála, deiseanna cailte le haghaidh leigheas maith agus athdhéanamh trialacha as an easpa follasachta i dtrialacha cliniciúla.

Cumann Markievicz/Uí Riain, Baile Átha Cliath

229. Iarrann an Ard-Fheis seo go n-aithneofar cosc galair trí aiste bia, trí chothú agus trí stíl bheatha:

- Go ndéanfar an cur chuige seo a chur in iúl trí na meáin, trí chláir oideachais agus trí ranganna tuismitheoireachta in iar-bhunscoileanna chun glúine amach anseo a chosaint ar dhrochshláinte ineachanta.
- Go leithdháilfear maoiniú chun tacú le taighde sa réimse seo.
- Go rialófar an tionscal bia chun cur chun cinn bia agus deochanna ar mhórán siúcra a shríanadh.
- Go gcoinneofar páirtithe a bhfuil leasanna dílsithe acu as grúpaí comhairleacha leis an rialtas.

Cumann Phort Láirge Thiar

230. Iarrann an Ard-Fheis seo go ndéanann gach Údarás Áitiúil cigireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht áiteanna súgartha do leanaí faoi mhíchumas agus go leithdháileann siad acmhainní iomchuí chun a chinntiú go mbeidh rochtain iomlán ar gach áit súgartha agus trealamh.

Cumann Iorrais, Maigh Eo

231. Iarrann an Ard-Fheis seo ar gach údarás áitiúil an gearrscannán 'Welcome to Our World' a thaispeáint d'ionadaithe comhairle agus d'oifigigh chomhairle. Taispeánann an scannán na streachailtí laethúla os comhair úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus scrúdaíonn sé an bhfuil go leor á dhéanamh chun inrochtaineacht a chinntiú in áiteanna ar nós foirgnimh phoiblí nó nach bhfuil. Iarrann sí ar gach údarás áitiúil polasaithe agus bonneagar iomchuí mhíchumais a fhorbairt agus a chur chun feidhme go hiomlán chun freastal ar riachtanais na saoránach ina leith seo.

Cumann Mhairéid Uí Fhearghail, Cathair na Gaillimhe

232. Aithníonn an Ard-Fheis seo na buntáistí sláinte a thagann as an úsáid a bhaintear as gléas ArtAssist agus iarrann sí ar an Aire Sláinte, James Reilly, maoiniú a athbhunú láithreach do na hothair sin i nGaillimh agus i Maigh Eo a dteastaíonn an teiripe seo a shábhálann géaga, atá éifeachtúil ó thaobh costais de agus atá neamhionrach uathu.

Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar

Fiosrúcháin

233. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Admhaíonn sí príosúnacht neamhdhleathach na mban agus na gcailíní i Neachtlanna Magdalene;
- Admhaíonn sí freisin gur cuireadh iallach ar na mná agus na cailíní obair gan phá i gcoinníollacha a bhí fóirghéar;

227. This Ard Fheis calls on the party to initiate a study on legislation across the EU on laws relating to the treatment and detention of those who are alcohol dependent, end-stage alcoholism and those with a presumptive diagnosis of alcohol-related brain injury (ARBI) as alcohol misuse is no longer treated under the Mental Health Act in Ireland or the Mental Health Act NI and there is no other legislative framework for the treatment of this cohort of patients. The system is failing and many families are suffering and treatment providers are limited as there is no law in place.

Donegal Comhairle Ceantair

228. This Ard Fheis expresses our support for the All Trials Campaign which is calling for European laws requiring that all clinical trial results are reported. Patients, researchers, pharmacists, doctors and regulators everywhere will benefit from publication of clinical trial results. Thousands of clinical trials have not reported their results and some trials have not even been registered. The lack of transparency in clinical trials leads to bad treatment decisions, missed opportunities for good medicine and trials being repeated.

Markievicz/Ryan Cumann, Dublin

229. This Ard Fheis calls for recognition of disease prevention through diet, nutrition and lifestyle:

- This approach to be communicated via media, education programs and parenting classes in post primary schools, to protect future generations from avoidable ill-health;
- Funding to be allocated to support research in this area;
- Regulation of the food industry to restrict promotion of high-sugar foods and drinks;
- Parties with vested interests to be excluded from any advisory groups to the Government.

West Waterford Cumann

230. This Ard Fheis requests that all local authorities carry out inspections to assess accessibility of playgrounds for children with disabilities and allocate adequate resources to ensure that all playgrounds and equipment are fully accessible.

Erris Cumann, Mayo

231. This Ard Fheis calls on all local authorities to show the short film 'Welcome to Our World' to council representatives and officials. The film depicts the daily struggles for wheelchair users and examines if enough is being done to ensure accessibility in places such as public buildings. That each local authority be called upon to implement develop and fully implement appropriate disability policies and infrastructure to service the needs of citizens in this regard.

Mairéad Farrell Cumann, Galway City

232. This Ard Fheis recognises the significant health benefits that accrue from use of the Artassist device and calls on Minister for Health James Reilly to immediately restore funding to those patients in Galway and Mayo who require this limb-saving, cost-effective, non-invasive therapy.

Galway West Comhairle Ceantair

Inquiries

233. This Ard Fheis:

- Acknowledges the illegal incarceration of women and girls in the Magdalene Laundries;
- Further acknowledges that the women and girls were forced to work for no pay in brutally harsh conditions;

- Aithníonn sí an dochar agus an cruatan a chruthaigh eisiamh mharthanóirí Neachtlanna Magdalene ón Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe;
- Aithníonn sí freisin go bhfuil pobal mharthanóirí Neachtlanna Magdalene ag aosú agus scothaosta den chuid is mó;
- Fáiltíonn sí roimh thoradh an Choiste Idir-Rannaigh go raibh an Stát ceangailte go bunúsach le Neachtlanna Magdalene;
- Fáiltíonn sí freisin roimh leithscéal an Taoisigh a d'admhaigh go hoscailte agus go hiomlán gur theip ar an stát na mná agus na cailíní go léir a coimeádadh sna forais sin a chosaint;
- Éilíonn sí freisin scéim shásaimh neamhsháraíochta atá oscailte, cuntasach agus follasach a bhunú ar bhonn rachtúil ag a bhfuil próiseas achomhairc do na mná marthanacha. Ní mór na mná a chúiteamh as tuarastal a cailleadh agus ní mór soláthar a dhéanamh dá dteidlíochtaí iomlána pinsin agus dá riachtanais láithreacha sláinte agus tithíochta.

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Cumann Mhic Fhlannchaidh/Uí Cheallacháin, Cathair Luimnigh
Cumann Phort Láirge Thiar
Cumann Chathail Mhig Léid, Baile Átha Cliath**

234. Athdheimhníonn an Ard-Fheis seo a tacaíocht d'éilimh na marthanóirí simfiseatóime go n-aithneoidh an Rialtas gur gníomh barbarach a bhí sa chleachtas seo agus go bhfaighidh na mná lena mbaineann fírinne, cothromas agus sásamh iomlán agus iarrann sí ar an Rialtas athuir Reacht na dTréimhsí a chur ar fionraí don chohórt ban seo agus ligean do na híospartaigh, a roghnaíonn amhlaidh a dhéanamh, dul sna cúirteanna lena gcás.

**Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Comhairle Ceantair Mhuineacháin**

235. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Rialtas sásamh iomlán agus iomchuí a chur ar fáil gan mhoill d'íospartaigh go léir an iar-chomhairligh Michael Neary nár cuireadh san áireamh mar gheall ar aois sa scéim bhunaidh um shásamh i gcomhréir le tiomantais réamh-thoghcháin agus Chlár an Rialtais.

Comhairle Ceantair Mhuineacháin

236. Tacaíonn an Ard-Fheis seo leis na haidhmeanna atá ag an Committee for the Forgotten;
- i. Go gcuirtear na hiarsmaí daonna go léir a aimsíonn an stát ar bhunachar sonraí náisiúnta
 - ii. Go gcaitheann an stát an méid airgid is gá chun tástáil DNA a dhéanamh ar na hiarsmaí a aimsítear
 - iii. Go scaoiltear na hiarsmaí leis na clanna lena mbaineann a luaithe is féidir
 - iv. Go scaoiltear na hiarsmaí, i gcás nach meaitseáiltear le clann iad, le carthanas ábhartha le gur féidir sochraid mhaorga a thabhairt dóibh.

Cumann Chathail Bhrugha/Chaoimhín Uí Loingsigh, Port Láirge

- Recognises the hurt and hardship caused by the exclusion of survivors of the Magdalene Laundries from the Residential Institutional Redress Scheme;
- Further recognises the Magdalene survivor population is predominantly ageing and elderly;
- Welcomes the finding of the inter-departmental committee that the state was fundamentally connected to the Magdalene Laundries;
- Further welcomes An Taoiseach's apology that openly and fully acknowledged the failure of the state to protect all women and girls held in these institutions;
- Further demands an open, accountable, transparent, non-adversarial redress scheme on a statutory footing with an appeals process for the surviving women - the women must also be compensated for lost wages, their full pension entitlements, immediate health and housing needs must be provided for.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Clancy/O'Callaghan Cumann, Limerick City
West Waterford Cumann
Charlie McGlade Cumann, Dublin***

234. This Ard Fheis reaffirms our support for the demands of the survivors of symphysiotomy for full Irish Government recognition of this practice for the barbaric act that it was and for full truth, justice and redress for all the women involved and again calls on the Government to suspend the statute of limitations for this cohort of women to allow the victims to take a legal route with their case.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae
Monaghan Comhairle Ceantair***

235. This Ard Fheis calls on the Fine Gael/Labour Government to provide full and adequate redress for all those victims of former consultant Michael Neary who were excluded because of their age from the original redress scheme in line with pre-election and Programme for Government commitments and without further delay.

Monaghan Comhairle Ceantair

236. This Ard Fheis supports the aims of the Committee of the Forgotten:

- i. All human remains found by the state are put on a national database;
- ii. That the state spares no expense in DNA testing the remains found;
- iii. That the remains are released to the relevant families as soon as possible;
- iv. That in the case of remains not being matched to a family, that the remains are released to a relevant charity in order that they be given a dignified funeral.

Cathal Brugha/Kevin Lynch Cumann, Waterford

Gaeilge agus Cultúr

Gaeilge

237. Aithníonn an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Nach bhfuil an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 á cur chun feidhme mar is ceart
- Go bhfuil ionsaithe leanúnacha á ndéanamh ag an Rialtas ó Dheas ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, lena n-áirítear ar na forais éigeantacha amhail Oifig an Choimisinéara Teanga agus an COGG
- Obair dhíograiseach an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ar Straitéis d'fhorbairt na Gaeilge ó Thuaidh.
- Gur tiomantas gan chomhlíonadh ó Chomhaontú Chill Rìmhinn é Acht na Gaeilge a chruthú ó Thuaidh

Comhaontaíonn an Ard-Fheis seo:

- Nach mór an Ghaeilge agus pobal na Gaeltachta a aithint mar pháirtithe leasmhara i gcur chun feidhme na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge
- Go gcaithfear an dá straitéis a oiriúnú chun straitéis Uile-Éireann Ghaeilge a sholáthar

Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Iarrann sí ar an Rialtas ó Dheas struchtúr ardleibhéil a chur le chéile, lena n-áirítear ionadaíocht ó na heagraíochtaí pobail, ón Roinn, ón COGG, ó Údarás, ó Fhoras agus ó shaineolaithe teanga, a bheadh freagrach as treoir a thabhairt don Rialtas maidir le cur chun feidhme na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-30.
- Iarrann sí ar Shinn Féin struchtúr ardleibhéil a iarraidh ó Thuaidh a bhfuil struchtúr agus ionadaíocht cosúil leis an gceann ó Dheas aige agus a bheadh freagrach as treoir a thabhairt don Choiste Feidhmiúchán maidir le pleanáil agus straitéis teanga
- Agus breithniú á dhéanamh ar rath an Fheachtais 'Líofa 2015', iarrann sí idirphlé athnuaithe le páirtithe aontachtacha ar chearta Gaeilge, lena n-áirítear Acht na Gaeilge a chruthú.
- Comhaontaíonn an Ard-Fheis seo plean gníomhaíochta uile-oileáin Gaeilge agus Gaeltachta atá bunaithe go daingean ar bheartas teanga an pháirtí agus:
- Déanfar é a chur ar aghaidh i gcomhairle le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta,
- A dhéanfaidh forbairt ar mholtaí an Staidéir Chuimsithigh ar Úsáid na Gaeilge sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, agus ar an straitéis don Ghaeilge sna sé chontae, agus ar mholtaí na hearnála féin.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

238. Cáineann an Ard-Fheis seo dearcadh an Rialtais ó Dheas i dtreo na Gaeilge. Go háirithe, cáineann an Ard-Fheis seo an cinneadh a rinneadh ar Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman, agus an deireadh a cuireadh le toghcháin ar Údarás na Gaeltachta.

Aithníonn an Ard-Fheis seo:

- Nach bhfuil an straitéis 20 bliain don Ghaeilge á cur i bhfeidhm ar an dóigh cheart.
- An obair shármhaith a rinne an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, leis an bhfeachtas 'Líofa' agus an tacaíocht a thugann sí don Ghaeilge i gcoitinne.

Fógraíonn an Ard-Fheis seo

- Go gcuirimid go daingean i gcoinne thogra Fhine Gael nár cheart an Ghaeilge a theagasc mar phríomhábhar don Ardteistiméireacht

Gaeilge and Culture

Gaeilge

237. This Ard Fheis recognises:

- That the '20-Year Strategy for the Irish Language 2010-30' is not being properly implemented;
- That there are continuing attacks by the Government in the South on the Irish language and the Gaeltacht, including on essential institutions such as on Oifig an Choimisinéara Teanga and COGG;
- The hard work of Minister of Culture Arts and Leisure Carál Ní Chuilín on a strategy for the development of Irish in the North;
- That the creation of an Irish Language Act in the North is an outstanding commitment from the St Andrews Agreement.

This Ard Fheis agrees:

- That it is necessary to recognise the Irish language and the Gaeltacht community as stakeholders in the implementation of the '20-Year Strategy for the Irish Language';
- There will be the need to adapt the two strategies to bring about an all-Ireland Irish-language strategy.

This Ard Fheis call for:

- The Government in the South to put together a high-level structure, including representation from the community organisations, the department, COGG, Údarás, Fóras and language experts, which would be responsible for giving direction to the Government regarding the of implementation in the '20-Year Strategy for the Irish Language 2010-30';
- Sinn Féin to seek a high-level structure in the North, with similar structure and representation, which would be responsible for giving direction to the Executive for language planning and strategy;
- in light of the success of the Liofa 2015 campaign, calls for a renewed dialogue with unionist parties on Irish language rights, including the creation of an Irish Language Act;
- An all-island Irish-language and Gaeltacht action plan rooted in the language policy of the party that will be brought forward in consultation with the Irish-language and the Gaeltacht community and which will build on the recommendations of the 'Comprehensive Study on the Use of Irish in the 20-Year Strategy for the Irish Language', and the strategy for the Irish language in the Six Counties, and the recommendations of the sector itself.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae

238. This Ard Fheis condemns the attitude of the Government in the South towards the Irish language, particularly the decision to amalgamate the Office of the Language Commissioner with the Office of the Ombudsman, and the elimination of elections to the Údarás na Gaeltachta.

This Ard Fheis recognises:

- That the '20-year Strategy for the Irish Language' is not being applied as it should;
- The excellent work undertaken by Minister for Culture, Arts and Leisure Carál Ní Chuilín with the Liofa campaign and her support for the Irish language in general.

This Ard Fheis declares:

- That we are diametrically opposed to Fine Gael's proposal that Irish not be taught as a core subject for the Leaving Certificate;

- Gur cheart do Rialtas na hÉireann 'Líofa' a ghlacadh mar fheachtas uile-Éireann
- Gur gá don Rialtas ó Dheas an Straitéis 20 Bliain a chur chun feidhme lom láithreach, agus gur gá maoiniú a chur ar fáil ina leith

Coiste Náisiúnta Óige

239. Molann an Ard-Fheis seo na hiarrachtaí a rinne an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, chun a chinntiú gur féidir le gach cuid den phobal an Ghaeilge a rochtain tríd an bhFeachtas 'Líofa 2015'.

Comhairle Ceantair Chathair Dhoire

240. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire Comhshaoil Phil Hogan ordú a thabhairt do gach údarás áitiúil beartas comharthaíochta ar son na Gaeilge, cosúil leis an gceann sin i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus i gComhairle Contae na Gaillimhe i measc údaráis eile, a ghlacadh le go dtabharfar ainmneacha Gaeilge ar shráidainmneacha agus ar eastáit tithíochta amach anseo.

Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar

Comóradh

241. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Iarrann sí ar Rialtas na hÉireann an tábhacht speisialta a bhaineann le láthair chatha 1916 Shráid an Mhúraigh i measc mhuintir na hÉireann a aithint agus a chinntiú go ndéanfar an limistéar a chaomhnú agus a chosaint ina iomláine.
- Molann sí obair Fheachtas Shráid an Mhúraigh agus tiomnaíonn sí ionadaithe Shinn Féin san Oireachtas, sa Tionól agus i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do leanúint de thacaíocht a thabhairt don fheachtas.
- Éilíonn sí go ngníomhaíonn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gnóthaí Gaeltachta Jimmy Deenihan gan mhoill chun caomhnú iomlán an tSéadchomhartha Náisiúnta a chinntiú faoi mar atá sainithe.
- Molann sí don Aire dul i mbun idirphlé leis na páirtithe leasmhara go léir sa cheantar, agus leis na gníomhaireachtaí stáit agus leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha lena mbaineann mar chúrsa práinne.

Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Aire an t-idirphlé seo a úsáid mar bhonn ar a gceapfar plean nua maidir leis an gCeathrú Stairiúil 1916/leis an Láthair Chatha 1916 a fhorbairt le go mbeidh sí réidh le haghaidh Chomóradh Céad Bhliain Éirí Amach na Cásca, 1916.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

242. Fáiltíonn an Ard-Fheis seo roimh phleananna a bhaineann le músaem a thógáil ar láthair Dhún Risteamain in Inse Chór, Baile Átha Cliath - mar ar triaileadh ceannairí Éirí Amach na Cásca, 1916, sular tugadh chun báis iad i bPríosún Chill Mhaighneann - agus tugann sí spreagadh don Rialtas a chinntiú go gcuirfear clásal saothair áitiúil san áireamh i gconradh tógála na háise nua seo.

Cumann Eiméid/Uí Chléirigh, Baile Átha Cliath

243. Agus aithint á déanamh ar an tábhacht a bhaineann le 2016 agus le hullmhú na gCeiliúrtha Comórthaí, déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Cuireann sí i gcoinne iarrachtaí ar 1916 agus an Chéad Chogadh Domhanda a nascadh mar chomóradh amháin.
- Molann sí gur cheart scoláireachtaí 1916 a athbhunú.
- Iarrann sí ar gach Údarás Áitiúil rúin a chur isteach a chiallóidh go nglanfar séadchomharthaí comórtha agus go n-athainmneofar foirgnimh phoiblí agus sráideanna le hurraim do laochra poblachtacha nár moladh.

Agus aithníonn sí na nithe seo a leanas:

- an tábhacht a bhaineann leis na himeachtaí polaitiúla tábhachtacha inár stair a chomóradh sna deich mbliana romhainn a shonraíonn an tréimhse 1913-1923/2013-2023.
- go sonraíonn 2013 comóradh céad bliain ar leith Fhrithdhúnadh 1913; Bhunú Arm Cathartha na hÉireann; chruinniú bunaidh Óglaigh na hÉireann.
- Bunú Choiste Náisiúnta Comórthaí Céad Bliain Shinn Féin arna dhéanamh ag an

- The Irish Government should adopt Líofo as an all-Ireland campaign;
- That it is essential for the Government in South to begin to implement the '20-Year Strategy' immediately and that the funding be provided for this.

Coiste Náisiúnta Óige

239. This Ard Fheis commends the efforts of the Minister for Culture, Arts and Leisure Carál Ní Chuilín to ensure that the Irish language is accessible to all sections of the community through the Líofo 2015 campaign.

Derry City Comhairle Ceantair

240. This Ard Fheis calls on Minister for the Environment Phil Hogan to direct all local authorities to adopt a pro-Irish signage policy, such as that in Galway City and county councils amongst others, so that street names and housing estates be given Irish-language names in future.

Galway West Comhairle Ceantair

Commemorative

241. This Ard Fheis :

- Calls on the Irish Government to recognise the special importance to the Irish nation of the 1916 Moore Street battlefield site and to ensure that the area is preserved and protected in its entirety;
- Commends the work of the Moore Street campaign and commits the Sinn Féin representatives in the Oireachtas, the Assembly and Dublin City Council to continue to support the campaign;
- Demands that Minister for Arts, Heritage, and Gaeltacht Affairs Jimmy Deenihan acts without further delay to ensure the full preservation of the National Monument as designated;
- Urges the Heritage Minister to enter as a matter of urgency into dialogue with all the stakeholders in the area and any of the relevant state agencies and NGOs.

This Ard Fheis calls on the Heritage Minister to use this dialogue as a basis on which to formulate a new plan for the development of the Historic 1916 Quarter/Battlefield Site in time for the centenary of the 1916 Rising.

Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae

242. This Ard Fheis welcomes plans to build a museum at the site of Richmond Barracks in Inchicore, Dublin - where the leaders of the Easter 1916 Rising were tried before being taken to be executed in Kilmainham Jail - and encourages the Government to ensure the contract for construction of this new facility includes a local labour clause.

Emmet/Clarke Cumann, Dublin

243. In recognising the significance of 2016 and the build-up to centenary celebrations, this Ard Fheis:

- Opposes efforts to link 1916 and the First World War as one commemoration;
- Proposes the reintroduction of the 1916 scholarships.
- Calls on all local authorities to submit motions that see commemorative monuments cleaned and civic buildings and streets renamed after republican unsung heroes.

Recognises:

- The importance of commemorating the pivotal political events in our history over the next decade marking the period 1913-1923/2013-2023;
- That 2013 marks the particular centenaries of the 1913 Lockout, the founding of the Irish Citizen Army, and the founding meeting of the Irish Volunteers;
- The establishment of the Sinn Féin National Centenary Commemorations

Ard-Chomhairle agus an bunú coistí lonnaithe go háitiúil ag dul ar aghaidh i 2013.

- An rath a bhí ar imeachtaí Chomóradh Céad Bliain Fhrithdhúnadh 1913 a cuireadh ar siúl le déanaí i mBaile Átha Cliath agus i Nua-Eabhrac arna reáchtáil ag Sinn Féin agus ag Cairde Shinn Féin SAM agus seoladh ár leabhair a dhéanann an Frithdhúnadh a chomóradh freisin.
- Foilsíú Bhille Lá na Poblachta, 2013, arna dhéanamh ag ár bhfoireann san Oireachtas, Bille a bhunódh lá saoire náisiúnta ar an 24 Aibreán, arb ionann é agus comóradh lae léamh Fhorógra na Poblachta ag Pádraig Mac Piarais ag Ard-Oifig an Phoist i 1916.
- Na hiarrachtaí leanúnacha ar thacaíocht a thabhairt do na gaolta 1916 agus don fheachtas ar son láthair chatha Ard-Oifig an Phoist/Shráid an Mhúraigh a chaomhnú mar cheathrú stairiúil agus chultúrtha a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi.
- An deis thábhachtach a thairgeann na deich mbliana seo le hoideachas a chur ar fáil do ghníomhaithe, do thacaithe agus don phobal níos leithne faoi bharrshamlacha agus smaointe an Phoblachtachais Éireannaigh mar a mbeidh 2016 ar an lámhír dár gclár imeachtaí comórtha a shonraíonn Éirí Amach na Cásca, 1916.
- An deis shuntasach sna deich mbliana seo de chomórthaí céad bliain do Shinn Féin dul chun cinn a dhéanamh ar fhor-rochtain agus ar theagmháil le gach earnáil den tsochaí agus na himeachtaí stairiúla seo á gcomóradh agus á dtuiscint, lena n-áirítear eagraíochtaí áitiúla spóirt, cumainn staire, grúpaí cultúrtha, earnáil na mban, earnáil an ógra, grúpaí teanga, aontachas agus gach earnáil eile ar fud an oileáin anois agus sna deich mbliana romhainn.

***Comhairle Ceantair na Gaillimhe Thiar
Cumann Uí Laoghóg/Uí Mhearthaile, Baile Átha Cliath
Cumann Tom Kealy, Cill Dara***

244. Iarrann an Ard-Fheis seo ar an Rialtas a chinntiú go gcuirfear an t-ionad léirithe le hurraim do Phádraig Mac Piarais i Ros Muc, Co. na Gaillimhe, i gcrích le go mbeidh sé réidh do cheiliúrtha Chomóradh Céad Bliain 1916 agus go gcuirfear an maoiniú riachtanach ar fáil d'OOP agus d'Údarás na Gaeltachta agus do pháirtithe leasmhara eile lena mbaineann dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal gan mhoill.

Cumann Mháirtín Uí Chadhain, Gaillimh

Áiseanna Spóirt agus Pobail

245. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Molann sí dornálaithe mná agus fir ar an oileán seo as an obair dhian agus as an disciplín a chuireadar isteach ina dtraenáil agus aithníonn sí na sárachtaí a bhaineadar amach;
- Molann sí an t-am, an tiomantas agus an fuinneamh a chuir cóitseálaithe agus traenáilaithe isteach sa spórt;
- Aithníonn sí an tábhacht a bhíonn ag dornálaíocht i bpobail, beag beann ar chine, ar chreideamh nó ar chúlra eitneach; agus an pháirt a imríonn pobail áitiúla i dtacaíocht a thabhairt dá gclubanna áitiúla dornálaíochta;
- Molann sí obair an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, i gcur chun cinn an spóirt agus i straitéis dornálaíochta a tharraingt anuas; agus iarrann sí ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, obair leis an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, chun Straitéis Dornálaíochta Uile-Éireann a tharraingt aníos.

Cúige na Sé Chontae

246. Spreagann an Ard-Fheis seo Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Sacair na hÉireann tús a chur leis an bpróiseas chun foireann idirnáisiúnta amháin don oileán iomlán agus struchtúr sraithchomórtais do shraithchomórtas 32 contae a chruthú agus iarrtar iarratais ó na clubanna go léir an sraithchomórtas seo a fhorbairt.

Cumann Shéamais Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath

Committee by the Ard Chomhairle and the formation of locally-based committees going forward in 2013;

- The success of the recent 1913 Lockout Centenary events held in both Dublin and New York organised by both Sinn Féin and Friends of Sinn Féin USA and the launch of our Lockout commemoration book also;
- The publication of Lá Na Poblachta Bill 2013 by our Oireachtas team which would establish a national holiday on April 24, the anniversary of the reading of the Proclamation by Pádraig Pearse at the GPO in 1916;
- The ongoing efforts to support the 1916 relatives and the campaign to preserve the GPO/Moore Street battlefield site as a historical and cultural quarter of national significance;
- The important opportunity this decade offers to educate activists and supporters and the wider public on the ideals and ideas of Irish republicanism of which 2016 will be the centrepiece of our commemorative events programme marking the 1916 Easter Rising;
- The significant opportunity during this decade of centenary commemorations for Sinn Féin to advance outreach and engagement with all sectors of society in commemorating and understanding these historical events, including local sporting organisations, historical societies, cultural groups, women's sector, youth sector, language groups, unionism and all others across the island now and over the decade.

***Galway West Comhairle Ceantair
Logue/Marley Cumann, Dublin
Tom Kealy Cumann, Kildare***

244. This Ard Fheis calls on the Irish Government to ensure that the interpretative centre in honour of Pádraig Mac Piarais in Ros Muc, Co Galway, be completed in time for the 1916 centenary celebrations and that the funding necessary be made available to the OPW and Údarás na Gaeltachta and other relevant stakeholders to move the project forward without delay.

Máirtín Ó Cadhain Cumann, Galway

Sports and Community Facilities

245. This Ard Fheis commends:

- Female and male boxers on this island for the hard work and discipline they have put into training and recognises the outstanding achievements they have made;
- The time, commitment and energy coaches and trainers put into the sport;
- Recognises the importance boxing has on communities, regardless of race, religion or ethnic background;
- The contribution made by local communities in supporting their local boxing clubs;
- The work of the Culture Arts and Leisure Minister Carál Ní Chuilín in the promotion of the sport and for bringing forward a boxing strategy.

This Ard Fheis:

- Calls on Minister for Transport, Tourism and Sport Leo Varadkar to work with the Culture Arts Leisure Minister Carál Ní Chuilín in bringing forward an All-Ireland Boxing Strategy.

Six-County Cúige

246. This Ard Fheis urges the Football Association of Ireland and the Irish Football Association to start the process for forming one International team for the whole island and a league structure for a 32-county league, inviting applications from all clubs to develop this league.

James Connolly Cumann, Dublin

247. Cuireann an Ard-Fheis seo i gcoinne aon iarrachta a dhéanann RTÉ ar chlúdach cluichí Rugbaí Idirnáisiúnta a chosc ar Freeview i dTuaisceart na hÉireann ó 2014 go 2017.

Cumann Uí Aodha/Uí Raghallaigh, Corcaigh

248. Tugann an Ard-Fheis seo dá haire an gá le háiseanna ógra i gCaisleán an Bharraigh agus ar fud na tíre. Cuirimid i gcoinne dhúnadh an Lárionaid Eolais don Ógra i gCaisleán an Bharraigh agus iarraidimid ar rialtas Fhine Gael/Pháirtí an Lucht Oibre acmhainní a chur ar fáil d'áis ógra sa bhaile agus ar fud an stáit.

Cumann Uí Mháille/Mhic an Mhíligh, Maigh Eo

Turasóireacht

249. Tiomnaíonn an Ard-Fheis seo an páirtí d'obair chun cur chuige uile-Éireann maidir leis an rialáil garbhascaireachta agus géimiascaireachta a bhaint amach chun turasóireacht a chur chun cinn.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Cumann Uí Thuamáin/Uí Bheirne/Mhic Corra, an Bhanna Uachtair***

250. Déanann an Ard-Fheis seo na nithe seo a leanas:

- Aithníonn sí tábhacht na turasóireachta i dtéarnamh eacnamaíoch oileán na hÉireann, agus ról an Tionscail Turasóireachta sa soláthar fostaíochta agus ioncaim.
- Iarrann sí ar na ranna riaracháin ó Thuaidh agus ó Dheas Gníomhaireacht Turasóireachta uile-Éireann a bhunú gan mhoill leis an aidhm ráite cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le turasóireacht agus leis an oileán ar fad a chur chun cinn mar cheann scríbe saoire do thomhaltóirí intíre, an Bhreatain agus Eorpacha.

Cumann Uí Aodha/Uí Raghallaigh, Corcaigh

251. Agus aithint á déanamh aige ar na buarthaí atá ag cónaitheoirí agus úinéirí talún tadhlaigh, is mian leis an Ard-Fheis seo an gá le spás poiblí a chosaint in Éirinn a athdheimhniú. Iarraidimid ar ár n-ionadaithe cur chun cinn a dhéanamh ar an spéis seo in Éirinn a choinneáil ar oscailt le haghaidh caitheamh aimsire agus turasóireachta feadh sean-iarnród, bruacha abhann, canálacha agus coillearnach, rudaí a bhreithnítear mar chearta slí traidisiúnta.

Cumann an Chaisleáin Nua, Luimneach

252. Molann an Ard-Fheis seo gur cheart an stráice idir Clár Chlainne Mhuiris agus Cúil Mhuine de Bhealach Iarnróid an Iarthair a thiontú lena úsáid mar raon rothaíochta/siúil mar shamhail den Ghlasbhealach i gCo. Mhaigh Eo.

Cumann Uí Chadhain/Mhic an tSábhaisigh, Sligeach

247. This Ard Fheis opposes any attempt by RTÉ to block out coverage of international rugby games on Freeview in the North of Ireland from 2014 to 2017.

Hughes/O'Reilly Cumann, Cork

248. This Ard Fheis notes the need for youth facilities in Castlebar and throughout the country. We oppose the closure of the Youth Information Centre in Castlebar and call on the Fine Gael/Labour government to provide resources for a youth facility in the town and throughout the state.

O'Malley/McEvilly Cumann, Mayo

Tourism

249. This Ard Fheis commits the party to work to achieve an all-Ireland approach to the regulation of course and game angling to promote tourism.

***Grúpa Parlaiminteach na 26 Contae agus Grúpa Parlaiminteach na 6 Chontae
Toman/Burns/McKerr Cumann, Upper Bann***

250. This Ard Fheis:

- Recognises the importance of tourism to the economic recovery of the island of Ireland and the role of the tourist industry in the provision of employment and revenue;
- Calls on the administrations North and South to set up without further delay an all-Ireland tourist agency with the expressed aim of developing an integrated approach to tourism and to promoting the entire island of as a holiday destination to domestic, British and mainland Europe consumers.

Hughes/O'Reilly Cumann, Cork

251. While recognising the concerns of adjoining residents and landowners, this Ard Fheis affirms the need to defend public space in Ireland. We call on our representatives to promote this interest in keeping Ireland open for recreation and tourism along old railways, river banks, canals, and woodlands which are considered traditional rights of way.

Cumann Chaisleán Nua, Limerick

252. This Ard Fheis recommends the conversion of the Claremorris to Collooney section of the Western Rail Corridor for use as a cycle/walking track modelled on The Greenway in Co Mayo.

Coen/Savage Cumann, Sligo

CRUINNITHE BREISE

Ag Aisghabháil Ár nAcmhainní Nádurtha

CAINTEOIRÍ
Risteard Ó Domhnaill
Stiúrthóir & buaiteoir Gradaim
as a scannán 'The Pipe'

Martin Ferris TD

Michael Colreavy TD

**Satharn 13ú, 5in – 6in,
Seomra Humbert**

Mná ag Athrú na Cruinne

CAINTEOIRÍ
Frances Finnegan
Údar an leabhair 'Do Penance or Perish,
Magdalene Asylums in Ireland''

Mary Lou McDonald TD

**Satharn 13ú, 1in - 2in,
Seomra Ruby**

An Streachailt chun Sráid an Mhúraigh a Shábháil, Séadchomhartha Náisiúnta

CAINTEOIRÍ
Gaolta le Ceannairí Éirí Amach 1916

Sandra McLellan TD

**Sathairn 13ú, 5in – 6in,
Seomra Ruby**

Sléacht Bhaile Uí Mhurchú

CAINTEOIRÍ
Gaolta íospartach Sléachta
Bhaile Uí Mhurchú

**Satharn 13ú, 1in – 2in,
Seomra Boird**

FRINGE MEETINGS

Reclaiming Our Natural Resources

SPEAKERS
Risteard Ó Domhnaill
Director of award-winning
film 'The Pipe'

Martin Ferris TD

Michael Colreavy TD

**Saturday 13th, 5pm – 6pm,
Humbert Room**

Women Changing the World

SPEAKERS
Frances Finnegan
Author of 'Do Penance or Perish,
Magdalene Asylums in Ireland'

Mary Lou McDonald TD

**Saturday 13th, 1pm – 2pm,
Ruby Room**

The Fight to Save Moore Street, A National Monument

SPEAKERS
Relatives of 1916 Leaders

Sandra McLellan TD

**Saturday 13th, 5pm – 6pm,
Ruby Room**

Ballymurphy Massacre

SPEAKERS
Relatives of victims of
Ballymurphy Massacre

**Saturday 13th, 1pm – 2pm,
Board Room**



Democratic Programme

We declare in the words of the Irish Republican Proclamation the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies to be indefeasible, and in the language of our first President. Pádraig Mac Piarais, we declare that the Nation's sovereignty extends not only to all men and women of the Nation, but to all its material possessions, the Nation's soil and all its resources, all the wealth and all the wealth-producing processes within the Nation, and with him we reaffirm that all right to private property must be subordinated to the public right and welfare.

We declare that we desire our country to be ruled in accordance with the principles of Liberty, Equality, and Justice for all, which alone can secure permanence of Government in the willing adhesion of the people.

We affirm the duty of every man and woman to give allegiance and service to the commonwealth, and declare it is the duty of the Nation to assure that every citizen shall have opportunity to spend his or her strength and faculties in the service of the people. In return for willing service, we, in the name of the Republic, declare the right of every citizen to an adequate share of the produce of the Nation's labour.

It shall be the first duty of the Government of the Republic to make provision for the physical, mental and spiritual well-being of the children, to secure that no child shall suffer hunger or cold from lack of food, clothing, or shelter, but that all shall be provided with the means and facilities requisite for their proper education and training as Citizens of a Free and Gaelic Ireland.

The Irish Republic fully realises the necessity of abolishing the present odious, degrading and foreign Poor Law System, substituting therefor a sympathetic native scheme for the care of the Nation's aged and infirm, who shall not be regarded as a burden, but rather entitled to the Nation's gratitude and consideration. Likewise it shall be the duty of the Republic to take such measures as will safeguard the health of the people and ensure the physical as well as the moral well-being of the Nation.

It shall be our duty to promote the development of the Nation's resources, to increase the productivity of its soil, to exploit its mineral deposits, peat bogs, and fisheries, its waterways and harbours, in the interests and for the benefit of the Irish people.

It shall be the duty of the Republic to adopt all measures necessary for the recreation and invigoration of our Industries, and to ensure their being developed on the most beneficial and progressive co-operative and industrial lines. With the adoption of an extensive Irish Consular Service, trade with foreign Nations shall be revived on terms of mutual advantage and goodwill, and while undertaking the organisation of the Nation's trade, import and export, it shall be the duty of the Republic to prevent the shipment from Ireland of food and other necessaries until the wants of the Irish people are fully satisfied and the future provided for.

It shall also devolve upon the National Government to seek co-operation of the Governments of other countries in determining a standard of Social and Industrial Legislation with a view to a general and lasting improvement in the conditions under which the working classes live and labour.



Bí le Shinn Féin / Join Sinn Féin

Bí le Téacs / Join by Text:

Seol an focal SINN FEIN ansin d'ainm agus seoladh chuig /
Text the word SINN FEIN followed by your name and address to:
51444 (26 Chondae / 26 Counties) 60060 (6 Chondae / 6 Counties)

Ar Líne / Join online:

www.sinnfein.ie/join-sinn-fein

Sinn Féin

44 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1, Éire.
Tel: (353) 1 872 6100/872 6932
Fax: (353) 1 889 2566
Email: admin@sinnfein.ie

Sinn Féin

53 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste, BT 12PD, Éire.
Tel: 028 90 347350
Fax: 028 90 347386
Email: admin@sinnfein.ie

Sinn Féin

44 Parnell Square,
Dublin 1, Ireland.
Tel: (353) 1 872 6100/872 6932
Fax: (353) 1 889 2566
Email: admin@sinnfein.ie

Sinn Féin

53 Falls Road,
Belfast, BT 12PD, Ireland.
Tel: 028 90 347350
Fax: 028 90 347386
Email: admin@sinnfein.ie

www.sinnfein.ie